
# COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE
# GALWAY COUNTY COUNCIL













# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016

# ANNUAL REPORT 2016

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**Comhairle Chontae na Gaillimhe**
**Áras an Chontae**
**Cnoc na Radharc**
**Gaillimh**

**Fón: (091) 509 000**
**Facs: (091) 509 010**
**Idirlíon: www.gaillimh.ie**

**Galway County Council**
**County Hall**
**Prospect Hill**
**Galway**

**Tel: (091) 509 000**
**Fax: (091) 509 010**
**Web: www.galway.ie**

# CLÁR


| | |
|---|---|
| RÁITEAS MISIN | 04 |
| TEACHTAIREACHT ÓN gCATHAOIRLEACH | 05 |
| TEACHTAIREACHT ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH EATRAMHACH | 06 |
| CEANTAIR BHARDASACHA CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE | 08 |
| COMHALTAÍ TOFA DE RÉIR CEANTAIR BHARDASACHA | 09 |
| FAISNÉIS GHINEARÁLTA | 14 |
| AN RIALACHAS I gCOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE | 18 |
| TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN MAIDIR LE PLEAN CORPARÁIDEACH CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 2015 – 2019 | 21 |
| SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA AGUS TITHÍOCHT | 23 |
| SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL, UISCE AGUS ÉIGEANDÁLA | 86 |
| PLEANÁIL, POBAL, FIONTRAÍOCHT & FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA | 109 |
| BÓITHRE & IOMPAIR, SEIRBHÍSÍ MUIRÍ AGUS SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA | 138 |
| AN ROINN ACMHAINNÍ DAONNA | 157 |
| AN ROINN TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE | 161 |
| TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA | 164 |

FAISNÉIS UASDÁTAITHE 2016 FAOIN bPLEAN BLIANTÚIL SOLÁTHAIR SEIRBHÍSÍ 180

TUARASCÁLACHA Ó CHOISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH 217

TUARASCÁLACHA Ó NA CEANTAIR BHARDASACHA 224

DAOINE ATÁ AINMNITHE AG AN gCOMHAIRLE CHUIG COISTÍ
AGUS COMHLACHTAÍ EILE 230

COMHDHÁLACHA AR FHREASTAIL NA COMHALTAÍ TOFA ORTHU 235

SEISIÚIN OILIÚNA AR FHREASTAIL NA COMHALTAÍ TOFA ORTHU 236

COSTAIS NA gCOMHALTAÍ TOFA 238

PRÍOMHOIFIGIGH NA COMHAIRLE 242

OIFIGÍ NA COMHAIRLE CONTAE 245

FAISNÉIS UASDÁTAITHE FAOIN SCÉIM RANNÍOCAÍOCHTA FORBARTHA 248


RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL 2016 249

**Nóta Tábhachtach:** Tá cóipeanna den Tuarascáil Bhliantúil ar fáil i bhformáidí malartacha ach teagmháil a dhéanamh le: An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh
Teil: 091- 509000 nó ríomhphost: general@galwaycoco.ie

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# RÁITEAS MISIN

| **Ceannaireacht shibhialta agus ionadaíocht dhaonlathach éifeachtach a sholáthar, agus a bheith chun tosaigh ag an am céanna i bhforbairt phobail, chultúir, shóisialta agus eacnamaíoch inbhuanaithe agus seirbhísí atá comhordaithe, éifeachtach agus ar a bhfuil luach ard a sheachadadh, agus iad dírithe ar lán-acmhainneacht Contae na Gaillimhe a bhaint amach.** |
|---|




**PRÍOMHLUACHANNA**

***Daonlathach***

***Cuidiúil***

***Forásach***

***Cuntasach***

***Luach ar Airgead***

| **Fís do Chomhairle Chontae na Gaillimhe**<br><br>**Beidh Comhairle Chontae na Gaillimhe mar údarás áitiúil le cumas straitéiseach, rialachas maith, ceannaireacht shibhialta éifeachtach le foireann thiomanta i mbun oibre go héifeachtach lena cuid comhpháirtithe.** |
|---|

## TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH CHONTAE NA GAILLIMHE



I mo cháil mar Chathaoirleach Chontae na Gaillimhe, is cúis mhór áthais dom é an Tuarascáil Bhliantúil seo a thíolacadh thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ar tuarascáil í ina ndéantar taifead ar an dul chun cinn maidir leis na seirbhísí a soláthraíodh sa bhliain 2016.

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe i measc na soláthróirí seirbhíse poiblí is mó dá bhfuil ann sa Chontae agus tá freagracht agus oibleagáid orainn seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí go léir.

Inár gcáil mar údarás áitiúil, bímid ag féachaint i gcónaí le feabhas a chur ar an mbonneagar eacnamaíochta, sóisialta, cultúir agus fisiciúil ar fur an Chontae trí raon seirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí tithíochta, bóithre, uisce, pleanála, leabharlainne, dóiteáin, mótarchánach agus tréidliachta.

Tugadh urraim do níos mó ná 300 duine as grúpaí Pobail agus Deonacha ar fud Chontae na Gaillimhe le linn Shearmanas Bliantúil Ghradaim Phobail an Chathaoirligh a seoladh Dé Céadaoin an 28 Samhain in Óstán Shearwater, Béal Átha na Sluaighe. Ba bhuaicphointe dom an oíche sin mar go ndéantar gníomhaíochtaí pobail agus deonacha ar fud an chontae a aithint agus a cheiliúradh lena linn. Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a bhí bainteach leis agus aitheantas a thabhairt do na gníomhaithe pobail áitiúil go léir as a ndíograis maidir lena bpobail áitiúla a fheabhsú.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach Eatramhach, leis an Lucht Feidhmiúcháin agus leis an bhfoireann as an obair iontach a dhéanann siad ar bhonn laethúil chun an Contae seo a fhorbairt. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an iar-Chomhairleoir Peter Roche a ghníomhaigh mar Chathaoirleach do na chéad sé mhí den bhliain 2016 agus le mo chomhghleacaithe sa Chomhairle freisin as an tacaíocht agus as an gcomhoibriú a fuair mé uathu le linn mo thréimhse mar Chathaoirleach.

Is onóir mhór dom an tréimhse atá caite agam mar Cathaoirleach ar an gContae breá seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chuir in iúl as ucht an comhoibriú iontach a fuair mé ó fheidhmeannaigh na Comhairle, na Comhairleoirí eile agus pobal na Gaillimhe fré chéile. Cé go bhfuil dúshláin mhór romhainn táim cinnte go bhfuil ar chumas an Chontae seo tarraingt le chéile agus oibriú i dtreo todhchaí thairbheach dúinn ar fad.

______________________________

*An Comhairleoir Michael Connolly*

*Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe*

**TEACHTAIREACHT ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH EATRAMHACH**



I mo cháil mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach, cuirim fáilte roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2016 ina dtugtar tuairisc ar obair luachmhar na Comhairle i rith na bliana agus ar chuid den iliomad nithe a baineadh amach i rith na bliana.

I rith na bliana 2016, chuir aonaid éagsúla raon imeachtaí agus tionscnamh i gcrích faoi Straitéis Chuimhneacháin na Gaillimhe i leith Dheich mBliana na gCuimhneachán 2013 – 2023. Mar thoradh ar níos mó ná 150 tionscadal sa bhliain 2016, a bhí bunaithe ar na téamaí ábhartha, is é sin le rá, Cuimhneamh, Athmhuintearas, Cur i Láthair, Samhlú agus Ceiliúradh, agus inar áiríodh an Searmanas Stáit agus imeachtaí gaolmhara a seoladh Luan Cásca, an 28 Márta 2016, bhí deis ag ár gcuid pobal agus ag an diaspóra chun páirt ghníomhach a ghlacadh sna cuimhneacháin.

Mar gheall ar an mbáisteach throm agus ar na tuilte a bhí ann sa bhliain 2015, ba thréimhse dheacair í tús na bliana 2016 do na pobail dá bhfónann an Chomhairle agus is mian liom aitheantas a thabhairt don obair mhór a rinne cuid mhór daoine dár bhfoireann le linn déileáil chomh héifeachtach sin leis an tréimhse thrámach sin. Le linn na cuairte a thug an tUachtarán, Micheál D. Ó hUigínn, ar shráidbhaile tuilithe an Lábáin ar an 4 Eanáir, thug sé ómós don líon as cuimse oibrithe deonacha áitiúla agus soláthróirí seirbhíse a choinnigh an t-uisce siar i nDeisceart Chontae na Gaillimhe agus mhol sé dlúthpháirtíocht agus diongbháilteacht na bpobal a bhí i gceist. Rinne na tuilte sin damáiste forleathan don bhonneagar bóithre agus tar éis na n-oibríochtaí tosaigh glantacháin agus na n-oibreacha éigeandála, rinne an Chomhairle méid mór oibreacha deisithe damáiste stoirme ar na bóithre in ionaid éagsúla agus bhí scóip an chláir oibreacha sin inchomórtais le clár breise oibreacha bóthair a chur i gcrích.

Leanadh den obair a bhaineann le bonneagar atá riachtanach d'fhorbairt an Chontae amach anseo a chur ar fáil. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le críochnú an M17/M18 atá le hoscailt ag deireadh na bliana 2017. I gcomhar le Fáilte Éireann agus leis an Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt, rinne an Chomhairle dul chun cinn maidir le forbairt dhá Ghlasbhealach: An Clochán go hUachtar Ard agus Uachtar Ard go Cathair na Gaillimhe, agus tógadh 3km de Ghlasbhealach an Chlocháin go hUachtar Ard agus tá 6km eile le tógáil sa bhliain 2017.

Ghlac na Comhaltaí Tofa Scéim uasdátaithe Rannaíochta Forbartha i Márta 2016 chun fás eacnamaíochta a chur chun cinn. Laghdaigh na Comhaltaí an méid a bhí á thobhach ar aonaid chónaithe de 50% ar feadh tréimhse bliana ó Mhárta 2016 go Márta 2017 agus de 25% don tréimhse bliana ina dhiaidh sin.

Baineadh cuid mhór rudaí dearfacha amach le bliain anuas lena n-áirítear an Comóradh Céad Bliain, an t-ainmniúchán, in éineacht lenár gcomhpháirtithe, mar Réigiún Gastranamaíochta na


hEorpa 2018 agus mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020, mar aon leis an dul chun cinn dearfach a rinneadh i gcuid mhór réimsí dár gcuid oibre. Trí shaothar ár bhfoirne agus ár gComhaltaí, oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe go dlúth lenár bpobail áitiúla agus le Gaillimh 2020 chun clár láidir bríomhar a chinntiú faoin dá ainmniúchán sin ar fud na réimsí uile den chontae.

Dá ainneoin sin, ba bhliain dhúshlánach í i dtaca le hacmhainní airgeadais agus acmhainní daonna de agus i dtaca le seirbhísí a choimeád ag a leibhéal reatha, agus bhí athbhreithnithe córas agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar an t-ioncam atá dlite don Chomhairle a úsáid ar an mbealach is fearr agus is féidir.

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe dá cur chuige i ndáil le tacú le pobail áitiúla trí roinnt tionscnamh agus deontas éagsúil agus tríd an tacaíocht a thugann sí don Líonra Rannpháirtíochta Áitiúil.

Tá mionsonraí le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil seo faoin iliomad seirbhísí ilchineálacha a chuir an Chomhairle ar fáil sa bhliain 2016. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann ar fad as an méid atá bainte amach acu agus as an obair atá déanta acu, go háirithe ag féachaint do na hacmhainní laghdaithe atá ar fáil. Sa tuarascáil bhliantúil freisin, tugtar mionsonraí faoin dul chun cinn atá déanta ag an gComhairle maidir le tosaíochtaí straitéiseacha, cuspóirí agus straitéisí Phlean Corparáideach 2015-2019 a chur i gcrích i gcomhréir leis an tuarascáil ar dhul chun cinn atá ann i dTuarascáil Bhuiséadach na Comhairle 2017.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Michael Connolly, leis an iar-Chathaoirleach, an Comhairleoir Peter Roche, agus leis na Comhaltaí Tofa go léir as a n-ionchur comhpháirteach, agus as a dtacaíocht, maidir le déileáil leis na dúshláin a bhí ann sa bhliain 2016.




*Kevin Kelly*

*Príomhfheidhmeannach (Eatramhach)*

# TOGHLIMISTÉIR/CEANTAIR BHARDASACHA CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

De réir Ionstraim Reachtúil I.R. Uimh. 50/2014 – An tOrdú um Thoghlimistéir Áitiúla agus Ceantair Bhardasacha Chontae na Gaillimhe 2014, "Beidh Ceantair Bhardasacha ag Contae na Gaillimhe chun críocha alt 22A (a cuireadh isteach leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 (Uimh. 1 de 2014)) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Uimh. 37 de 2001)". Is é is éifeacht don Ordú ná leasú a dhéanamh ar roinnt Chontae na Gaillimhe ina thoghlimistéir áitiúla, an líon chomhaltaí de Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá le toghadh do gach limistéar den sórt sin a shocrú agus na Ceantair Bhardasacha do Chontae na Gaillimhe a chinneadh mar a leanas:


## Léarscáil na dToghlimistéar/gCeantar Bardasach




# Comhaltaí Tofa

Sna leathanaigh sin ina dhiaidh seo, liostaítear Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe do gach Toghlimistéar/Ceantar Bardasach ar leith.

## CEANTAR BARDASACH BHAILE ÁTHA AN RÍ-ÓRÁN MÓR
**Toghlimistéar Bhaile Átha an Rí-Órán Mór (7 Comhaltaí)**

| | | | |
|---|---|---|---|
|  1. An Comhairleoir James Charity |  2. An Comhairleoir Gabriel Cronnelly |  3. An Comhairleoir Jim Cuddy |  4. An Comhairleoir Peter Feeney |

| | | |
|---|---|---|
|  5. An Comhairleoir Frank Kearney |  6. An Comhairleoir Martina Kinane |  7. An Comhairleoir Malachy Noone |

| **Na Comhairleoirí** | **Teileafón** | **FónPóca** |
|---|---|---|
| 1. An Comhairleoir James Charity, Tonegurrane, Cor an Dola, Co. na Gaillimhe | | 087 2191792 |
| 2. An Comhairleoir Gabriel Cronnelly, Cluain Caoin, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | | 087 2066810 |
| 3. An Comhairleoir Jim Cuddy, an Laighdeacán, an Carn Mór, Órán Mór, Co. na Gaillimhe | 091 798136 | 087 6360242 |
| 4. An Comhairleoir Peter Feeney, Baile Dháith, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | 091 844735 | 087 6812403 |
| 5. An Comhairleoir Frank Kearney, Beechmount House, Leacach, An Turlach Mór Co. na Gaillimhe | 091 797167 | 085 1266133 (facs freisin) |
| 6. An Comhairleoir Martina Kinane, An Sráidbhaile Thuaidh, Droichead an Chláirín, Co. na Gaillimhe | | 087 2692102 |
| 7. An Comhairleoir Malachy Noone, an Cruisín, Baile Chláir, Co. na Gaillimhe | 091 798297 | 087 1333711 |

# CEANTAR BARDASACH BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

## Toghlimistéar Bhéal Átha na Sluaighe (6 Comhaltaí)


1. An Comhairleoir Tim Broderick


2. An Comhairleoir Donal Burke


3. An Comhairleoir Dermot Connolly


4. An Comhairleoir Michael Connolly


5. An Comhairleoir Aidan Donohue


6. An Comhairleoir Michael Finnerty

| **Na Comhairleoirí** | **Teileafón** | **Fón Póca** |
|---|---|---|
| 1. An Comhairleoir Tim Broderick, Corr an Aonaigh, Cill Chonaill, Béal Átha na Sluaighe Co. na Gaillimhe | 090 9686896 | 087 2728058 |
| 2. An Comhairleoir Donal Burke, Cnoc an Teampaill, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | | 087 2330131 |
| 3. An Comhairleoir Dermot Connolly, Gleann na bhFeadóg, Eachroim, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 090 9642986 | 086 0886160 |
| 4. An Comhairleoir Michael Connolly, Maigh Locha Mhór, Maigh Locha, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 090 9679465 | 087 6829049 |
| 5. An Comhairleoir Aidan Donohue, An Gort Fada, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 090 9675615 | 087 2693105 |
| 6. An Comhairleoir Michael Connolly, Tobar Grealláin, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 090 9643010 | 087 6133676 |

## CEANTAR BARDASACH CHONAMARA

**Toghlimistéar Chonamara (9 Comhaltaí)**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
|  1. An Comhairleoir Niamh Byrne |  2. Seosamh Ó Cualáin |  3. Tomás Ó Curraoin |  4. An Comhairleoir Tom Healy |  5. An Comhairleoir Eileen Mannion |

| | | | |
|---|---|---|---|
|  6. An Comhairleoir Noel Thomas |  7. An Comhairleoir Seán Ó Tuairisg |  8. An Comhairleoir Séamus Walsh |  9. An Comhairleoir Thomas Welby |

| **Na Comhairleoirí** | **Teileafón** | **Fón Póca** |
|---|---|---|
| 1. An Comhairleoir Niamh Byrne, An Clár, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe | | 087 9250568 |
| 2. An Comhairleoir Seosamh Ó Cualáin, Gleann Treasna, Ros Muc, Co. na Gaillimhe | | 087 6279220 |
| 3. An Comhairleoir Tomás Ó Curraoin, Na Fothraí Maola Thiar, Bearna, Co. na Gaillimhe | | 087 2933782 |
| 4. An Comhairleoir Tom Healy, Railway View, An Clochán, Co. na Gaillimhe | | 083 4493319 |
| 5. An Comhairleoir Eileen Mannion, Bóthar na hEascrach, An Clochán. Co. na Gaillimhe | | 087 9555645 |
| 6. An Comhairleoir Noel Thomas, Gort an Chalaidh, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe | | 087 7372147 |
| 7. An Comhairleoir Seán Ó Tuairisg, Aille Thiar, Indreabhán, Co. na Gaillimhe | 091 593084 | 086 3864179 |
| 8. An Comhairleoir Séamus Walsh, Glann, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe | 091 552726 | 087 0519884 |
| 9. An Comhairleoir Thomas Welby, An Chreig, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe | 091 552748 | 087 2855676 |

**<u>CEANTAR BARDASACH BHAILE LOCHA RIACH</u>**
**Toghlimistéar Bhaile Locha Riach (8 Comhaltaí)**



| | | | | |
|---|---|---|---|---|
|  1. An Comhairleoir Joe Byrne |  2. An Comhairleoir Shane Donnellan |  3. An Comhairleoir Michael Fahy |  4. An Comhairleoir Gerry Finnerty |  5. An Comhairleoir Pat Hynes |
|  6. An Comhairleoir Michael “Moegie” Maher |  7. An Comhairleoir Jimmy Mc Clearn |  8. An Comhairleoir Ivan Canning* | | |

| Na Comhairleoirí | Teileafón | Fón Póca |
|---|---|---|
| 1. An Comhairleoir Joe Byrne, Highfield House, Cluain na Saoi, Cinn Mhara, Co. na Gaillimhe | 091-638130 | 087 2625775 |
| 2. An Comhairleoir Shane Donnellan, 32 Ti na Rí, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe | | 087 1202404 |
| 3. An Comhairleoir Michael Fahy, An Chathair Dhubh, Ard Raithin, Co. na Gaillimhe | 091- 635177 | 087 2456000 |
| 4. An Comhairleoir Gerry Finnerty, Baile Uí Mhurchú, an Gort, Co. na Gaillimhe | 091-632167 / 091 -633291 | 087 2674295 |
| 5. An Comhairleoir Pat Hynes, Bóthair an Ghoirt, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe | 091-842399 | 087 2404404 |
| 6. An Comhairleoir Michael “Moegie” Maher, Clostoken, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe | 091-842968 | 086 8109185 |
| 7. An Comhairleoir Jimmy Mc Clearn, Bóthar Thíne, Cill Íomair, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 090-9676235 / 090 -9676963 | 087 2548723 |
| *8. An Comhairleoir An Leithcheathrú, Gort an Iomaire, Port Omna, Co. na Gaillimhe | | 087 1376666 |

*Comhthoghadh an Comhairleoir Ivan Canning do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus do Cheantar Bardasach Bhaile Locha Riach ar an 16 Márta 2016 chun folúntas a líonadh a tharla de bharr thoghadh Anne Rabbitte do Dháil Éireann.

## CEANTAR BARDASACH THUAMA

### Toghlimistéar Thuama (9 Comhaltaí)

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
|  1. An Comhairleoir Peter Roche |  2. An Comhairleoir Sean Cunniffe |  3. An Comhairleoir Des Joyce |  4. An Comhairleoir Mary Hoade |  5. An Comhairleoir Peter Keaveney |

| | | | |
|---|---|---|---|
|  6. An Comhairleoir Donagh Mark Killilea |  7. An Comhairleoir Karey Mc Hugh |  8. An Comhairleoir Tom Mc Hugh |  9. An Comhairleoir Billy Connelly |

| Na Comhairleoirí | Teileafón | Fón Póca |
|---|---|---|
| 1. An Comhairleoir Peter Roche, an Mhaighean, Co. na Gaillimhe | 093 49187 | 087 8251470 |
| Mainistir Chnoc Muaidhe, Tuaim, | | |
| 2. An Comhairleoir Shaun Cunniffe, Bóthar Bhéal Átha Ghadaí, Tuaim, Co. na Gaillimhe | | 087 8161663 |
| 3. An Comhairleoir Des Joyce, an Currach, Baile Liam, Co. na Gaillimhe | | 087 4186208 |
| 4. An Comhairleoir Mary Hoade, an Phríomhshráid, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe | 091 789854 | 087 2255979 |
| 5. An Comhairleoir Peter Keaveney, Baile na Sceiche, Gleann na Madadh, Co. na Gaillimhe | 094 9659388 | 087 2533098 |
| 6. An Comhairleoir Donagh Mark Killilea, 19 19 Clochran, Cill Chlocháin, Tuaim, Co. na Gaillimhe | | 086 6079563 |
| 7. An Comhairleoir Karey Mc Hugh, Cúil Fobhair, Béal Átha Glúinín, Tuaim, Co. na Gaillimhe | | 087 2822225 |
| 8. An Comhairleoir Tom Mc Hugh, Cill Chlocháin, Tuaim, Co. na Gaillimhe | 093 28486 | 086 2574192 |
| *9. An Comhairleoir an Bheitheach Mhór, Cathair Loistreáin, Co. na Gaillimhe | | 087 9075856 |

*Comhthoghadh an Comhairleoir Billy Connelly do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus do Cheantar Bardasach Bhaile Locha Riach ar an 16 Márta 2016 chun folúntas a líonadh a tharla de bharr thoghadh Seán Canney do Dháil Éireann.

# FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as limistéar riaracháin Chontae na Gaillimhe, gan Cathair na Gaillimhe a áireamh. Tá an Chomhairle freagrach as bóithre a phleanáil, a dhearadh agus a thógáil, as saoráidí siltin, as tithíocht, as stáisiúin dóiteáin, as leabharlanna agus as reiligí. Is é Comhairle Chontae na Gaillimhe a thugann aire don chomhshaol agus déantar iarracht feabhas a chur ar an gcontae mar aon lena charachtar agus atmaisféar uathúil a chosaint trí bheartais pleanála agus comhshaoil. Tá ról gníomhach aici freisin maidir le gnóthaí tionscail, eacnamaíochta, gnó, sóisialta, ealaíon, oidhreachta agus cultúir an chontae a fhorbairt.

De réir chóras rialtais áitiúil na hÉireann, a chuimsíonn ionadaíocht dhaonlathach agus riarachán poiblí, tá **ról ionadaíoch** agus **ról oibríochtúil** ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ina cáil mar údarás áitiúil.

Tugtar **“feidhmeanna forchoimeádta”** ar na feidhmeanna a chomhlíonann na Comhaltaí tofa. Leis na feidhmeanna sin, leagtar síos an creat beartais faoina bhfeidhmíonn an Príomhfheidhmeannach.

Áirítear na nithe seo a leanas i measc na bhfeidhmeanna sin:

- an Buiséad bliantúil a ghlacadh;
- an Plean Forbartha Contae a dhéanamh nó a athrú;
- an Scéim Leithroinnte maidir le tithíocht shóisialta a ghlacadh;
- fodhlíthe a dhéanamh, a leasú agus a chúlghairm;
- ceadú i gcomhair airgead a fháil ar iasacht;
- dearbhú a dhéanamh á rá gur bóithre poiblí iad bóithre áirithe.

Déanann an Chomhairle a cuid cinntí trí rúin a ritear ag a cuid cruinnithe.

Déanann an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann **ról oibríochtúil** Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chomhlíonadh. Tá siad freagrach as riaradh na Comhairle Contae ó lá go lá. Déanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna ar a dtugtar na **“feidhmeanna feidhmiúcháin”** a chomhlíonadh agus déantar cinntí an Phríomhfheidhmeannaigh trí “Ordú Príomhfheidhmeannaigh” i scríbhinn.

Áirítear na nithe seo a leanas i measc na bhfeidhmeanna sin:

- tithe a leithroinnt
- ceadanna pleanála a dheonú nó a dhiúltú
- comhaltaí foirne a cheapadh etc.

Ní mór don Phríomhfheidhmeannach, agus cinntí á ndéanamh aige/aici, gníomhú ar shlí a thagann leis an mbeartas a bhunaigh na comhaltaí tofa agus, ag an am céanna, tugann sé/sí comhairle do na comhaltaí maidir le comhlíonadh a bhfeidhmeanna forchoimeádta.

## STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN ÚDARÁIS ÁITIÚLA NA GAILLIMHE

De réir an Achta Rialtais Áitiúil 2001, agus an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, is bunfheidhm de chuid an údaráis áitiúil é fóram a sholáthar le haghaidh ionadaíocht dhaonlathach sa phobal áitiúil agus ceannaireacht chathartha a sholáthar don phobal. De bhreis air sin, tá an t-údarás áitiúil freagrach as raon seirbhísí a sholáthar, as feidhmeanna rialála agus forfheidhmiúcháin agus as forbairt a dhéanamh ar réimsí tábhachtacha lena n-áirítear gnóthaí eacnamaíochta, gnó, oidhreachta agus cultúir.

Leis an Acht Athchóiriúcháin, trínar bunaíodh na Ceantair Bhardasacha agus trínar díscaoileadh na Comhairlí Baile, rinneadh Coistí Áitiúla Forbartha Pobail (CÁFP), atá le bunú mar choistí de chuid an údaráis áitiúil i ngach limistéar rialtais áitiúil, a thabhairt isteach freisin. Rinneadh foráil leis an reachtaíocht maidir leis na Boird Forbartha Contae a scor agus maidir leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí a thabhairt isteach.

**An Chomhairle**

Is iad na naoi gComhairleoir thofa is tríocha as na Ceantair Bhardasacha, i gcomhpháirt lena chéile, a leagann síos an creat i gcomhair an bheartais ar faoi a oibríonn an Fhoireann Feidhmiúcháin. Déanann Grúpa Beartais Chorparáidigh, agus cúig Choiste um Beartais Straitéiseacha, beartas a cheapadh agus a chomhaontú. Cuimsíonn na Coistí um Beartais Straitéiseacha comhairleoirí tofa agus ionadaithe deonacha/earnála a dhéanann an beartas thar raon feidhmeanna de chuid na Comhairle a athbhreithniú agus a cheapadh. Oibríonn an Fhoireann Feidhmiúcháin i gcáil feidhmiúcháin faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh.

**Na Ceantair Bhardasacha**

Tá cúig Cheantar Bhardasacha ann i gContae na Gaillimhe, is é sin, ceann amháin i ngach Toghlimistéar ar leith agus is iad na hionadaithe tofa ón Toghlimistéar lena mbaineann a fhónann dóibh. Tá na Ceantair Bhardasacha ceaptha chun feabhas a chur ar rialachas daonlathach, ar an gcoimhdeacht agus ar an gcuntasacht. Ina theannta sin, tá na socruithe seo beartaithe chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus ar luach ar airgead, agus tá feidhmeannacht agus struchtúr oibríochtúil aonair uile-chontae ann ina leith. Eintitis chinnteoireachta, seachas struchtúir chorparáideacha, is ea iad na Ceantair Bhardasacha.

**An Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC)**

Cuimsíonn an Grúpa Beartais Chorparáidigh Cathaoirleach na Comhairle Contae agus Cathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha, agus faigheann sé tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach. Oibríonn an GBC leis na CBS-anna éagsúla agus soláthraíonn sé fóram inar féidir cinntí beartais a bhfuil éifeacht acu ar an gComhairle iomlán a chomhaontú lena gcur faoi bhráid na Comhairle ina hiomláine. Tugann an GBC comhairle agus cabhair don Chomhairle agus soláthraíonn sé ionchur maidir le hábhair is díol spéise don phobal i gcoitinne. Tá ról aige freisin maidir le faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán an údaráis áitiúil.

Bhí 5 chruinniú den GBC ann sa bhliain 2016.

**An Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS)**

Soláthraíonn struchtúr an CBS creat d'ionadaithe tofa mar aon le deis an ról atá acu a chomhlíonadh mar lucht déanta beartas agus, cruthaíonn sé deiseanna i gcomhair comhpháirtíochtaí le grúpaí

leasmhara áitiúla agus le hionadaithe pobail. Soláthraíonn CBS-anna fóram trína gcumasaítear beartais a cheapadh, a athbhreithniú agus a mheasúnú ar bhealach níos fearr agus cúnamh intreach á fháil ó ghrúpaí leasmhara ábhartha earnála agus tacaíocht ar fáil ó Stiúrthóir Seirbhísí. Bunaíodh cúig SPC sa Chomhairle. De réir théarmaí na scéime, cuimseoidh comhaltaí na gCoistí um Beartais Straitéiseacha Comhairleoirí agus Ionadaithe Earnála mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas:

| CBS | Comhairleoirí | Ionadaithe Earnála | Líon Iomlán Comhaltaí ar an gCoiste | An Líon Cruinnithe sa bhliain 2016 |
|---|---|---|---|---|
| Tithíocht, Gnóthaí Corparáideacha & Áineas | 7 | 4 | 11 | 5 Chruinniú |
| Bóithre, Iompar & Muir | 8 | 4 | 12 | 4 Chruinniú |
| Pleanáil & Pobal | 8 | 4 | 12 | 4 Chruinniú |
| Comhshaol, Seirbhísí Uisce, agus Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála | 8 | 4 | 12 | 3 Chruinniú |
| Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontraíocht | 8 | 4 | 12 | 5 Chruinniú |

As measc 59 bpost san iomlán ar Choistí um Beartais Straitéiseacha, bhí 39 gcinn díobh le líonadh ag Comhairleoirí Contae agus bhí 20 ceann díobh le líonadh ag Ionadaithe Earnála. Is mar a leanas an staid faoi láthair:

## ***Ionadaíocht Earnála – 20 post***


Tá an ionadaíocht earnála roinnte ina 7 n-earnáil:

1. **Talmhaíocht/Feirmeoireacht**
2. **Comhshaol/Caomhantas**
3. **Forbairt/Tógáil**
4. **Gnó/Tráchtáil**
5. **Ceardchumainn**
6. **Pobal/Deonach**
7. **Uilechuimsitheacht Shóisialta**

**An Fhoireann Feidhmiúcháin**

Oibríonn an Fhoireann Feidhmiúcháin faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh agus tá sí comhdhéanta de na Stiúrthóirí Seirbhísí, den Cheann Airgeadais agus den Ghníomhaire Dlí.

# STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN ÚDARÁIS ÁITIÚLA NA GAILLIMHE 2016



# AN RIALACHAS I gCOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

Baineann rialachas le forbairt na struchtúr agus na bpróiseas cuí chun Comhairle Chontae na Gaillimhe a stiúradh agus a bhainistiú ar shlí inar féidir leis na geallsealbhóirí a bheith cinnte go bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe ag oibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil. Díríonn rialachas ar na hoibleagáidí dlíthiúla, rialála agus seirbhíse agus ar na sraitheanna gaolmhaireachtaí idir an Chomhairle, na Coistí, na Comhaltaí ar leithligh, an Príomhfheidhmeannach, an Fhoireann Feidhmiúcháin, an fhoireann agus na geallsealbhóirí le linn dóibh beartas agus feidhmíocht na Comhairle seo a chinneadh.

Tugann na sé phrionsabal dea-rialachais, agus na prionsabail tacaíochta, seo a leanas cabhair mhaith agus treoir do Chomhairle Chontae na Gaillimhe a mhéid a bhaineann le soláthar sheirbhísí na Comhairle.

## Croí-Phrionsabal 1

Is ionann Dea-Rialachas agus díriú ar chuspóir an údaráis, ar na torthaí oibre as a leanann tairbhí inbhuanaithe eacnamaíochta agus sochaíocha agus ar fhís an údaráis áitiúil a chur i bhfeidhm.

### Prionsabail Tacaíochta

1. Ceannaireacht straitéiseach a fheidhmiú trí chuspóir agus fís an údaráis a fhorbairt agus a chur in iúl go soiléir trí bhíthin an phlean chorparáidigh agus a chinntiú go bhfaigheann úsáideoirí seirbhís ardchaighdeáin.

2. A chinntiú go ndéanann an t-údarás, trí bhíthin a phlean soláthair seirbhísí, an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainní lena chinntiú go mbaintear amach na torthaí is fearr is féidir.

## Croí-Phrionsabal 2

Is ionann dea-rialachas agus daoine agus oifigigh a bheith ag obair le chéile chun comhchuspóir a bhaint amach laistigh de chreat feidhmeanna agus ról atá sainithe go soiléir.

### Prionsabail Tacaíochta

1. Ceannaireacht éifeachtach a fheidhmiú ar fud an údaráis, a bheith soiléir maidir le feidhmeanna forchoimeádta agus feidhmeanna feidhmiúcháin, agus maidir le róil agus freagrachtaí comhaltaí agus oifigeach faoi seach.

2. Caidreamh oibre atá dearfach urramach a chruthú idir comhaltaí agus oifigigh agus a chinntiú go ndéantar feidhmeanna an Údaráis a chomhlíonadh de réir ardchaighdeáin.

## Croí-Phrionsabal 3

Is ionann dea-rialachas agus luachanna seirbhíse poiblí a chur chun cinn agus a léiriú trí ardchaighdeáin iompair a choimeád ar bun.

### Prionsabail Tacaíochta

1. A chinntiú go ndéanann comhaltaí agus oifigigh, le linn dóibh ceannaireacht a fheidhmiú, iad féin a iompar ar bhealaí a léiríonn ardchaighdeáin iompair, iompar eiticiúil agus rialachas éifeachtach.

2. Meon a chothú, agus a chinntiú go bhfuil sásraí marthanacha ann, chun spreagadh a thabhairt, agus forfheidhmiú a dhéanamh, i leith cloí le luachanna eiticiúla agus leis na luachanna eagraíochtúla atá leagtha amach sa phlean corparáideach.

## Croí-Phrionsabal 4

Is ionann dea-rialachas agus cinntí níos eolasaí agus cinntí trédhearcacha a dhéanamh agus bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí agus ar fheidhmíocht.

### Prionsabail Tacaíochta

1. A bheith dian agus trédhearcach i ndáil leis an bpróiseas cinnteoireachta agus faisnéis, comhairle agus tacaíocht ardchaighdeáin a bheith ar fáil don lucht déanta cinntí.

2. A chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha ann maidir le bainistíocht rioscaí, cúrsaí airgeadais agus feidhmíochta. A chinntiú go dtugann na córais sin aghaidh ar éiginnteachtaí agus ar an méid atáthar faoi lé rioscaí, go gcuireann siad disciplín airgeadais i bhfeidhm, agus go leagann siad béim ar leithroinnt straitéiseach acmhainní agus ar sholáthar éifeachtúil, éifeachtach seirbhísí.

## Croí-Phrionsabal 5

Is ionann dea-rialachas agus forbairt a dhéanamh ar acmhainneacht eagraíochtúil agus ar chumas ceannaireachta agus ar inniúlachtaí comhaltaí agus oifigeach chun oibriú go héifeachtúil ar mhaithe le cuspóirí na heagraíochta.

### Prionsabail Tacaíochta

1. A chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí agus na struchtúir chuí ar fáil do chomhaltaí agus d'oifigigh de réir mar atá ag teastáil le gur féidir leo a róil a chomhlíonadh go héifeachtúil.

2. Forbairt a dhéanamh ar chumas daoine ar a bhfuil freagrachtaí maidir le rialachas agus ceannaireacht chun a chinntiú go bhfuil na torthaí a bhaintear amach i gcomhréir leis na hoibleagáidí a ghabhann le dea-rialachas.


## Croí-Phrionsabal 6

Is ionann dea-rialachas agus teagmháil oscailte, chuimsitheach a bheith ann le daoine áitiúla, le saoránaigh agus le geallsealbhóirí eile chun cuntasacht dhocht phoiblí a áirithiú.

### Prionsabail Tacaíochta

1. Soiléire a sholáthar maidir le gaolmhaireachtaí cuntasachta agus maidir le feidhmeanna a bhaineann le deimhniú, iniúchadh agus grinnscrúdú eagraíochtúil.

2. A chinntiú go bhfuil próiseas agus sásra ann chun cumarsáid shoiléir, maoirseacht éifeachtach agus cuntasacht a sholáthar do gheallsealbhóirí.



# Tuarascáil maidir le Dul Chun Cinn atá déanta i ndáil le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015-2019

I bPlean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015-2019, a glacadh ar an 24 Samhain 2014, leagtar amach mionsonraí faoi thosaíochtaí straitéiseacha, faoi chuspóirí agus faoi straitéisí na Comhairle, faoi chroíluachanna na Comhairle agus faoi fhís na Comhairle i leith Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Fónann an Plean mar chreat straitéiseach le haghaidh gníomhartha a dhéanfaidh an Chomhairle amach anseo le linn na tréimhse sin. Sainaithníonn sé ocht dtosaíocht straitéiseacha, chomh maith leis na cuspóirí agus na straitéisí tacaíochta a ghabhann leo agus atá riachtanach chun Ráiteas Misin agus Príomhluachanna na Comhairle a bhaint amach. Tá na tosaíochtaí straitéiseacha sin, mar atá sainaitheanta sa Phlean, leagtha amach thíos.

Le linn thréimhse an Phlean Chorparáidigh, leagfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe béim ar na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gcontae.

- Tacaíocht agus feabhas a chur ar ionadaíocht dhaonlathach agus ar cheannaireacht shibhialta.

- Treallús a chur faoi agus tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus d’fhiontar.

- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.

- Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

- An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.

- Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.

- Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.

Ar an 14 Iúil 2016, d'aontaigh an Grúpa Beartais Chorparáidigh, agus thug siad dá n-aire, an Tuarascáil maidir le Dul Chun Cinn atá déanta i ndáil le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015-2019. Sa Tuarascáil maidir le Dul Chun Cinn, rinneadh tagairt do ról lárnach an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh i ndáil le measúnacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh agus i ndáil leis an gceanglas a bhaineann le tomhas a dhéanamh ar fheidhmíocht an údaráis áitiúil i gcomparáid leis na cuspóirí atá leagtha síos sa Phlean Corparáideach ar bhonn rialta agus struchtúrtha, rud a áiríonn táscairí feidhmíochta agus na torthaí a baineadh amach i gcomhthéacs an Phlean Soláthair Seirbhísí.

Déantar mionsonraí faoin dul chun cinn atá déanta maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh sa bhliain 2016 a thabhairt i bhfoirm tuarascáil achomair ó gach Aonad i ndáil leis na gníomhartha agus na tionscnaimh éagsúla a ndeachthas ina mbun i rith na bliana chun tacú lenár gcuid tosaíochtaí straitéiseacha.

Ina theannta sin, tá measúnacht ar ár bhfeidhmíocht i gcomparáid leis na spriocanna a leagadh síos i bPlean Soláthair Seirbhísí 2016 le fáil ar leathanaigh 171 go 201 agus tá mionsonraí faoinár bhfeidhmíocht i gcomparáid leis na táscairí feidhmíochta náisiúnta le fáil ar leathanaigh 156 go 170.

Nóta: Féach Buiséad Bliantúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2017 chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin Tuarascáil Bhliantúil maidir le Dul Chun Cinn atá déanta i ndáil le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015-2019.

Is féidir an Doiciméad sin a aimsiú ag:-
**http://www.galway.ie/en/services/yourcouncil/finance/annualbudgets/**

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA AGUS TITHÍOCHT

# Seirbhísí Corparáideacha

Soláthraíonn an tAonad Seirbhísí Corparáideacha seirbhísí riaracháin sármhaithe, iontaofa, comhsheasmhacha do na Comhaltaí Tofa, don Chomhairle Iomlánach, don Lucht Bainistíochta Sinsearach agus don phobal i gcoitinne. Is é aidhm an Aonaid forbairt íomhá dhearfach Chorparáideach na Comhairle a chur chun cinn go leanúnach trí sheirbhísí tacaíochta gairmiúla éifeachtúla, i bhfoirm Rúnaíochta Corparáidí, don Chomhairle agus dá fochoistí, chomh maith le raon leathan seirbhísí a chur ar fáil lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le Clár na dToghthóirí, le Saoráil Faisnéise, le Cur Chun Cinn na Gaeilge, le Beartais maidir le hÁineas & Taitneamhachtaí, le Seirbhísí Custaiméara, le Corrthrádáil, le Beartais maidir le Cúrsaí Corparáideacha, le Líonra Oifigí na Comhairle a Bhainistiú agus a Sheirbhísiú, leis an gCartlann agus le Bainistiú Taifead, le Seirbhísí Leabharlainne, le hIniúchadh Inmheánach agus le Seirbhísí Dlíthiúla.

Tá léiriú le fáil anseo thíos ar an dul chun cinn a rinne an tAonad, agus ar an méid a bhain an tAonad amach, sa bhliain 2016 i ndáil leis na tosaíochtaí straitéiseacha ábhartha atá ann sa Phlean Corparáideach, 2015-2019.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gContae.**

## PLEANÁIL AGUS TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH

Lean 39 Comhalta de Chomhairle Iomlánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag teacht le chéile gach mí sa bhliain 2016 chun a bhFeidhmeanna Forchoimeádta a chomhlíonadh agus chun breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna eacnamaíochta agus cultúir a bhfuil tábhacht acu maidir le forbairt inbhuanaithe an Chontae i gcomhréir le Tosaíochtaí Straitéiseacha an Phlean Chorparáidigh.

Bhí Cruinniú Bliantúil na Comhairle Iomlánaí ann ar an 17 Meitheamh 2016 agus toghadh an Comhairleoir Michael Connolly chun ionad an Chomhairleora Peter Roche ghlacadh mar Chathaoirleach. Ainmníodh an Comhairleoir Joe Byrne chun ionad an Chomhairleora Malachy Noone a ghlacadh mar Leas-Chathaoirleach. Sheol an Chomhairle a Cruinniú Bliantúil Reachtúil Buiséadachta ar an 1 Nollaig 2016 chun breithniú a dhéanamh ar Bhuiséad Ioncaim 2017 agus ar an gClár Caipitiúil Trí Bliana agus glacadh an Buiséad agus Clár sin ag an gcruinniú sin.



*An Comhairleoir Michael Connolly a toghadh mar Chathaoirleach agus é ag glacadh leis an Slabhra Oifige ón iar-Chathaoirleach, an Comhairleoir Peter Roche, ar an 17 Meitheamh 2016.*



*An t-iar-Chathaoirleach, an Comhairleoir Malachy Noone, in éineacht leis an gComhairleoir Joe Byrne, a ainmníodh mar Leas-Chathaoirleach 2016-2017.*

## CRUINNITHE NA COMHAIRLE

| Cruinnithe Míosúla de chuid na Comhairle | Cruinnithe |
|---|---|
| **Gnáthchruinnithe Míosúla** | 11 |
| **Cruinnithe Míosúla Speisialta** | 4 |
| **Cruinniú Bliantúil** | 1 |
| **Cruinniú Buiséadachta** | 1 |

## An Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC)

An tAonad Seirbhísí Corparáideacha a eagraíonn agus a riarann an Grúpa Beartais Chorparáidigh agus faigheann an grúpa tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach.

| An Grúpa Beartais Chorparáidigh | Cruinnithe |
|---|---|
| An Grúpa Beartais Chorparáidigh | 5 Chruinniú |

## An Comhchoiste Póilíneachta (CCP)

De réir Ailt 35(4) agus 36(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005, oibríonn Comhairle Chontae na Gaillimhe Comhchoiste Póilíneachta (CCP) i gcomhar le lucht bainistíochta an Gharda Síochána agus de réir Treoirlínte Athbhreithnithe CCP a eisíodh sa bhliain 2014. Tá feidhm Comhchoiste Póilíneachta leagtha amach in alt 36(2) d'Acht an Gharda Síochána ina luaitear an méid seo a leanas: *"Is é feidhm an chomhchoiste póilíneachta fónamh mar fhóram le haghaidh*

*comhairliúchán, pléite agus moltaí maidir le nithe a dhéanann difear do phóilíneacht i limistéar riaracháin an údaráis áitiúil*".

Tá sé mar aidhm ag an gComhchoiste Póilíneachta comhairliúchán, comhoibriú agus sineirgíocht níos mó maidir le saincheisteanna póilíneachta agus coireachta a fhorbairt idir an Garda Síochána, an tÚdarás Áitiúil, Ionadaithe Pobail agus na Comhaltaí Áitiúla Tofa. I rith na bliana 2016, lean an CCP de chur chuige straitéiseach a bheith aige maidir lena chuid oibre i ndáil le déileáil le saincheisteanna áitiúla ar mhodh comhpháirteach straitéiseach.

Sheol an CCP a Chruinniú Bliantúil ar an 20 Eanáir 2016, seoladh dhá ghnáthchruinniú CCP ar an 4 Iúil agus ar an 2 Meán Fómhair 2016 agus seoladh Cruinniú Bliantúil Poiblí an CCP ar an 12 Nollaig 2016 i gCeantar Barsdasach Bhéal Átha na Sluaighe. Cuireann cruinnithe poiblí deis sármhaith ar fáil do phobail áitiúla chun páirt a ghlacadh i rudaí a bhaineann le cúrsaí póilíneachta i gcoitinne agus a fhearann ar phóilíneacht i gContae na Gaillimhe agus, go háirithe, a fhearann ar nithe a bhaineann le póilíneacht ina gceantair.

Thug bunú trí fhochoiste i rith na bliana 2016 deis don CCP dul chun cinn a dhéanamh maidir le cuspóirí straitéiseacha Phlean Straitéiseach 6-Bliana an Chomhchoiste Póilíneachta.

### Comhaltas an CCP

Sa tábla seo a leanas, taispeántar an líon comhaltaí is infheidhme maidir le gach catagóir comhaltais de chuid Chomhchoiste Póilíneachta Chontae na Gaillimhe.

| Comhaltaí Tofa de chuid an Údaráis Áitiúil | Comhaltaí Oireachtais | Oifigigh de chuid an Údaráis Áitiúil | Garda Síochána | Ionadaithe Pobail/Deonacha |
|---|---|---|---|---|
| **15** | **5** | **2** | **2** | **7** |

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht agus feabhas a chur ar ionadaíocht dhaonlathach agus ar cheannaireacht shibhialta.**

## Fáiltithe Cathartha

Tacaíonn an Fhoireann Chorparáideach le Fáiltithe Cathartha mar fhreagairt ar iarrataí ón gComhairle Iomlánach de réir Phrótacal Gradam Cathartha na Comhairle.

Seoladh Fáiltiú Cathartha ar an 27 Meitheamh 2016 in Áras an Chontae chun ómós a thabhairt dóibh seo a leanas:

- **Caoimhe Keogh**, ball de Scoil *Taecuando* na Gaillimhe a ghnóthaigh bonn cré-umha i bpátrúin chreasa dhuibh 2ú céim Shóisearach le linn chraobhchomórtas ITF na hEorpa sa Ghréig níos luaithe sa bhliain 2016.
- **Compántas Lir, Grúpa Drámaíochta Bhaile Chláir/an Chairn Mhóir** – ainmníodh a léiriúchán ar *Proof* mar bhuaiteoir agus mar an Dráma is Fearr sa Chraobhchomórtas Teoranta Uile-Éireann 2016. De bhreis air sin, bhuaigh Vincent Moran an duais don Aisteoir Tacaíochta is Fearr agus bronnadh gradam an Bhanaisteora is Fearr ar Ruth O'Driscoll. Fuair Dermot Hession gradam an Stiúrthóra is Fearr agus ghnóthaigh Compántas Lir an duais le haghaidh Soilsiúchán is Fearr - Gus McCarthy agus Dermot Hession, i ndáil lena léiriú ar *Proof* le David Auburn.
- **An tUas. Devin Morley**, ball de Chlub Gailf Uachtar Ard agus ball de phainéal Ghalf Sinsearach na hÉireann, a roghnaíodh mar dhuine d'fhoireann seisir na hÉireann le haghaidh Chraobhchomórtas na hEorpa i bPoblacht na Seice i Meán Fómhair 2016.
- **An tUas. Kieran Molloy**, ball de Chlub Dornálaíochta Uachtar Ard, a ghnóthaigh bonn óir ag Comórtas Pavlyukov Youth Memorial in Anapa sa Rúis tar éis dó an bua a fháil ar an dornálaí Cúbach marcmheáchain éadroim, Damien Sifonte-Lescay sa bhabhta ceannais. Bhuaigh sé bonn cré-umha domhanda roimhe sin mar dhornálaí sóisearach agus, sa chomórtas seo ar a dtugtar cluichí na mionchraoibhe domhanda, ba é an t-aon dornálaí Éireannach amháin a shroich an babhta ceannais tar éis dó an bua a fháil ar dhornálaí Albanach agus ar bheirt dhornálaithe Rúiseacha ar a gcríoch féin.
- **Foireann Chispheile Cailíní N. Pól faoi bhun 19** a bhuaigh Léig agus Corn Faoi Bhun 19 sa bhliain 2016. Ghnóthaigh Foireann N. Pól cluiche ceannais Chorn Subway faoi bhun 19 nuair a fuair siad bua maith, 40-35, ar fhoireann N. Muire as an Nás. Ina dhiaidh sin bhí feachtas rathúil léige acu rud as ar lean buachan na Léige i bhFeabhra 2016 tar éis dóibh an bua a fháil ar Choláiste na Sceilge as Cathair Saidhbhín.



*Caoimhe Keogh, agus í ag glacadh le gradam ón gCathaoirleach, an Comhairleoir Michael Connolly.*
*Clé-Deas: An tUas. Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach), Caoimhe Keogh, an Cathaoirleach, an Comhairleoir Michael Connolly.*



*Sa ghrianghraf thuas, taispeántar baill Chompántas Lir tar éis dóibh glacadh le gradam ón gCathaoirleach, an Comhairleoir Michael Connolly. Feictear an tUas. Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach), sa phictiúr freisin.*



*Clé-Deas: An tUas. Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach), an tUas. Kieran Molloy, an Cathaoirleach, an Comhairleoir Michael Connolly.*



*Clé-Deas: An tUas. Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach), an tUas. Devin Morley, an Cathaoirleach, an Comhairleoir Michael Connolly.*



*Foireann Chispheile Faoi Bhun 19 as Meánscoil N. Pól, Uachtar Ard, in éineacht leis an gCathaoirleach, an Comhairleoir Michael Connolly agus an tUas. Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach).*

Rinneadh Fáiltiú Cathartha a sheoladh ar an 12 Meán Fómhair 2016, in Áras an Chontae, in ómós **d'Fhoireann Rugbaí Chúige Chonnacht** tar éis dóibh an *Guinness Pro 12* a bhuachan sa bhliain 2016.



*Deas-Clé: An tUas. Pat Piggott, Uachtarán an Chlub, Foireann Rugbaí Chúige Chonnacht, agus é ag glacadh le gradam ón gCathaoirleach, an Comhairleoir Michael Connolly agus an tUas. Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach, Eatramhach.*



*Clé-Deas: An tUas. Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach), an Cathaoirleach, an Comhairleoir Michael Connolly, an tUas. Pat Piggott, Uachtarán an Chlub agus an tUas Willie Ruane, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.*




*Baill agus lucht bainistíochta fhoireann rugbaí Chúige Chonnacht in éineacht leis an gCathaoirleach, an Comhairleoir Michael Connolly agus an tUas. Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach).*

Seoladh Fáiltiú Cathartha ar an 24 Deireadh Fómhair 2016 in Áras an Chontae chun ómós a thabhairt dóibh seo a leanas:

- **Foireann Pheile Buachaillí Faoi Bhun 14 St. Gabriel** a ghnóthaigh Craobh na Féile sa bhliain 2016, agus sa bhliain 2015 freisin.
- **Foireann Liathróide Láimhe Faoi Bhun 14 Eanach Dhúin** a ghnóthaigh Craobh na Féile 2016.
- **Cumann Pheil na mBan, Maigh Cuillinn**, mar aitheantas do ghnóthachtálacha éagsúla.



*Clé-Deas: An tUas. Padraig Downey agus an tUas. Mike Malone, Club St. Gabriel, Chill Chonaill, agus iad ag glacadh le gradam ón gCathaoirleach, an Comhairleoir Michael Connolly. Feictear an tUas. Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach, Eatramhach, sa phictiúr freisin.*



*Baill fhoireann liathróide láimhe faoi bhun 14 Eanach Dhúin agus, ó chlé go deas, an tUas. Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach), an Comhairleoir Frank Kearney, an tUas. John Hession, Cathaoirleach, an Cathaoirleach, an Comhairleoir Michael Connolly, agus an Comhairleoir Mary Hoade, an Comhairleoir Jim Cuddy agus an Comhairleoir James Charity.*




*Emily Molloy, Foireann Pheil na mBan, Maigh Cuilinn, agus plaic á bronnadh uirthi ag an gCathaoirleach, an Comhairleoir Michael Connolly, & an tUas. Kevin Kelly, Príomhfheidhmennach (Eatramhach), in éineacht leo ag Fáiltiú Cathartha in Áras an Chontae.*

## Nascadh le hÁiteanna Eile

Tá Contae na Gaillimhe nasctha le Washington County, Wisconsin, i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Thug an Comhairleoir Peter Roche cuireadh do Washington County teach ar cuairt chuig Contae na Gaillimhe le linn na bliana 2016 chun comóradh a dhéanamh ar chothrom céad bliain Éirí Amach 1916 agus tháinig toscaireacht as Washington County Board, agus Rick Gundrum, Cathaoirleach, ar cuairt chuig Gaillimh i mí Aibreáin 2016.

D'fhreastail an toscaireacht ar Chruinniú Speisialta de Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an 25 Aibreán 2016 tráth ar chuid an Cathaoirleach fáilte rompu chuig Áras an Chontae agus ar ghabh sé buíochas leo as glacadh leis an gcuireadh ón gComhairle a bheith i láthair agus páirt a ghlacadh i gcomóradh céad bliain imeachtaí Éirí Amach 1916 i gContae na Gaillimhe. Seoladh fáiltiú, '*Ag Cuimhneamh ar Éirí Amach 1916*', do na toscairí tráthnóna an 25 Aibreán 2016 in Áras an Chontae.

D'fhreastail an toscaireacht ar nochtadh Cloiche Comórtha i gCrois an Chairn Mhóir san áit ar tharla comhrac idir Óglaigh na hÉireann agus Fórsaí na Breataine ar an 26 Aibreán 1916 agus, chomh maith leis sin, d'fhreastail siad ar shearmanas fleascleagain ag uaigh an Chonstábla Patrick Whelan i Reilig an Bhóthair Mhóir.

Chuaigh an toscaireacht ar thuras ar Rian Oidhreachta Éirí Amach 1916 i gContae na Gaillimhe, is é sin, na príomhláithreáin de chuid Chontae na Gaillimhe atá bainteach leis an Éirí Amach agus d'fhreastail siad ar lainseáil Léarscáil Chuimhneacháin 1916 Chomhairle Chontae na Gaillimhe sa Ghort ar an 29 Aibreán. Ina theannta sin, chuaigh an toscaireacht ar thuras bus trí Thuaisceart agus trí Oirthear na Gaillimhe agus thug siad cuairt ar Thuaim, ar chaisleán Bhaile Chláir, ar Bhaile Átha an Rí, ar Bhéal Átha na Sluaighe agus ar Mhainistir Bhaile Locha Riach.

Mar thoradh ar an gcuairt seo rinneadh na ceangail chairdis a bunaíodh den chéad uair le Washington County sa bhliain 2013 a neartú tuilleadh.

Ag Cruinniú Speisialta de Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an 9 Bealtaine 2016, chuir an Cathaoirleach in iúl gur bhronntanas é 'Clog na Saoirse' a bhí ar taispeáint i Seomra na Comhairle, is é sin, bronntanas ó Washington County, Wisconsin, Stáit Aontaithe Mheiriceá, atá nasctha le Gaillimh, chun comóradh a dhéanamh ar Éirí Amach 1916.

I mí Lúnasa 2016, thug toscaireacht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, faoi cheannas an Chomhairleora Peter Roche, cuairt ar Washington County.

Rinneadh an caidreamh atá ann de bharr nascadh an Chlocháin agus Bhuirg Coyoacan i gCathair Mheicsiceo agus a bunaíodh sa bhliain 2012 ar bhonn na gceangal stairiúla a cruthaíodh mar thoradh ar ghníomhartha duine de bhunadh an Chlocháin, John Riley, agus Chathlán San Patricio, i gCogadh Mheicsiceo-Mheiriceá 1846-1848, a cheiliúradh le linn imeachta sa Clochán ar an 17 Meán Fómhair 2016.

Ghlac an Comhairleoir Michael Connolly, Cathaoirleach Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe le cuireadh ó Stella DUPONT, Conseiller Général de Maine et Loire, Maire de CHALONNES SUR LOIRE, chun freastal ar an 57ú Fête des Vins d'Anjou ar an 21 agus ar an 22 Bealtaine 2016.

Ina theannta sin, tá Tuaim nasctha le tamall fada le baile sa Bhaváir, is é sin, Straubing.



*Comhaltaí thoscaireacht an Washington County Board in éineacht leis an gComhairleoir Peter Roche, an tUas. Kevin Kelly, an Príomhfheidhmeannach (Eatramhach) agus an tUas. Michael Owens, Rúnaí Contae.*

## Cumainn na Gaillimhe

Tugadh aitheantas don méid atá déanta ag Cumainn na Gaillimhe i dtaca le tacú le Disapóra na Gaillimhe nuair a ghlac an Comhairleoir Peter Roche, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, le cuireadh ó Chumann na Gaillimhe in Bedfordshire freastal ar a nDamhsa Dinnéar Bliantúil.

## CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Tá freagracht ar an gComhairle i ndáil le tiomsú Chlár na dToghthóirí do Chontae na Gaillimhe (gan limistéar Chathair na Gaillimhe a áireamh)

- Foilsíodh Clár na dToghthóirí don tréimhse 2016/2017 ar an 1 Feabhra 2016.
- Seoladh Toghcháin Dána (Olltoghchán) Dé hAoine, an 26 Feabhra 2016.
- Ullmhaíodh Clár Forlíontach Toghthóirí chun na Toghcháin Dála a éascú.
- Bhí athruithe suntasacha Dáilcheantair ann do Thoghcháin Dála 2016 sa chontae. Roinneadh Contae na Gaillimhe idir Gaillimh Thiar, Gaillimh Thoir agus Gaillimh Ros Comáin agus, de bharr an Toghcháin agus na n-athruithe teorann cruthaíodh éileamh breise ar Sheirbhísí Corparáideacha le linn mhíonna Eanáir agus Feabhra agus cuid de mhí an Mhárta i dtaca le huasdátú an Chláir agus i dtaca le deileáil le fiosruithe agus tuarascálacha ina leith.

**Seo a leanas na figiúirí ábhartha do Chlár na dToghthóirí:**

| | |
|---|---|
| An Líon Daoine ar Chlár Beo Ghaillimh Thiar: | 49,481 |
| An Líon Daoine ar Chlár Forlíontach Ghaillimh Thiar: | 387 |
| An Líon Daoine ar Chlár Beo Ghaillimh Thoir: | 68,011 |
| An Líon Daoine ar Chlár Forlíontach Ghaillimh Thoir: | 421 |
| An Líon Daoine ar Chlár Beo na Gaillimhe/Ros Comáin: | 16,161 |
| An Líon Daoine ar Chlár Forlíontach na Gaillimhe/Ros Comáin: | 69 |
| **An líon iomlán daoine ar an gClár Beo amhail an 1 Feabhra 2016** | **133,653** |
| **An líon iomlán daoine ar an gClár Forlíontach** | **877** |

- Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe litir i scríbhinn chuig gach duine ar Chlár na dToghthóirí a bhí á n-aistriú chuig dáilcheantair nua agus, chomh maith leis sin, bhí fógraíocht fhorleathan phoiblí ann ina leith sin. Cuireadh an Clár Beo agus an Clár Forlíontach chuig gach Stáisiún Garda (47), chuig gach Leabharlann (21) agus chuig gach Oifig an Phoist (93) sa chontae.

- Ina theannta sin, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe roinnt Iarratas i ndáil le Vótálaithe Speisialta agus Postvótálaithe sa Toghchán Dála. Cuimsíodh daoine sna haicmí seo a leanas sna hiarratais sin:

| | |
|---|---|
| Gardaí | 4 Iarratas ó Phostvótálaithe |
| Óglaigh na hÉireann | 234 Iarratas ó Phostvótálaithe |
| Taidhleoirí | 2 Iarratas ó Phostvótálaithe |
| Daoine faoi mhíchumas | 28 Iarratas ó Phostvótálaithe |
| Cúinsí Slí Beatha | 4 Iarratas ó Phostvótálaithe |
| Príosúnaigh | 1 Iarratas ó Phostvótálaithe |
| Cónaitheoirí i dTithe Altranais | 447 Iarratas ó Vótálaithe Speisialta |

D'fhostaigh an Chomhairle Tiomsaitheoirí/Oibrithe Allamuigh i mí Iúil 2016 chun cabhrú le clárú vótálaithe agus le huasdátú Chlár na dToghthóirí trí chuairteanna ó theach go teach agus trí scaipeadh bileog. Ullmhaíodh Dréacht-Chlár na dToghthóirí i mí na Samhna 2016 i gcomhréir leis na treoirlínte reachtúla agus éascaíodh Cúirteanna na nÉileamh ar Athbhreithniú i rith mhí na Nollag ar fud an Chontae chun breithniú a dhéanamh ar éilimh/aighneachtaí a bhí faighte ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus a raibh rialú déanta orthu faoi cheannas an Chláraitheora Contae.

## SAORÁIL FAISNÉISE

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 146 iarraidh san iomlán i rith na bliana 2016 faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Bhain 2 cheann de na hiarrataí sin le rochtain a fháil ar fhaisnéis phearsanta, bhain 138 gcinn díobh le rochtain a fháil ar fhaisnéis neamhphearsanta agus iarrataí measctha a bhí ann i gcás 6 cinn díobh.

| **Cinneadh** | **An Líon** |
|---|---|
| Iarrataí a Ceadaíodh | 48 |
| Iarrataí a Ceadaíodh i bPáirt | 39 |
| Iarrataí ar Diúltaíodh Dóibh | 47 |
| Iarrataí a Tarraingíodh Siar | 8 |
| Iarrataí a Aistríodh | 4 |

## ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOIN gCOMHSHAOL

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 14 iarraidh san iomlán i rith na bliana 2016 faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol) 2007-2014.

| **Cinneadh** | **An Líon** |
|---|---|
| Iarrataí a Ceadaíodh | 3 |
| Iarrataí a Ceadaíodh i bPáirt | 7 |
| Iarrataí ar Diúltaíodh Dóibh | 1 |
| Iarrataí a Tarraingíodh Siar/Aistríodh | 3 |

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Treallús a chur faoi agus tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus d’fhiontar.**

## OIBRIÚ MARGAÍ, CORRTHRÁDÁIL & CEADÚNAIS SCANNÁNAÍOCHT

I gcomhréir leis na Fodhlíthe Corr-Thrádála, déantar Ceadúnais Chorrthrádála a eisiúint gach bliain, ach táille a íoc, i gcás roinnt bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae, lena n-áirítear Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, An Clochán, Dún Mór, An Gort, Baile Locha Riach, An Creagán agus Tuaim.

Eisítear Ceadúnais Ócáidí Speisialta d'fhéilte agus d'aontaí éagsúla a bhíonn ann ar fud na bliana e.g. Féilte Bhéal Átha Ghártha, Dhún Mór & Bhaile Locha Riach, Aonach Ghleann an Mháma agus Seó Capaillíní an Chlocháin, chomh maith le Féilte Chinn Mhara (Fleadh na gCuach agus Cruinniú na mBád) agus margaí Nollag i mBéal Átha na Sluaighe agus Tuaim.

Chomh maith leis sin, bhí an tAonad bainteach le comhordú na trádála ar Fhaiche an Aonaigh le linn Aonach Capall Bhéal Átha na Sluaighe a meastar ina leith go bhfuil sé i measc na nAontaí Capall is sine dá bhfuil ann san Eoraip. De bhreis ar chúrsaí trádála, d'oibrigh an tAonad le hoifig an Cheantair Bhardasaigh i ndáil le páirceáil, slándáil agus rochtain ar an limistéar trádála agus, ina theannta sin, d'oibrigh an tAonad leis an Rannóg Pobail agus Comhshaoil agus le heagraíochtaí áitiúla i ndáil le cur chun cinn Bhéal Átha na Sluaighe agus imeachtaí foghabhálacha féile le linn Aonad Bliantúil na gCapall.

## BÁNNA CORRTHRÁDÁLA

| **Ceadúnais Bhliantúla** | |
|---|---|
| **Ceantar** | **An Líon Ceadúnas a Eisíodh** |
| Baile Átha an Rí | 4 |
| Béal Átha na Sluaighe (Cearnóg Naomh Mícheál) | 16 |
| An Clochán | 10 |
| Dún Mór | 1 |
| An Gort | 9 |
| Baile Locha Riach | 2 |
| An Creagán | 5 |
| Tuaim | 8 |

| **Ceadúnais d'Imeacht Speisialta** | |
|---|---|
| **Ceantar** | **An Líon Ceadúnas a Eisíodh** |
| Aonach Bhéal Átha na Sluaighe | 109 san iomlan don Aonach |
| Béal Átha na Sluaighe (Cearnóg Naomh Mícheál) | 82 (Aonach Bhéal Átha na Sluaighe) |
| Margadh Nollag Bhéal Átha na Sluaighe | 3 |
| Féile Bhéal Átha Ghártha | 21 |
| Seó Capaillíní an Chlocháin | 32 |
| Féilte an Chlocháin | 3 |
| Féile Dhún Mór | 40 |

| | |
|---|---|
| Cinn Mhara – Fleadh na gCuach | 1 |
| Cinn Mhara – Cruinniú na mBád | 20 |
| Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach | 31 |
| Aonach Ghleann an Mháma | 27 |
| Margadh Nollag Thuama | 1 |

| **Ceadanna do Dhíoltóirí Uachtair Reoite ar Thránna/i bPáirceanna Ainmnithe** | |
|---|---|
| **Ceantar** | **An Líon Ceadúnas a Eisíodh** |
| Trá an Dóilín, An Cheathrú Rua | 1 |
| Céibh Nua, An Spidéil | 1 |
| An Trá Mhór, Indreabhán | 1 |
| Trá na bhForbacha | 1 |
| Páirc Rinn Mhíl, Órán Mór | 1 |

## CEADÚNAIS SCANNÁNAÍOCHTA

Fuarthas iarrataí (11) ó dhéantóirí scannán chun úsáid a bhaint as maoin phoiblí ar mhaithe le scannánaíocht.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

## ÁINEAS & TAITNEMHACHTAÍ – PÁIRCEANNA & SPÁSANNA OSCAILTE

### Áiteanna Súgartha

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i saoráidí súgartha sa Chontae trí árachas dliteanais shibhialta a sholáthar do roinnt áiteanna súgartha atá faoi bhainistíocht phobail agus déantar amhlaidh mar chuid de chomhaontuithe foirmiúla cothabhála le grúpaí áitiúla, chomh maith le háiteanna súgartha inár gcuid príomhbhailte a chothabháil go

díreach. De réir gealltanas roimhe seo faoi Bheartas na Comhairle maidir le Súgradh, tá cúnamh curtha ar fáil d'áiteanna súgartha trí mhaoiniúchán díreach agus trí árachas a sholáthar. Go dtí seo, tá forbairt déanta ar 66 áit súgartha san iomlán sa Chontae faoin mbeartas sin ar tríd a sholáthraítear ceann de na líonraí is forleithne áiteanna súgartha dá bhfuil ann in aon Chontae sa tír, agus iad ar fáil saor in aisce do chónaitheoirí sna príomhionaid lonnaíochta go léir agus i bpríomhionaid turasóireachta.

Bhí Beartas na nÁiteanna Súgartha Saor ó Thoit Tobac, a lainseáladh sa bhliain 2013, i bhfeidhm fós sa bhliain 2016. Tá faisnéis faoi na láithreáin go léir ar fáil lena híoslódáil i dTreoir na Comhairle d'Áiteanna Súgartha – 'Bímis ag Súgradh', atá ar fáil ag www.galway.ie agus tá léarscáil idirghníomhach ann ar an roinn Mapzone ar an láithreán gréasáin.

Faigheann Maoir Phobail oiliúint ROSPA (An Cumann Ríoga um Chosc Tionóiscí) le gur féidir leo Iniúchtaí Áiteanna Súgartha a dhéanamh. Bhí Oiliúint faoi Iniúchadh Áiteanna Súgartha ar siúl i mí Mheán Fómhair agus i mí na Samhna. Oifigeach údaraithe de chuid ROSPA a thug an Cúrsa Oiliúna. Fuair Maoir Phobail agus ionadaí ó gach Grúpa Pobail Deimhniúchán trí bliana tar éis dóibh an Cúrsa a chríochnú go rathúil. Rinneadh Iniúchtaí ROSPA ar na 15 áit súgartha de chuid na Comhairle i Meán Fómhair freisin.

Bhí an 'aip' iniúchta ar líne a d'oiriúnaigh an tAonad Córas Faisnéise sa bhliain 2015 ag obair go maith i gcónaí sa bhliain 2016, agus cabhraíonn sé sin le Maoir Phobail iniúchtaí a dhéanamh trí úsáid a bhaint as a gcuid fón cliste agus tuairiscí a chur ar fáil go huathoibríoch. Déantar tuairiscí a chomhdú go huathoibríoch agus soláthraítear taifead ar iniúchtaí seachtainiúla rud atá ag teastáil ar mhaithe le cúrsaí cothabhála agus árachais.

Ceiliúradh an tSeachtain Náisiúnta Áineasa trí chlár seachtaine gníomhaíochtaí a eagrú i dTuaim i gcomhpháirtíocht le Clár Críochnaithe Scoile Thuama agus le cómhaoiniúchan ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Cuireadh acmhainní an Lae Náisiúnta Súgartha agus na Seachtaine Náisiúnta Áineasa le chéile chun rannpháirtíocht Chomhairle na nÓg in Imeacht de chuid an Chomórtha Náisiúnta, is é sin, Feirmeoireacht agus Saol na Tuaithe 1916, a éascú agus fuarthas tacaíocht ina leith sin ó Youthwork Ireland. Bhí daoine óga i gceannas ar limistéar cluichí i gColáiste Uí Mhaoilíosa, Baile Átha an Rí, agus é bunaithe ar Leabhrán Acmhainní na Roinne a bhí forbartha ag Súgradh le haghaidh Imeacht faoi Théama 1916.

## An Clár maidir le Sábháilteacht Uisce (CSU)

Chun an Clár maidir le Sábháilteacht Uisce a chur i bhfeidhm, rinneadh painéal 43 Gharda Tarrthála oilte a earcú chun seirbhísí a chur ar fáil i ndeich suíomh sa Chontae [lena n-áirítear cúig Thrá Bhrataí Goirme] agus i sé shuíomh sa Chathair mar chuid de Chomhaontú Seirbhíse Comhroinnte le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, ar dá réir a sholáthraítear beirt ghardaí tarrthála ag gach trá i gcomhréir le Cónaidhm Idirnáisiúnta Gardaí Tarrthála na hEorpa (ILSE).

Cuireadh tús leis na Seirbhísí ar an 4 Meitheamh agus leanadh díobh go dtí an 11 Meán Fómhair 2016. Seoladh Oiliúint Ionduchtúcháin ar an 26 Bealtaine 2016 agus ar an 1 Iúil 2016.

Chuathas i mbun uasghrádú roinnt soláthairtí trealaimh agus athbhreithniú suntasach ar nósanna imeachta, chomh maith le Sceideal Ullmhúcháin agus Deisiúchán/Cothabhála Bothán a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm.

Sa bhliain 2015, rinneadh Oifigeach Forbartha Sábháilteachta Uisce a cheapadh ar bhonn páirtaimseartha. Cuimsíonn ról an oifigigh sin maoirseacht a dhéanamh ar Chlár na nGardaí Tarrthála/na Sábháilteachta Uisce, forbairt a dhéanamh ar an tseirbhís agus, chomh maith leis sin, tuairimí a thabhairt faoi ghnéithe sábháilteachta uisce d'iarratais chuig an gContae agus chuig an gCathair araon i ndáil le himeachtaí a bhfuil úsáid uisce i gceist leo e.g. Trí-atlain.

Rinneadh faisnéis cothrom le dáta faoi shuímh ina raibh Gardaí Tarrthála agus faoi na huaire an chloig ar lena linn a bheidís ar dualgas a phostú ar Roinn na dTaitneamhachtaí den láithreán gréasáin www.galway.ie/www.gaillimh.ie. Ina theannta sin, thug an Chomhairle ranníocaíocht €6,150 don Chomhlachas Snámha is Tarrthála.

Sa bhliain 2016, leanadh de na lamháltais chun a cheadú d'iarratasóirí uachtar reoite agus deochanna glasa a dhíol ag tránna sa Chontae ar feadh shéasúr an tsamhraidh.

## Linnte Snámha

Tá úinéireacht ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar Lárionaid Fóillíochta, lena n-áirítear Linnte, Giomnáisiam agus saoráidí seomra Stiúideo i bhFearann an Pháláis, Tuaim, agus i mBéal Átha na Sluaighe. Síníodh ceadúnas ceithre bliana bainistíochta, oibrithe agus cothabhála le *Coral Leisure* le haghaidh Ionaid Fóillíochta Thuama agus Bhéal Átha na Sluaighe i mí Eanáir 2016. Tá Comhchoiste Idirchaidrimh ann le *Coral Leisure* chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Ceadúnais agus feidhmíonn Seirbhísí Corparáideacha mar chathaoirleach ar an gcoiste sin.

Rinneadh formhaoirseacht ar oibreacha riachtanacha feabhsúcháin agus sláinte & sábháilteachta i leith an dá Ionad Fóillíochta a fhaigheann infheistíocht shuntasach i mbonneagar an fhoirgnimh agus i dtrealamh. Mar chuid de na hoibreacha feabhsúcháin, áiríodh uasghrádú an Chórais Aláraim Dóiteáin, Atíliú, Uasghrádú ar an gCóras Bainistíochta Foirgnimh i dTuaim agus Athsholáthar Caidéal Linne, Suíocháin Seomra Gaile agus Trealamh Seomra Gaile, agus Deisiúcháin ar an Ardaitheoir do dhaoine faoi mhíchumas in Ionad Fóillíochta Bhéal Átha na Sluaighe.

Sheol *Coral Leisure* deireadh seachtaine rathúil athlainseála ar an 28 Bealtaine agus ar an 29 Bealtaine i mBéal Átha na Sluaighe, agus ar an 4 Meitheamh agus ar an 5 Meitheamh i dTuaim, chun na Giomnáisiaim uasghrádaithe sa dá Ionad, ina raibh trealamh nua feistithe, a lainseáil agus chun na hIonaid a athbhrandáil. Leanann an Chuideachta Bhainistíochta dá bonn ballraíochta a chur chun cinn agus a mhéadú.




*Sa phictiúr thuas, feictear Lárionad Fóillíochta Thuama*

## Páirc Rinn Mhíl, Meáraí, Órán Mór

Tá Páirc Rinn Mhíl i measc na bpáirceanna is mó de chuid an Chontae agus tá gréasán siúlán inti, mar aon le háit súgartha agus giomnáisiam amuigh faoin aer. Comhairle Chontae na Gaillimhe a bhainistíonn Páirc Rinn Mhíl agus tá sí faoi chomhúinéireacht ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Is ionad ainmnithe é ar 'Slí an Atlantaigh Fhiáin'. Baineann cónaitheoirí áitiúla, cuairteoirí agus eagraíochtaí áitiúla, amhail Grúpaí Gasógaíochta, úsáid mhór as an bpáirc.

De réir an méid atá comhaontaithe i bPlean Bainistíochta Choillearnach Pháirc Rinn Mhíl (ar cuireadh tús leis sa bhliain 2015 chun laghdú a dhéanamh ar rioscaí sláinte agus sábháilteachta sa Pháirc, ar rioscaí iad a bhí ann mar gheall ar chrainn ró-aibí) bronnadh conradh sa bhliain 2016 chun Stoc Adhmaid Fáis a thabhairt chun bealaigh de réir Cheadúnas Leagan Crann na Comhairle. Ba é ba chuspóir don obair ná sábháilteacht a áirithiú sa pháirc agus an pháirc a thiontú ina Coill crann dúchasach agus leathdhúchasach. Tá athphlandáil in áiteanna a glanadh roimhe seo curtha i gcrích agus plandáladh os cionn 8,000 crann i mí Aibreáin/Bhealtaine.

Bhí lá athphlandála pobail ann mar chuid de Chlár Cuimhneacháin 1916 i mí an Mhárta agus bhí os cionn 70 oibrí deonach páirteach i bPlandáil Crann sa Pháirc. Fuarthas tacaíocht i leith an imeachta seo ó Oibrithe Deonacha Caomhantais, Gaillimh, Bailte Slachtmhara Órán Mór, Grúpaí Gasógaíochta agus Cónaitheoirí Áitiúla. Déanfar cothabháil leanúnach ar na crainn nua ar feadh tamaill.

Chuathas i mbun oibreacha ar chosáin nua i Meán Fómhair agus rinneadh feabhsúcháin ar limistéir Bar-B-Q chomh maith le suíocháin a chur isteach in ionaid phicnice a bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíchumas orthu.

Leanadh den Chlár Cothabhála Páirceanna a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le Scéimeanna Fostaíochta Chumann Forbartha Órán Mór. Sa bhliain 2016, choimisiúnaigh an Chomhairle

léarscáil dhigiteach eile de Pháirc Rinn Mhíl. Tá an clár cothabhála á chómhaoiniú ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

D'fhostaigh an Chomhairle Feighlí séasúrach ó Bhealtaine go Deireadh Fómhair. Lorgaíodh léirithe spéise maidir le baint agus aisghabháil féarlais ar thailte i bPáirc Rinn Mhíl agus thart uirthi.

Leanadh de lamháltas a dheonú chun sólaistí a chur ar fáil i bPáirc Rinn Mhíl i rith na tréimhse ó Aibreán go Meán Fómhair.

Bhí Raon Lúchchleasa Dhún Leo ag feidhmiú go hiomlán go dtí tús an tSamhraidh 2016 nuair ab éigean é a dhúnadh chun cothabháil riachtanach an dhéanamh. Cuireadh tús le deisiúcháin sa bhliain 2016 agus críochnófar na deisiúcháin deiridh go luath sa bhliain 2017 nuair a bheidh dálaí oiriúnacha aimsire ann. Cuirtear Sceideal ar fáil ar www.galway.ie áit a chuirtear in iúl amanna poiblí agus áirithintí ag clubanna áitiúla.

Leanadh **d'Fhaichí Imeartha Uile-Aimsire Thuama** a oibriú faoi Chomhaontú Ceadúnais a cuireadh i bhfeidhm le Club Peile *Tuam Celtic*. Tháinig Coiste Idirchaidrimh le chéile ar bhonn rialta chun oibriú na saoráide a athbhreithniú. Tugadh comhairle do scoileanna áitiúla agus do ghrúpaí áitiúla maidir le hinfhaighteacht na bhfaichí imeartha saor in aisce ag tráthanna ainmnithe, agus rinneadh socrú maidir le 40 uair an chloig d'úsáid saor in aisce in aghaidh na seachtaine.

Tugadh tacaíocht do limistéar **Pháirc Fhearann an Pháláis** i dTuaim agus chuir Oifig Cheantar Bardasach Thuama clár cothabhála i bhfeidhm.

Bronnadh maoiniúchán CLÁR, arbh fhiú €24000 é, ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ndáil le hoibreacha feabhsúcháin/deisiúcháin a bhí le déanamh ar an Áit Súgartha i bPort Omna.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil**

**a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt**

## Deich mBliana na gCuimhneachán 2013-2023 – Straitéis Chuimhneacháin do Chontae na Gaillimhe & Clár Chothrom Céad Bliain 1916 do Chontae na Gaillimhe

I rith na bliana 2016, chuir aonaid éagsúla raon imeachtaí agus tionscnamh i gcrích faoi Straitéis Chuimhneacháin na Gaillimhe i leith Dheich mBliana na gCuimhneachán 2013 – 2023. D'éascaigh an tAonad Seirbhísí Corparáideacha forbairt Chlár Cuimhneacháin 1916 do Chontae na Gaillimhe agus thacaigh siad le raon imeachtaí cuimhneacháin le linn na bliana 2016 agus, chomh maith leis sin, thug siad tacaíocht i leith imeachtaí cuimhneacháin a bhí á n-eagrú ag Aonaid eile mar chuid den chlár.

Mar thoradh ar níos mó ná 150 ócáid, idir imeachtaí agus thionscnaimh, a chur ar fáil le linn na bliana 2016, agus iad bunaithe ar na téamaí seo a leanas: Cuimhneamh, Athmhuintearas, Cur i Láthair, Samhlú agus Ceiliúradh, bhí deis ag ár gcuid pobal agus ag an diaspóra páirt ghníomhach a ghlacadh sna cuimhneacháin.

D'éascaigh an tAonad Seirbhísí Corparáideacha líon suntasach imeachtaí cuimhneacháin lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Imeacht oscailte na sraithe searmanais den chlár a seoladh in Áras an Chontae ar an 1 Eanáir 2016.
- Searmanas Stáit & Imeachtaí Gaolmhara i mBaile Átha an Rí ar Luan Cásca, an 28 Márta 2016.
- Searmanais & Cruinniú Speisialta Chomhairle Chontae na Gaillimhe in Áras an Chontae chun comóradh a dhéanamh ar an Éirí Amach i gContae na Gaillimhe Dé Luain, an 25 Aibreán 2016.
- Nochtadh cloiche cuimhneacháin ag Crois an Chairn Mhóir ar an 26 Aibreán 2016.
- Ócáid chathartha do ghaolta fhir agus mhná na Gaillimhe a bhí páirteach in imeachtaí 1916, ar ócáid í a seoladh i mBéal Átha na Sluaighe ar an 21 Bealtaine 2016.
- I gcomhpháirtíocht le Teagasc, d'eagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe imeacht náisiúnta 1916-2016 chun Feirmeoireacht agus Saol na Tuaithe 1916-2016 a chomóradh in áitreabh Teagasc, Campas Uí Mhaoilíosa, Baile Átha an Rí. D'éirigh go han-mhaith leis an imeacht suaitheanta náisiúnta saor in aisce seo agus seoladh é Dé hAoine, an 10 Meitheamh agus Dé Sathairn an 11 Meitheamh 2016; i measc na dtéamaí áiríodh Éirí Amach 1916, Saol Teaghlach Feirme agus Saol na Tuaithe, an Talamh, Oideachas agus Comhoibriú, Meicniú na Feirmeoireachta, Beostoc, agus Saol Spóirt agus Cultúir na haimsire sin.
- Nochtadh dealbh chuimhneacháin in Áras an Chontae Dé hAoine, an 17 Meitheamh 2016.
- Osclaíodh Gairdín Cuimhneacháin Éamoinn Ceannt i mBéal Átha Mó Dé Céadaoin, an 21 Meán Fómhair 2016.

- Ina theannta sin, riar an tAonad an scéim deontais pobail dar teideal Scéim Deontais Ghaillimh 2016-Cuimhneamh, chun míreanna ealaíne ardchaighdeáin a sholáthar chun fónamh mar oidhreacht bhuan chomhaimseartha i leith chuimhneacháin céad bliain 1916.







*Pictiúir a tógadh le linn imeacht oscailte na sraithe searmanais de Chlár Comórtha 1916 a seoladh in Áras an Chontae ar an 1 Eanáir 2016:*



*Ardú na Brataí Náisiúnta ag Áras an Chontae*



*An Comhairleoir Peter Roche agus bronnadh á dhéanamh aige ar Mary Gallagher, garneacht Éamoinn Ceannt. Sa phictiúr, freisin, feictear An tUas. Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach Eatramhach.*



*Imeacht oscailte na sraithe searmanais de Chlár Comórtha 1916 a seoladh in Áras an Chontae ar an 1 Eanáir 2016.*




*Pictiúir a tógadh le linn imeacht oscailte na sraithe searmanais de Chlár Comórtha 1916 a seoladh in Áras an Chontae ar an 1 Eanáir 2016*





*Pictiúir a tógadh le linn an tSearmanais Stáit & na nImeachtaí Gaolmhara i mBaile Átha an Rí ar Luan Cásca, an 28 Márta 2016.*






*Pictiúir a tógadh le linn imeachtaí an tSearmanais Stáit agus le linn Phlandáil Crainn ag an gCathaoirleach, an Comhairleoir Peter Roche, i mBaile Átha an Rí ar Luan Cásca, an 28 Márta 2016*



*Taispeántas rós lámhdhéanta de chuid Ghrúpa Ceardaíochta agus Cainte Bhaile Átha an Rí le linn Chomóradh Céad Bliain 1916*



*Pictiúir a tógadh le linn an imeachta searmanais a seoladh i nGairdín Comórtha 1916 Bhaile Átha an Rí ar Luan Cásca, an 28 Márta 2016*




*An Cathaoirleach, an Comhairleoir Peter Roche, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus an Méara, an Comhairleoir Frank Fahy, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, le linn nochtadh Cloiche Cuimhneacháin, i gcloch Chairn Mhóir, ag Crois an Chairn Mhóir ar an 26 Aibreán 2016.*




*Scrollaí a bronnadh ar na gaolta le linn imeacht cathartha do ghaolta fhir agus mhná na Gaillimhe a bhí páirteach in Éirí Amach 1916; bhí an t-imeacht ar siúl i mBéal Átha na Sluaighe ar an 21 Bealtaine 2016.*




*Clé-Deas: An tAth. Dan O'Donovan, Imam Khalid, an tUas. Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach), an Cathaoirleach, an Comhairleoir Peter Roche, Ibrahim Noonan agus an tOir. John Godfrey ag an imeacht cathartha a seoladh i mBéal Átha na Sluaighe ar an 21 Bealtaine 2016 do ghaolta fhir agus mhná na Gaillimhe a bhí páirteach in imeachtaí 1916.*




*An Comhairleoir Peter Roche, agus é ag bronnadh Scrolla ar Bhean O'Dea ag an imeacht cathartha a seoladh i mBéal Átha na Sluaighe ar an 21 Bealtaine 2016 do ghaolta fhir agus mhná na Gaillimhe a bhí páirteach in imeachtaí 1916.*

I gcomhpháirtíocht le Teagasc, d'eagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe imeacht náisiúnta 1916-2016 chun Feirmeoireacht agus Saol na Tuaithe 1916-2016 a chomóradh in áitreabh Teagasc, Campas Uí Mhaoilíosa, Baile Átha an Rí. D'éirigh go han-mhaith leis an imeacht suaitheanta náisiúnta saor in aisce seo agus seoladh é Dé hAoine, an 10 Meitheamh agus Dé Sathairn an 11 Meitheamh 2016; i measc na dtéamaí áiríodh Éirí Amach 1916, Saol Teaghlach Feirme agus Saol na Tuaithe, an Talamh, Oideachas agus Comhoibriú, Meicniú na Feirmeoireachta, Beostoc, agus Saol Spóirt agus Cultúir na haimsire sin.



*An tAire Heather Humphries agus í ag síniú Leabhar na gCuairteoirí ag an imeacht Feirmeoireacht & Saol na Tuaithe 1916-2016.*




*An Cathaoirleach, an Comhairleoir Peter Roche i mbun aitheasc fáiltithe ag an imeacht Feirmeoireacht & Saol na Tuaithe 1916-2016.*



*An tUas. Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach) agus é ag síniú Leabhar na gCuairteoirí ag an imeacht Feirmeoireacht & Saol na Tuaithe 1916-2016.*



*Pictiúr a tógadh le linn Feirmeoireacht & Saol na Tuaithe 1916-2016 a seoladh i mBaile Átha an Rí ar an 10 & 11 Meitheamh 2016*





*Pictiúr a tógadh le linn Feirmeoireacht & Saol na Tuaithe 1916-2016 a seoladh i mBaile Átha an Rí ar an 10 & 11 Meitheamh 2016*





*Pictiúr a tógadh le linn Feirmeoireacht & Saol na Tuaithe 1916-2016 a seoladh i mBaile Átha an Rí ar an 10 & 11 Meitheamh 2016*





*Pictiúr a tógadh le linn Feirmeoireacht & Saol na Tuaithe 1916-2016 a seoladh i mBaile Átha an Rí ar an 10 & 11 Meitheamh 2016*



*An Comhairleoir Peter Roche, Cathaoirleach, agus an tUas. Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach), tar éis nochtadh na deilbhe cuimhneacháin in Áras an Chontae Dé hAoine, an 17 Meitheamh 2016.*



*Oscailt oifigiúil agus beannú Ghairdín Cuimhneacháin Éamoinn Ceannt i mBéal Átha Mó a seoladh Dé Céadaoin, an 21 Meán Fómhair 2016*



*An Cathaoirleach, Michael Connolly, agus bronnadh á dhéanamh aige ar an Leifteanant Damien Kelleher ag Searmanas Dúnta 1916 a seoladh in Áras an Chontae Déardaoin, an 14 Nollaig 2016*




*Lainseáil oifigiúil an fhoilseacháin dhátheangaigh, 'Machnamh Céad Bliain ar Éirí Amach 1916: Dearcadh Chontae na Gaillimhe', in Áras an Chontae Déardaoin, an 14 Nollaig 2016.*

# CUR CHUN CINN NA GAEILGE

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta i leith seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú agus i leith leanúint de na hoibleagáidí ábhartha atá uirthi faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh agus, chomh maith leis sin, i leith an Scéim Teanga a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, féachann an Chomhairle le tacú leis an nGaeilge, agus leis an nGaeilge a chur chun cinn, ar fud an Chontae. Chuathas i mbun na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

- Rinneadh clár mionsonraithe imeachtaí Gaeilge a fhorbairt i ndáil le Clár Chothrom Céad Bliain 1916 do Chontae na Gaillimhe ina bhfuil an tsraith Ghaeilge is mó i gcomparáid le haon chlár eile den sórt sin dá bhfuil ann sa Tír.
- Lainseáladh Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais Chomhairle Chontae na Gaillimhe/ Galway County Council Pádraig Pearse Scholarships i gcomhar leis na Coláistí Samhraidh i gConamara chun 14 scoláireacht a chur ar fáil do mhic léinn dara leibhéal i gContae na Gaillimhe chun freastal ar Chúrsaí Samhraidh Gaeltachta.
- Seoladh Scoil Samhraidh an Phiarsaigh 2016 /Pádraig Pearse Summer School 2016 i Ros Muc ar an 28/29/30 Iúil 2016.
- Soláthraíodh Suíochán Cuimhneacháin in onóir Phádraig Mhic Phiarais i Séipéal an Ghoirt Mhóir mar chuid den Chlár Comórtha Céad Bliain i gContae na Gaillimhe.
- Dara Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe – leanadh de dhara scéim Ghaeilge Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur i bhfeidhm i rith na bliana 2016 agus beidh an scéim i bhfeidhm go dtí an bhliain 2017.
- D'iarr Oifig an Choimisinéara Teanga athbhreithniú eatramhach ar an Dara Scéim Teanga d'Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe agus éascaíodh an iarraidh sin.
- Cuireadh tús le Straitéis Scileanna Teanga an Fhórsa Saothair de réir mar a cheanglaítear leis an scéim agus de réir mar is gá chun cur i bhfeidhm ghealltanais na scéime a éascú.
- I mí an Mhárta, cuireadh clár mionsonraithe do Sheachtain na Gaeilge a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear rannpháirtíocht ar thaobh na foirne agus an phobail i gcomórtais, in imeachtaí agus i dtaispeántais.
- Aiseolas faoi Sheirbhísí Custaiméara trí Ghaeilge – Déileáladh le saincheisteanna éagsúla a d'ardaigh daoine den phobal go díreach nó a ardaíodh trí oifig an Choimisinéara Teanga de réir mar a fuarthas iad agus, le comhoibriú ó aonaid éagsúla de chuid na Comhairle, cuireadh bearta i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an tseirbhís atá á soláthar.
- Fuair www.galway.ie / www.gaillimh.ie Gradam don Láithreán Gréasán Dátheangach Údaráis Áitiúil Is Fearr le linn Ghradaim na hEarnála Poiblí 2016.
- Leanadh de chur le *Feasacht na Foirne* i leith na n-oibleagáidí faoin reachtaíocht teanga trí sheisiúin faisnéise a soláthraíodh ag seisiúin ionduchtúcháin foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le dualgais, oibleagáidí agus reachtaíocht teanga.
- *Deontais Tacaíochta Pobail* – Rinneadh an Ghaeilge a chur san áireamh go sonrach mar chatagóir sa Scéim Tacaíochta Pobail sa bhliain 2016. Ceadaíodh deontais iomlána €3,900 do thionscadail i Scoileanna agus in Eagraíochtaí Pobail & Deonacha chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a mhéadú.
- *Gradaim an Chathaoirligh* – Leanadh den Ghaeilge a áireamh i nGradaim an Chathaoirligh sa bhliain 2016.
- An Rannchuidiú is Fearr leis an nGaeilge (Gaeltacht): Oireachtas Chois Fharraige 2016
- An Rannchuidiú is Fearr leis an nGaeilge (neamh-Ghaeltacht): Clubanna Óige Spleodar Bhaile Locha Riach (Bhéal Átha an Rí agus Úaráin Mór)

- *Glór na nGael* – Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag tacú le tionscnamh Ghlór na nGael trí mhaoiniúchán a sholáthar do ghradam Chontae na Gaillimhe do Phobail a chuireann an Ghaeilge chun cinn agus a chuireann feabhas ar staid na teanga. Ghnóthaigh Forbairt Chonamara Láir Teo Gradam na bliana 2016.
- Leanadh de chóras láraithe maidir le huasdátú agus leasú an láithreáin gréasáin a oibriú i rith na bliana 2016 chun comhlíonadh na Scéime Teanga a áirithiú.
- Rinneadh an seoladh ríomhphoist gaeilge@cocogaillimh.ie a chur chun cinn i measc custaiméirí mar chuid de sholáthar feabhsaithe seirbhísí.




*Ceolchoirm Am Lóin/Lunchtime Recital Dé Céadaoin 3 Márta, 2016, Atrium, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc Gaillimh*

**SÓCMHAINNÍ STAIRE**

Thug an Chomhairle maoiniúchán d'Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí atá suite i dTeampall Mhuire i lár Bhaile Átha an Rí chun tacú le himeachtaí de chuid na saoráide agus chun í a chothabháil. Ba chabhair an maoiniúchán maidir leis an tSócmhainn seo, a tharraingíonn os cionn 3000 cuairteoir, a chur chun cinn agus maidir le himeachtaí a sheoladh ann agus í a chothabháil i gcoitinne.




*Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí*

Chríochnaigh an Chomhairle tarraingt anuas maoiniúcháin ó Fhorbairt Tuaithe na Gaillimhe Teo faoi Bhearta Caomhantais chun áirse an bhealaigh isteach chuig Teampall Mhuire, Baile Átha an Rí, a dhéanamh sábháilte d'fhonn cuairteoirí chuig an Ionad Oidhreachta a éascú agus d'fhonn cuid mhór d'iarsmaí an teampaill mheánaoisigh, gar don Lár, a chaomhnú.

Tá Lárionad Cuairteoirí Chath Eachroma, ina soláthraítear faisnéis faoi Chath na bliana 1691, á bhainistiú agus á mhaoiniú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Sa bhliain 2016, leanadh de Thurais bhreise Scoile agus Grúpa a éascú agus cuireadh an tsaoráid chun cinn sa réigiún agus ar mheáin shóisialta.

Osclaíodh Lárionad Cuairteoirí Chath Eachroma don séasúr ón 15 Marta go dtí an 9 Mean Fómhair 2016. Sheol an Lárionad sraith ceardlann agus imeachtaí sa bhliain 2016 lena n-áirítear imeachtaí comórtha 1916 agus imeachtaí na Seachtaine Oidhreachta. Uasghrádaíodh na scáileáin taispeána closamhairc le ranníocaíocht ó Chumann Forbartha Pobail Eachroma. Déantar an Lárionad a chur chun cinn freisin i gcomhpháirtíocht le hóstáin áitiúla agus le sóláthróirí cóiríochta áitiúla agus ar *Discover Ireland*. Tugann an Lárionad cúnamh do ghrúpaí áitiúla trí ghníomhaíochtaí turasóireachta áitiúla a chur chun cinn sa réigiún, lena n-áirítear rianta timpeall Láthair an Chatha

agus nasc le Bealach Ó Maine in aice láimhe, is é sin le rá, an bealach fad achair rothaíochta agus siúil.



*Lárionad Cuairteoirí Chath Eachroma, in aice le hÁit Súgartha agus Páirc an Phobail, Eachroim, Béal Átha na Sluaighe*

Cuireadh an chéad chéim de na hOibreacha beartaithe Comhdhlúthaithe, Cobhsaithe agus Sábhailteachta ar Theampall N Aindriú, Cill Chonla, Tuaim, a chur i gcrích agus maoiníodh na hoibreacha go páirteach trí dheontas faoi "Ciste na nDéanmhas i mBaol". Ba é a bhí sa chéad chéim ná nithe a raibh luach caomhantais acu a tharrtháil lena stóráil go sábháilte agus díon nua a chur ar an bpríomhtheampall Táthar ag súil go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn le linn an dara céim den scéim seo sa bhliain 2017 chun saoirseacht chloiche an chloigthí a chomhdhlúthú agus a chobhsú.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.**

## Cóiríocht Oifige

- Lean Seirbhísí Corparáideacha de sheirbhísí airíochais agus bainistithe saoráidí a sholáthar i ndáil le gréasán oifigí, leabharlann agus feidhmeanna cathartha na Comhairle.
- Rinneadh mionoibreacha feabhsaithe agus athfheistithe i Leabharlann agus in Oifig Cheantair Bhaile Átha an Rí agus is é a bhí i gceist leo sin ná dorais nua a shuiteáil ag an mbealach isteach, mótar dorais a chur ar fáil, oifig nua a sholáthar, urlár nua a chur isteach san fhorhalla, scáileán nua glónraithe, doras agus oscailteoir dorais a shuiteáil sa leabharlann, an forhalla a phéinteáil, uasghrádú an chórais téite, cairpéad a chur isteach sa phríomhleabharlann agus an taobh amuigh den fhoirgneamh a phéinteáil.
- Rinneadh oibreacha feabhsaithe den tsamhail chéanna i Leabharlann agus in Oifig Cheantair Phort Omna agus is é a bhí i gceist leo sin ná doras a shuiteáil ag an mbealach isteach, mótar dorais a chur ar fáil, urlár nua a chur isteach sa halla ag an mbealach isteach agus an taobh amuigh den fhoirgneamh a phéinteáil.

- Chomh maith leis sin, sheol Seirbhísí Corparáideacha próiseas atairisceana chun an Conradh Glantacháin d'Oifigí, do Leabharlanna agus do Chóiríocht Fhoghabhálach a fhadú ar feadh tréimhse suas go ceithre bliana.
- I gcomhar leis an Oifigeach Caomhantais Ailtireachta, chomhordaigh Seirbhísí Corparáideacha dearadh agus athfhorbairt Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe ar Láithreán Chlochar na Trócaire, chomh maith le bainistiú tionscadail a dhéanamh ina leith sin, agus d'oscail an Cathaoirleach, an Comhairleoir Peter Roche, an foirgneamh go hoifigiúil ae an 16 Bealtaine 2016.



*Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe*

## Bainistíocht Fuinnimh & Tionscnaimh Laghdaithe Fuinnimh

- Mar thoradh ar thionscnaimh laghduithe fuinnimh a cuireadh i gcrích sa bhliain 2015, d'fheabhsaigh Áras an Chontae an Rátáil Fuinnimh Foirgnimh oibríochtúil (BER) ar a Dheimhniú Fuinnimh Taispeána ó C3 go C1 don bhliain 2016.
- Ní mór Deimhniú Fuinnimh Taispeána, agus é comhlánaithe, a bheith ar taispeáint in 18 gcinn d'fhoirgnimh phoiblí de chuid na Comhairle agus déantar comhordú ina leith sin in éineacht le Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach/Chill Chainnigh.
- Éifeachtúlacht Fuinnimh: D'éirigh le Leabharlann Órán Mór deontas 50% a fháil ó SEAI faoi Chlár Pobail Fuinnimh Níos Fearr 2016 chun oibreacha feabhsaithe fuinnimh a dhéanamh inar áiríodh Painéil Fhótavoltacha a shuiteáil ar dhíon na leabharlainne agus Soilse LED nua a chur in ionad na bhfeisteas soilsiúcháin inmheánach.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Déantar Iniúchtaí Sláinte & Sábháilteachta go tráthrialta i gcomhréir le cur i bhfeidhm Phlean Bainistithe Sláinte & Sábháilteachta an Chontae.

## Iniúchadh Inmheánach

Is é Plean Iniúchta Inmheánaigh 2016 an clár bliantúil oibre agus tarraingíodh suas é i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach, leis an gCoiste Iniúchta agus le Ceann na Foirne Iniúchta Inmheánaigh.
Sa phlean sin, bhí 9 réimse ann a bhí le hiniúchadh agus críochnaíodh tuarascálacha iniúchta ar na réimsí seo a leanas agus tíolacadh don Choiste Iniúchta iad ag cruinnithe éagsúla a seoladh i rith na bliana 2016.

- Oifig Fiontair Áitiúil
- Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe
- Seiceálacha diana ar scéimeanna caipitiúla mar chuid de Thuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta an Chóid Caiteachais Phoiblí a sholáthraítear don Choimisiún Náisiúnta um Fhormaoirsiú agus Iniúchóireacht.
- Saincheisteanna a ardaíodh i Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2014
- Oibriú Chlár na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP)
- Tástáil ar chomhlíonadh i ndáil le beartais inmheánacha agus ríomh táillí
- Athbhreithniú ar an aonad athstruchtúrtha bailithe fiach agus ar an tionchar ar bhailiú muirear seirbhísí dóiteáin
- Idirbhearta cárta i leith ceannacháin íseal-luacha a fhágáil ar an gcuntas fionraí go dtí go bhfaightear admhálacha/ceaduithe
- Leibhéal comhlíontachta i measc sealbhóirí cárta breosla i leith na dtéarmaí agus na gcoinníollacha úsáide.

Rinneadh athbhreithniú ar an stádas maidir le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm moltaí ó iniúchtaí a bhí ann i dtuarascálacha iniúchta 2015.

Rinneadh na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur i gcrích mar chuid d’fheidhm seiceála & comhréitigh na nIniúchtaí Inmheánacha:

- Seiceáil ar fháltais i gcomparáid le taiscí i leith Mótarchánach, agus scrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid a choinnítear i ndáil le dioscaí cealaithe agus, dioscaí dúblacha san áireamh.
- Athbhreithnithe tréimhsiúla ar fháltais de chuid oifigí airgid thirim Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gcomparáid le taiscí, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar fháltais chealaithe bailitheoirí ioncaim.

## Seirbhísí Comhairleacha Dlí

- Chuir an Oifig comhairle dhlí ar fáil go díreach don Phríomhfheidhmeannach agus do na Stiúrthóirí Seirbhísí maidir le gach réimse cláir agus maidir le saincheisteanna de réir mar a tháinig siad chun cinn.

- Chuir an Oifig seirbhísí dlí ar fáil i ngach réimse cláir, lena n-áirítear ceannach agus díol maoine, freastal ar éisteachtaí ó bhéal maidir ceannach éigeantach, eadráin a sheoladh i ndáil le fáil talún, dlíthíocht a sheoladh lena n-áirítear ionchúisimh sa Chúirt Dúiche maidir le

forfheidhmiú rialachán agus cód, agus Dlíthíocht sa Chúirt Chuarda, san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach.

- Ba chuid mhór den obair sa bhliain 2016 í an dlíthíocht san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Achomhairc, lena n-áirítear Athbhreithniú Breithiúnach, chomh maith le gealltanais bhliantúla i leith na Cúirte Dúiche i dtaca le Forfheidhmiú Cód a bhaineann le gach Stiúrthóireacht.

- Rinneadh forbairt agus iarrachtaí eile i ndáil le feabhsú agus optamú an Chórais Bainistithe Cás. I measc na nithe sin, áiríodh tús a chur le húsáid saoráide Taifeadta Ama sa chóras d'aturnaetha agus tá an tsaoráid sin le bheith á húsáid ina hiomláine sa bhliain 2017.

- Leanann an oifig dá Clár Tailte a uasdátú nuair is cuí sin.

- Rinneadh líon suntasach seanchomhad a athbhreithniú, a dhúnadh agus a chartlannú faoin mBeartas Bainistithe Taifead.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

**CLÁR SEIRBHÍSÍ FORBARTHA LEABHARLAINNE**

Lean Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe de sheirbhís luachmhar a sholáthar do phobail agus do dhaoine aonair sa bhliain 2016. Tá tábhacht fós ag leabharlanna i measc leanaí, dhaoine fásta agus theaghlaigh Chathair agus Chontae na Gaillimhe. Sa bhliain 2016, lean ár gcuid Leabharlann Brainse de sheirbhís léitheoir-lárnach a sholáthar le linn dóibh aire a thabhairt do riachtanais a léitheoirí. Cuimsíonn gréasán Leabharlanna Chontae na Gaillimhe an méid seo a leanas:

- 29 Leabharlann Brainse
- Seirbhís Leabharlainne Shoghluaiste
- Seirbhís Scoile do Bhunscoileanna
- Clos-Seirbhís do Dhaoine Lagamhairc
- Seirbhís Staire Áitiúla
- Cartlann
- ***40,172**** *bhall (bhí 22,696 aosach* agus 17,476 leanbh cláraithe sa bhliain 2016)*
- **578,240 cuairt** ***ar ár gcuid Leabharlann agus bhí*** **47,503 sheisiún idirlín ann**.
- ***729,824*** *a bhí sa líon iomlán leabhar agus ítimí a eisíodh chuig daoine sa bhliain 2016*

Ba í an bhliain 2016 an chéad bhliain iomlán inar raibh Ballraíocht Saor In Aisce ar fáil, rud a tugadh isteach i mí na Samhna 2015 le go mbeadh Leabharlann na Gaillimhe i gcomhréir leis an mbeartas uilíoch agus náisiúnta maidir le leabharlanna poiblí.

**Forbairtí sa bhliain 2016**

- Rinneadh Oscailt Oifigiúil Leabharlann nua Bhéal Átha na Sluaighe agus Ghailearaí an Teampaill, atá suite in iar-Chlochar na Trócaire, a sheoladh sa bhliain 2016. Tá an leabharlann ar an tsaoráid is mó úsáid i Réigiún Oirthear na Gaillimhe anois.
- Cuireadh LMS-Córas Náisiúnta Bainistíochta Leabharlainne – Sierra - i bhfeidhm.
- Córas Nua Iompair – tá iasachtaí ó 17 leabharlann ar fud na hÉireann ar fáil.
- Bhí seirbhísí ar líne, lena n-áirítear *eBooks, eAudio, EMagazines, eNewspapers, eLanguages* agus *eLearning*, ar fáil do bhaill na leabharlainne.
- *My Open Library*: Suiteáladh an bonneagar i leabharlanna Bhéal Átha na Sluaighe agus Órán Mór.
- Rinneadh RFID – (Sainaithint Minicíochta Raidió) - is é sin le rá, córas féinseirbhíse i leith leabhair a eisiúint agus a thabhairt ar ais a shuiteáil i Leabharlann Órán Mór. Tá an córas sin ag oibriú go rathúil i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe agus i Leabharlann Westside arb í an leabharlann is gnóthaí de chuid na seirbhíse í.
- Tugadh isteach córas Surfbox i Leabharlanna Bhéal Átha na Sluaighe agus Órán Mór sa bhliain 2016 rud a chumasaigh d'úsáideoirí rochtain a fháil ar sheirbhísí priontála agus fótachóipeála ó ríomhairí agus ó fheistí soghluaiste.



*Oibreacha críochnaithe i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe – radharc ar an taobh thiar den fhoirgneamh.*

## IMEACHTAÍ OIDEACHAIS AGUS CULTÚIR NA SEIRBHÍSE LEABHARLAINNE

### Tá Leabhair agus Léitheoireacht i gcroílár gach ní a dhéanaimid.

Is mian linn tacú le daoine a mhéid a bhaineann lena ngrá do leabhair agus le saothrú an eolais acu. Soláthraítear rogha leathan ilchineálach leabhar agus ítimí eile d'aosaigh agus do leanaí i ngach réimse den litríocht agus den eolas. Tapaíonn an Leabharlann gach deis chun leabhair agus léitheoireacht a chur chun cinn.

Tá an-éileamh ar Ghrúpaí Léitheoireachta.

- Tagann Grúpaí Léitheoireachta le chéile go tráthrialta i gcuid mhór dár Leabharlanna Brainse.
- Tugann leabharlanna tacaíocht do ghrúpaí léitheoireachta príobháideacha freisin trí leabhair agus cóiríocht a sholáthar dóibh.
- Rinneadh Club Leabhar Gaeilge a sheoladh i rith na bliana i Leabharlann na Ceathrún Rua.
- Tagann Grúpaí Léitheoireachta do Leanaí le chéile in áiteanna éagsúla e.g. sa Bhaile Bán, in Westside, in Áth Cinn agus i dTuaim.
- Déantar *Over The Edge Poetry Reading* a sheoladh gach mí i Leabharlann Chathair na Gaillimhe. Tá an-éileamh air agus, ar an meán, freastalaíonn 100 duine air.

**Seirbhísí do Leanaí**

I measc na nithe is tábhachtaí a dhéanaimid i Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe áirítear cabhrú le leanaí tuiscint a fháil ar an sult atá le baint as léitheoireacht. Is maith le leanaí leabhar amháin ar leithligh a bheith acu lena léamh agus soláthraímid spreagadh agus dreasachtaí de gach cineál ina leith sin.

- Is imeacht an-rathúil é Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh do Leanaí atá á chothú le níos mó ná fiche bliain agus bhí thart ar 4000 leanbh cláraithe don Dúshlán in 24 Leabharlann Bhrainse sa bhliain 2016.
- Bhronn Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Michael Connolly, agus comhairleoirí eile, Teastais agus Boinn Léitheoireachta ar na céadta leanaí ag deireadh cóisirí samhraidh ina mBrainsí áitiúla. Bhí searmanais bhronnta ann i Leabharlanna Brainse ar fud an Chontae i rith na bliana 2016, lena n-áirítear Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, an Cheathrú Rua, Dún Mór, Dún an Uchta, an Gort, Áth Cinn, Baile Locha Riach, Maigh Locha, Uachtar Ard, Port Omna, an Spidéal, Tuaim agus an Ghráig.
- D'éirigh go maith leis an imeacht léitheoireachta a reáchtáil Lárionad Ghallaigh sa bhliain 2016 le cabhair ón tSeirbhís Leabharlainne Shoghluaiste.
- One Book One Town: Ghlac Leabharlann Thuama agus Leabharlann Westside araon páirt san imeacht seo sa bhliain 2016. I gcomhar leis an bhFoireann Idirchaidrimh Baile/Scoile, thug Leabharlann Thuama spreagadh do gach duine i dTuaim leabhar amháin a léamh. D'fhreastail ranganna as scoileanna áitiúla ar sheisiúin léitheoireachta i Leabharlann Thuama agus i Leabharlann Westside.
- Rinneadh Féile Leabhar na Leanaí a reáchtáiltear i mí Dheireadh Fómhair a cheiliúradh le Féile Scéalaíochta ar thug an Oifig Ealaíon, Comhairle Chontae na Gaillimhe, urraíocht ina leith. Thug scéalaithe amhail Pat Speight (as Corcaigh), Yourman Puppets, Little Gem Puppets, Sorcas na Gaillimhe agus roinnt scríbhneoirí Éireannacha de chuid Futa Fata, ar foilsitheoirí iad atá lonnaithe sa Spidéal, cuairt ar Leabharlanna Bhrainse. D'eagraigh Leabharlann na Ceathrún Rua imeacht do leanaí.
- Tá an-éileamh ar Storytime for Young Children, ar imeacht seachtainiúil é i leabharlanna éagsúla e.g. an Baile Bán, Cathair na Gaillimhe, Áth Cinn, an Líonán, Baile Locha Riach, Órán Mór, an Spidéil agus Westside.
- Bhí seisiúin cheardaíochta ann do leanaí i leabharlanna amhail leabharlann an Líonáin agus leabharlann Chloch na Rón, agus bhí déanamh cártaí agus leabharmharcanna Cásca agus Nollag san áireamh sna himeachtaí a bhí ann.

**Leabharlanna Aosach agus na hEalaíona**

Is ionann leabharlanna agus moil bheoga chruthaitheacha ina ndéantar cruthaitheacht agus smaointeoireacht a spreagadh agus a chothú. Tá daoine in ann rochtain a fháil ar na hEalaíona trína gcuid Leabharlann áitiúil.

- Bíonn Taispeántais Ealaíne ann go tráthrialta i gcuid mhór Leabharlann. Bíonn saothar de chuid ealaíontóirí áitiúla agus ealaíontóirí cuairte ar taispeáint lena linn.
- Tá spás iontach i gcomhair taispeántas ag Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe, ag Leabharlann na Ceathrún Rua agus ag Leabharlann an Spidéil agus bhí an-éileamh ar a gcuid taispeantas ar fud na bliana 2016.

- Is é seo an 10ú bliain go bhfuil Conair Ealaíne Oirthear na Gaillimhe ar marthain. Déanann sé cónasc idir ealaíontóirí agus leabharlanna amhail brainsí Bhéal Átha na Sluaighe, Phort Omna, na Gráige, Dhún an Uchta agus Chill Íomair. Sanntar ealaíontóir chuig leabharlann i gcomhair taispeántais, bíonn oscailt oifigiúil ann agus déantar an t-ealaíontóir a chur chun cinn ar feadh trí seachtaine. Is bealach iontach é chun ealaín a chur chun cinn i bpobal áitiúil.

**Ceadail Cheoil**

- I mí Mheán Fómhair, rinneadh Oíche an Chultúir a cheiliúradh i mBaile Átha an Rí, i gCathair na Gaillimhe, sa Spidéal agus i leabharlanna eile ar fud Chontae na Gaillimhe.

- Bíonn imeachtaí rialta ceoil ann i leabharlanna Bhéal Átha na Sluaighe, an Ghoirt, Bhaile Locha Riach, na Ceathrún Rua agus Thuama. I roinnt cásanna, tagann ceoltóirí áitiúla le chéile agus seinneann siad sa Leabharlann.

- Reáchtáladh ceolchoirmeacha i mbrainsí e.g. bhí ceolchoirmeacha míosúla le Con Tempo ann i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe.

**Féilte Ealaíon:**

- Cuimhnítear ar Leabharlann an Chlocháin nuair a luaitear Féile Ealaíon an Chlocháin ón tráth a tionscnaíodh an fhéile sin 29 mbliana ó shin. I mbliana, baineadh úsáid as an Leabharlann mar ionad i gcomhair roinnt seisiún léitheoireachta filíochta agus i gcomhair taispeántais ealaíne.

- Thacaigh Leabharlann an Ghoirt le Tionól an Fhómhair i mí Mheán Fómhair.

- Thacaigh leabharlanna an Bhaile Bháin agus Westside le Féile na Cúirte i mí Aibreáin.

- Tá baint ag Leabharlann Bhaile Locha Riach leis an Baffle Arts Festival le roinnt blianta anuas.

- Ceiliúradh Seachtain na Gaeilge sa Spidéal, sa Cheathrú Rua, i mBaile Locha Riach, i mBéal Átha na Sluaighe agus i gCathair na Gaillimhe.

- Rinneadh Féile na Bealtaine a cheiliúradh i gcomhar le Age Action in áiteanna éagsúla e.g. i mBéal Átha na Sluaighe, sa Ghort, in Órán Mór, i gCathair na Gaillimhe, i dTuaim, sa Bhaile Bán agus in Westside.

**Imeachtaí agus Seirbhísí eile don Phobal**

- D’eagraigh Leabharlann na Ceathrún Rua ‘Áirneáil an Lae Inniu’ ar fud na bliana 2016. Dhírigh an tsraith rathúil tráthnónta seo ar ghnéithe éagsúla de shaol na tuaithe agus de shaol Chonamara agus d’fhreastail líon mór daoine áitiúla agus cuairteoirí ar na seisiúin.

- D’eagraigh leabharlanna Gaeltachta imeachtaí, go formhór i nGaeilge, ar fud na bliana go háirithe leabharlanna na Ceathrún Rua, an Spidéil, Inis Meáin, Inis Oírr agus Chill Rónáin.

- Chuir an tSeirbhís Leabharlainne Shoghluaiste leabhair ar fáil do roinnt Lárionad Sláinte agus do roinnt lárionad pobail tuaithe ar fud na bliana agus, chomh maith leis sin, soláthraíodh leabhair do léitheoirí nach féidir leo imeacht óna dteach cónaithe.

**Cuimhneacháin 1916-2016 agus Leabharlanna**

- Bhí ról tábhachtach ag an bhfoireann leabharlainne i gclár imeachtaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe sa bhliain 2016, go háirithe i mBaile Átha an Rí, an Chaisc 2016, i mBéal Átha Mó, i mBealtaine 2016, agus in Áras an Chontae.
- D'eagraigh Leabharlanna na Gaillimhe imeachtaí ar fud na bliana.
- D'eagraigh Cartlann na Gaillimhe Taispeántais i rith na bliana 2016 ar fud na Gaillimhe i Leabharlanna agus in ionaid eile. I measc na leabharlanna sin, áirítear Leabharlanna Inis Mór, Bhéal Átha na Sluaighe, an Chlocháin agus Bhaile Locha Riach agus Leabharlann na Ceathrún Rua agus Leabharlanna Chathair na Gaillimhe.
- Bhí dhá Thionscadal de chuid Great Galway Read ann sa bhliain 2016 agus iad dírithe ar 1916 agus ar an tréimhse réabhlóide i stair na hÉireann. Seoladh imeachtaí i leabharlanna Bhaile Átha an Rí, Bhéal Átha na Sluaighe, na Ceathrún Rua, an Ghoirt agus Bhaile Locha Riach, agus i Leabharlann Chathair na Gaillimhe agus i leabharlanna Órán Mór agus Thuama agus i leabharlanna eile, lena n-áirítear Leabharlanna de chuid na cathrach.

Chun cabhair a thabhairt maidir lenár riachtanais foirne sa bhliain 2016, fuaireamar tacaíocht ó Mhic Léinn Leabharlannaíochta as áiteanna éagsúla san Eoraip, lena n-áirítear mic léinn ón nGearmáin, ón Iodáil, ón bhFrainc agus ón Spáinn. D’oibrigh siad i gCeannoifig na Leabharlainne, i gCathair na Gaillimhe, in Westside, sa Bhaile Bán, in Órán Mór agus sa Ghort. Fuarthas tacaíocht freisin ó intéirnigh i mBéal Átha na Sluaighe, sa Cheathrú Rua, in Westside, i dTuaim agus i mBaile Locha Riach.

Ceadaigh Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe Clár Forbartha Leabharlann na Gaillimhe 2016-2021 agus bhí tograí ann a tógadh as Straitéis do Leabharlanna Poiblí 2013-2017 – Deiseanna do Chách: an Leabharlann Phoiblí mar chatalaíoch i ndáil le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúir. Bhí sé mar aidhm ag an gclár agus ag an straitéis seirbhíse leabharlainne poiblí Chomhairlí na Gaillimhe a chur sa riocht gurbh ionann í agus lárphointe sa phobal agus gur cheannaire í i dtaca le rannpháirteachas pobail. Déanann leabharlanna poiblí comhtháthú agus leas pobail, fás

eacnamaíochta, cobhsaíocht agus féiniúlacht chultúir a chur chun cinn. Cuireann siad le mórtas agus féinmhuinín.

Féachfaidh Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe le seirbhís éifeachtach, bhríomhar, ábhartha a sholáthar do dhaoine agus do phobail sa timpeallacht athraitheach atá ann, ar timpeallacht í a bhíonn ag athrú de shíor. Soláthraíonn an Clár nua Forbartha Leabharlainne 2016-2021 creat chun an méid sin a bhaint amach agus chun an tseirbhís leabharlainne poiblí a chur sa riocht gur féidir léi an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil amach anseo ar mhaithe le daoine aonair agus le pobail.

Leanadh den phleanáil maidir le Leabharlann Phobail nua Cathrach agus Contae agus rinneadh imscrúdúcháin faoi láithreáin fhéideartha i gCathair na Gaillimhe.



*Leabharlann Bhaile Locha Riach*

## AN CHARTLANN AGUS BAINISTIÚ TAIFEAD

Tá ábhair chartlainne ina n-acmhainní tábhachtacha ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta agus is ionann iad agus ár n-oidhreacht náisiúnta dhoiciméadach agus, sa cháil sin, ní mór déileáil leo go han-chúramach agus go han-urramach.

Is cuid dhílis den tSeirbhís Leabharlainne í an Rannóg Cartlainne agus oibríonn sí chun a chinntiú go dtugtar aire chuí d'ábhair chartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus go ndéantar iad a chaomhnú agus a bhainistiú go cuí agus go mbíonn rochtain chuí orthu. Geallann an rannóg rochtain a thabhairt d'úsáideoirí *bona fide* ar na hábhair chartlainne i gcomhréir le riachtanais chaomhantais agus faoi réir na sriantachtaí a bhaineann le hacmhainní a bheith ar fáil. Soláthraíonn an Rannóg comhairle beartais don Chomhairle freisin i dtaobh aire a thabhairt dá cuid taifead agus i dtaobh na taifid sin a bhainistiú.

Caitheadh cuid mhór den bhliain 2016 ag gabháil do chur i gcrích rathúil roinnt tionscadal tábhachtach cianrochtana i ndáil le comóradh céad bliain 1916/2016 agus rinneadh sin de réir an bhuiséid a bhí ar fáil agus laistigh den amscála a bhí ann ina leith. Bhí na nithe seo a leanas i measc na dtionscadal sin:

- Lainseáil an taispeántais taistil dhátheangaigh dar teideal As an gCartlann, 1916: Réabhlóid & Athchuimhne. Ina dhiaidh sin, cuireadh an taispeántas ar fáil go forleathan i leabharlanna éagsúla ar fud na bliana.
- Foilsiú agus lainseáil Teannadh le Réabhlóid, cártaí poist cuimhneacháin ón gCartlann.
- Lainseáil an taispeántais taistil dhátheangaigh dar teideal Ó Stát Coilíneach go Saorstát, an méid a dúirt siad ... agus an taispeántas a chur ar fáil ina dhiaidh sin i láithreáin agus i leabharlanna éagsúla ar fud na bliana.




*Comhaltaí d'Fhoireann Dheich mBliana na gCuimhneachán i gComhairle Chontae na Gaillimhe, in éineacht leis an gCathaoirleach, an Comhairleoir Peter Roche agus leis an Uas. Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach), ag lainseáil Ó Stát Coilíneach go Saorstát, an méid a dúirt siad .... Áras an Chontae, Márta 2016.*

Ar leith ó na himeachtaí sin atá luaite thuas, bhí ról mór ag an gCartlannaí, ina cáil mar bhall de Choiste Stiúrtha Chlár Comórtha 1916, i dtaca le cuid mhór imeachtaí eile de chuid an chláir a cheapadh agus a eagrú, agus páirt a ghlacadh iontu agus cuidiú a thabhairt maidir leo, go háirithe roinnt imeachtaí cathartha a seoladh i mí Aibreáin 2016. Ina measc siúd, áirítear an méid seo a leanas:-


- Taighde forleathan i ndáil le Ráitis ó Fhinnéithe a bhí le léamh ag imeacht cathartha i mí Aibreáin;
- Imeacht 1916 de chuid Teagasc dar teideal Feirmeoireacht & Saol na Tuaithe, ar maidir leis a éascaíodh taispeántais a fháil ar iasacht ón gCartlann Mhíleata agus ó Chartlann Chathair Bhaile Átha Cliath, mar aon leis an taispeántas dar teideal As an gCartlann, 1916: Réabhlóid & Athchuimhne.
- Tugadh cúnamh do chomhghleacaithe leabharlainne i ndáil le himeachtaí de chuid Galway's Great Read san earrach agus san fhómhar; agus
- Rinneadh taighde agus tiomsaíodh liosta Phríosúnaigh 1916 agus dearadh agus ullmhaíodh cur i láthair grianghrafadóireachta a bhain le himeachtaí a seoladh ar fud na bliana agus a seoladh le linn an Imeachta Deiridh i mí na Nollag 2016.

Lean an Rannóg Cartlainne den mhéid seo a leanas a dhéanamh sa bhliain 2016:

- Rochtain a sholáthar ar fhaisnéis faoi shealúchais chartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe trína liostaí tuairisciúla agus, chomh maith leis sin, trína chatalóg ar líne agus trí thairseacha éagsúla cartlainne;
- Cúltaca slándála agus tagairtí ionadacha a sholáthar i ndáil leis na bailiúcháin, tríd an gclár digitiúcháin agus, i gcomhthráth leis sin, trí roinnt bailiúchán tábhachtach breise a chur leis an gCartlann Dhigiteach, amhail bailiúchán Dhlí na mBocht i ndáil leis an nGort (G01/12) agus Whelan, Litreacha Comhbhróin, GS16/01;
- Seirbhísí leanúnacha do léitheoirí amhail rochtain ar bhailiúcháin chun críocha taighde, cúnamh maidir le fiosrúcháin taighde, agus soláthar comhairle agus treorach taighde.
- Faireachán a dhéanamh ar dhálaí timpeallachta na n-ábhar cartlainne agus féachadh lena chinntiú go rabhthas ag leanúint de na hábhair sin a chosaint, a chaomhnú agus a bhainistiú, d’ainneoin nach bhfuil na saoráidí stórála de réir na gcaighdeán a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta ó thaobh caomhantais de
- Comhairle a thabhairt faoin dea-chleachtas maidir le bainistiú taifead, agus cúnamh a thabhairt, do Rannóga de réir mar ba ghá.
- Bainistiú a dhéanamh ar aistriú taifead neamhreatha chuig stóráil agus ar aisghabháil taifead agus ar aischur: próiseáladh 880 iarratas athghairme sa bhliain 2016. Ag deireadh na bliana 2016, bhí thart ar 106,000 iontráil ann ar Arclink, is é sin le rá, an bunachar sonraí bainistithe taifead.




*Teannadh le Réabhlóid, Cártaí Poist Cuimhneacháin ón gCartlann /Towards Revolution, Commemorative postcards from the Archives*



707

Rescinded unanimously
19/6/20

irresponsible persons whereby great damage has been done to the material property prosperity and prospects of Ireland, and numbers of simple uneducated peasants have been cajoled and threatened into open defiance of the Law.

We resent most of all the outrage upon the honour and dignity of Ireland, and the attempt which has been made to dishonour her pledge solemnly given by her responsible leader Mr Redmond.

We rejoice that this dastardly attempt has failed, and that the people of Ireland have shewn by their conduct in this crisis that Ireland is determined that her word shall be carefully kept.

We tender to Mr Redmond the fullest assurances of our sympathy and support in the present trying circumstances.

Passed.

*Miontuairiscí Chomhairle Chontae na Gaillimhe an 3 Bealtaine 1916 inar cáineadh Éirí Amach na Cásca agus a cealaíodh ina dhiaidh sin ar an 16 Meitheamh 1920 (GC/1/2, lch. 707).*

## SEIRBHÍS NA MAOR POBAIL

Is seirbhís faoi éide de chuid an údaráis áitiúil iad na Maoir Phobail agus tá roinnt ról acu thar raon feidhmeanna údaráis áitiúil, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Forfheidhmiú e.g. cionta tráchta reachtúla, cionta bruscair, feithiclí tréigthe, diúscairt dramhaíola/dumpáil mhídhleathach, ceadúnais madraí agus corrthrádáil;
- Faireachán e.g. eastáit tithíochta, saoráidí taitneamhachtaí poiblí amhail ionaid athchúrsála, bainc 'fág anseo', páirceanna, tránna agus áiteanna súgartha,
- Cabhair e.g. cabhair do thurasóirí, do dhaoine scothaosta, do scoileanna, do chomharsanachtaí, do phobail, do na Gardaí agus do ghníomhaireachtaí stáit,
- Breathnóireacht agus Tuairisciú maidir leis na nithe sin thuas ar fad.
- Rinneadh Suirbhéanna ar Thruailliú Bruscair/Láithreáin Thréigthe agus lean na Maoir d'iniúchtaí rialta a dhéanamh ar Áiteanna Súgartha, ar Pháirceanna, ar Eastáit Údaráis Áitiúil, ar Láithreáin Stad, ar Chéanna, ar Thránna, ar Bhainc Bhuidéal etc. D'eagraigh Maoir Phobail 110 nglantachán pobail sa bhliain 2016 agus thug siad cúnamh ina leith.
- Rinneadh 1,484 imscrúdú sa bhliain 2016 faoin reachtaíocht a bhaineann le Truailliú Aeir, Bainistiú Dramhaíola agus Truailliú Uisce.
- Lean Seirbhís na Maor Pobail d'Fhorfheidhmiú Comhshaoil a chur i gcrích lena n-áirítear fíneálacha Bruscair agus d'fhógraí a eisiúint faoi na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola agus Truailliú Uisce. Eisíodh 264 fhíneáil bhruscair sa bhliain 2016, chomh maith le 25 litir rabhaidh a eisiúint i ndáil le mionchionta bruscair ag bainc 'fág anseo'.
- Rinne Seirbhís na Maor Pobail 350 suirbhé i ndáil le truailliú ó bhruscar a chur i gcrích de réir na dtáscairí náisiúnta seirbhíse.
- Rinne Seirbhís na Maor Pobail 30 ghnó a iniúchadh i ndáil le comhlíontacht faoi na catagóirí freagrachta atá ar tháirgeoirí maidir le bainistiú dramhaíola e.g. comhlíontacht maidir leis an tobhach ar mhálaí plaisteacha, pacáistíocht, dramhbhoinn, WEEE, dramhchadhnraí, diúscairt dramhaíola guaisí.
- Lean na Maoir de bheith ag cabhrú le páirceáil a n-íoctar as a oibriú agus le pleananna bainistíochta tráchta a chur i bhfeidhm i roinnt bailte sa Chontae. Eisíodh 1600 fhíneáil tráchta i rith na bliana 2016.
- Lean na Maoir Phobail de chabhrú leis an Rannóg Tithíochta maidir le cur i bhfeidhm dualgas faoin Acht um Rialú Capall 1996 agus maidir le dualgais eile.
- Leanadh d'fheachtais iniúchta Ceadúnas Madraí le linn na bliana chomh maith.
- Lean na Maoir d'fhorálacha Acht na mBóithre 1993 a chur i bhfeidhm i ndáil le feithiclí tréigthe agus rinneadh feithiclí den sórt sin a shainaithint, a thuairisciú agus a thógáil chun bealaigh de réir mar ba ghá le linn na bliana.

## SEIRBHÍSÍ DEONTAS DO MHIC LÉINN

- Sa bhliain 2012, thug an Rialtais isteach Údarás Dámhachtana Náisiúnta nua aonair (Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn, Éire [SUSI]) agus tá sé á oibriú ag Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath. Tá freagracht ar SUSI i ndáil le gach iarratas nua.
- Tá freagracht ar an gComhairle fós i ndáil le 16 mhac léinn agus íocadh na híocaíochtaí chéad téarma go léir faoi lár mhí Dheireadh Fómhair 2016.

## AN tSEIRBHÍS CHRÓINÉARA

Lean an Chomhairle de thacaíocht riaracháin a sholáthar i ndáil le próiseáil a dhéanamh ar íoc na dtáillí go léir i leith Sheirbhís Chróinéara na Cathrach agus an Chontae.

| **Tosaíocht Straitéiseach** |
|---|
| **Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.** |

## SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Rinneadh an tAonad Seirbhísí Custaiméara 'Paca Acmhainní Seirbhíse' a ullmhú i ndáil le Seirbhísí do Chustaiméirí. Is é atá ann ná cóipeanna de na doiciméid go léir atá ar fáil maidir le Beartais agus Nósanna Imeachta i leith Seirbhísí do Chustaiméirí agus, chomh maith leis sin, ár Scéim Teanga (an Beartas maidir leis an nGaeilge). Tá an fhaisnéis sin ar fáil go héasca anois ag gach cuntar poiblí.

Agus sinn ag leanúint d'fheabhas a chur ar Sheirbhísí Custaiméara, seo a leanas cuid de na seirbhísí leantacha a bhí á gcur i bhfeidhm ag Seirbhísí Custaiméara sa bhliain 2016:

- Lean Grúpa na nOifigeach Seirbhísí Custaiméara (CSOG) de bheith ag teacht le chéile thar an mbliain 2016. Cuimsíonn CSOG ionadaithe foirne ó gach ceann de na príomhréimsí seirbhíse.
- Lean Seirbhísí Custaiméara cásanna Deisigh Do Shráid a scrúdú agus a phróiseáil (fuarthas 206 chás sa bhliain 2016) agus choinnigh siad i dteagmháil le rannóga iomchuí maidir le cásanna nach raibh réitithe fós. Is é atá in Deisigh Do Shráid ná clár náisiúnta agus is fóram poiblí ar líne é inar féidir saincheisteanna a thíolacadh, de réir suímh, don údarás áitiúil iomchuí.
- Leanadh den chóras láraithe le haghaidh Fógraí Poiblí a chur i bhfeidhm sa bhliain 2016 d'fhonn feabhas a chur ar ár nÍomhá Chorparáideach sna Meáin Chlóite, d'fhonn sábháil airgid a ghiniúint trí spás comhroinnte fógraíochta agus, freisin, d'fhonn na ceanglais faoin gCreat Náisiúnta Soláthair a chomhlíonadh. Déantar réamhchóipeanna d'fhógraí poiblí a fhoilsiú ar Mheáin Shóisialta sula bhfoilsítear sna nuachtáin éagsúla iad agus cuirtear chuig na Comhaltaí Tofa iad, agus mionsonraí teagmhála in éineacht leo.

**Deasc Sheirbhísí Custaiméara agus Lárionad Cumarsáide**

- Leantar den Deasc Sheirbhísí Custaiméara a oibriú chun freastal ar riachtanais chustaiméirí, ó thaobh déileáil go héifeachtúil lena bhfiosruithe/iad a tharchur chuig an duine cuí nuair a thagann siad isteach in Áras an Chontae. Leantar den tseirbhís teileafóin a oibriú ó Lárionad Custaiméirí na Seirbhísí Custaiméara ar an gcéad urlár d'Áras an Chontae.
- Tríd an tsain-Deasc Sheirbhísí Custaiméara a bheith ar oscailt ag am lóin in Áras an Chontae, táthar ag leanúint de dheimhin a dhéanamh de go ndéantar timpeallacht ghairmiúil, fháilteach, fhaisnéiseach a sholáthar don chustaiméir ag an gcéad phointe teagmhála atá acu le Comhairle Chontae na Gaillimhe in Áras an Chontae.
- Déantar daoine d'fhoireann na Seirbhísí Corparáideacha atá lonnaithe i Seirbhísí Custaiméara a shannadh chun tacú le Beartas Fón Póca na heagraíochta agus le riaradh an chuntais ó lá go lá.


**Cumarsáid agus Meáin Shóisialta**

- Rinneadh ár láithreacht ar Mheáin Shóisialta i.e. Facebook, Twitter etc. a fhorbairt tuilleadh agus bhí úsáid iomlán á baint as, agus méadaíodh an tuairisciú cuimsitheach maidir le Fógraí faoi Dhroch-Aimsir agus méadaíodh cur chun cinn Imeachtaí le linn na bliana 2016. Baineadh úsáid níos mó as na Meáin Shóisialta (Twitter, FB) agus bhí os cionn 3,500 'Is Maith Liom' againn ar Facebook agus bhí os cionn 9,000 leantóir againn ar Twitter go dtí seo agus tá méadú ag teacht ar na figiúirí sin ar bhonn laethúil.

- De bhreis ar phointí teagmhála díreacha a bheith ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus ar Mheáin Shóisialta, is féidir le daoine den phobal teagmháil a dhéanamh le customerservices@galwaycoco.ie. Déantar faireachán ar an seoladh ríomhphoist sin agus déantar fiafraithe a dhíriú láithreach chuig an réimse seirbhíse is oiriúnaí le haghaidh freagra. Úsáideann daoine den fhoireann an seoladh ríomhphoist sin freisin chun aon seirbhísí, imeachtaí nó spriocdhátaí nua a chur in iúl don Fhoireann Seirbhísí Custaiméara ionas go mbeidh an Fhoireann Seirbhísí Custaiméara cothrom le dáta le gníomhaíochtaí na Comhairle. Rinne Lárionad Cumarsáide Seirbhísí Custaiméara seirbhís iomlán teileafóin, an bonn chun ardán meán sóisialta na Comhairle ar Twitter agus ar Facebook a oibriú, agus comhordú teachtaireachtaí ríomhphoist chuig customerservices@galwaycoco.ie agus cumarsáidí tríd an tsaoráid do thuairimí custaiméirí ar www.gaillimh.ie agus www.galway.ie agus trí deisighdoshraid.ie, a chur ar fáil.

- Rinneadh Meáin Shóisialta a chomhtháthú le Feachtais Fógraíochta agus le Feachtais eile Bolscaireachta de chuid na Comhairle agus tá aird ar leith á tabhairt d'úsáid Meán Sóisialta le linn tréimhsí droch-aimsire. Tá méadú tagtha ar an líon imeachtaí atá á bpostáil thar ceann na foirne, go háirithe nithe a bhaineann le hOibreacha Bóthair, le Cur Isteach ar an Soláthar Uisce agus le haon nithe laethúla eile a tharlaíonn ar fud an Chontae. Ghlac an fhoireann Seirbhísí Custaiméara páirt san fheachtas náisiúnta twitter dar teideal "Our Council Day' a bhí á chomhordú ag LGMA agus bhí siad páirteach go hiomlán sna himeachtaí cur chun cinn agus tacaíochta a bhain leis an tairiscint i leith *Galway 2020 ECOC.*

- Rinneadh os cionn 150 foirm iarratais a bhain le gach rannóg den chuid an údaráis áitiúil a athfhormáidiú, a aistriú, a athrú go pdf inchomhlánaithe, a chódú agus a uaslódáil chuig an láithreán gréasáin.




*An deasc seirbhíse custaiméara – 'Our Council Day' ar an 2 Bealtaine 2016.*

# AN tAONAD TITHÍOCHTA

In Éire a Atógáil - Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine, a lainseáladh i mí Iúil 2016, leagtar amach treochlár d'Údaráis Áitiúla, agus don Earnáil Dheonach agus don Earnáil Phríobháideach chomh maith, maidir le Tithíocht Shóisialta a sholáthar trí roinnt gníomhartha nithiúla a chur i gcrích, trí chloí le hamlínte ar leith agus, rud atá tábhachtach, trí acmhainní airgeadais a chur ar fáil chun aonaid nua tithíochta sóisialta a sholáthar.

Plean cuimsitheach atá ann agus é mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar gach gné den chóras tithíochta faoi chúig cholún mar a leanas:

**Colún 1: Aghaidh a thabhairt ar Easpa Dídine**
*Réiteach a chur ar fáil ag céim luath chun aghaidh a thabhairt ar líon neamh-inghlactha na dteaghlach atá ag maireachtáil i gcóiríocht éigeandála; tacaíochtaí idirghníomhaíochta a sholáthar do dhaoine atá gan dídean faoi láthair, agus béim ar leith á leagan ar íoslaghdú a dhéanamh ar an líon daoine atá ag codladh amuigh; agus feabhas a chur ar thacaíochtaí Stáit chun daoine a choimeád ina dtithe cónaithe féin.*

**Colún 2: Dlús a chur le soláthar Tithíochta Sóisialta**
*Méadú a dhéanamh ar leibhéal agus ar luas an tsoláthair maidir le tithíocht shóisialta agus maidir le tithíocht eile a bhfaightear tacaíocht Stáit ina leith*

**Colún 3: Tuilleadh Tithe a Thógáil**
*Méadú a dhéanamh ar an aschur, ó thaobh tithíocht phríobháideach inacmhainne, chun freastal ar an éileamh*

**Colún 4: Feabhas a chur ar an Earnáil Chíosa**
*Aghaidh a thabhairt ar na bacainní ar sholáthar cóiríochta príobháidí ar cíos chun feabhas a chur ar an líon aonad a chuirtear ar fáil ar chíos inacmhainne.*

**Colún 5: Tithíocht atá ann cheana féin a úsáid**
*A chinntiú go ndéantar an stoc tithíochta atá ann cheana féin a úsáid go feadh an méid is mó is féidir – agus aird á tabhairt ar bhearta chun stoc folamh a úsáid d'fhonn athnuachan a dhéanamh ar cheantair uirbeacha agus ar cheantair thuaithe.*

I dtaca le Comhairle Chontae na Gaillimhe de, bhí ról suntasach ag cláir maidir le Fáil agus Tógáil agus, chomh maith leis sin, ag an Scéim Cóiríochta Cíosa agus ag léasú tríd an earnáil phríobháideach agus tríd an earnáil dheonach, i ndáil le Tithíocht Shóisialta a sholáthar sa bhliain 2016.



**Tosaíocht Straitéiseach**

**Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gContae.**

Féachann Aonad Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe le seirbhís a sholáthar do dhaoine agus do phobail a bhfuil gá acu le cúnamh i réimsí amhail soláthar tithíochta sóisialta, tionóntacht tithíochta sóisialta agus bainistíocht eastáit, oiriúnú/athrú tithíochta, cabhrú le daoine gan dídean, rialáil a dhéanamh ar chaighdeáin san earnáil phríobháideach cóiríochta ar cíos agus rialú capall. Seolann an t-aonad tithíochta a chuid gníomhaíochtaí de réir chreata rialachais na hearnála údaráis áitiúil.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

## Tógáil Tithe

Sa bhliain 2016, tugadh ceadú do Chomhairle Chontae na Gaillimhe 30 maoin a scartáil agus 40 maoin a thógáil ar Bhóthar Gilmartin, Tuaim. Tá obair feabhais le déanamh ar 21 mhaoin sa cheantar lena n-áirítear mór-athfheistiú ar 4 mhaoin.

Obair thógála ar 48 dteach mar a leanas: 10 dteach sa Gharbhaile, Béal Átha na Sluaighe; 2 theach ag Esker Fields, Béal Átha na Sluaighe; 30 aonad ag Bóthar na Cora, Tuaim, chomh maith le 6 theach tuaithe in ionaid éagsúla ar fud an chontae, agus táthar ag súil go gcríochnófar an obair sin sa bhliain 2018.

## Ceannach Tithe

Mar thoradh ar mhaoiniúchán a cuireadh ar fáil faoi Straitéis an Rialtais maidir le Tithíocht Shóisialta, fuarthas 16 aonad nua i rith na bliana féilire 2016 agus bhí 15 aonad eile ag céim sínithe conartha ag deireadh na bliana 2016.

## An Scéim Tithíochta Inacmhainne

Cuireadh díol na 10 dTeach Inacmhainne a bhí fós gan díol ag Páirc na hAbhann, Baile Átha an Rí, a chur i gcrích go rathúil ar an margadh oscailte sa bhliain 2016.

## An Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)

Is é atá san Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) ná tacaíocht nua tithíochta atá i ngníomh i gComhairle Chontae na Gaillimhe ó bhí mí na Samhna 2015 ann. Tá HAP ar fáil d'aon duine ag a bhfuil riachtanas deimhnithe tithíochta. Is ionann tabhairt isteach na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta agus a rá gur féidir le húdaráis tithíochta cúnamh tithíochta a thabhairt anois do líon i bhfad níos mó teaghlach a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarma acu, lena n-áirítear cuid mhór daoine a bhfuil Forlíonadh Cíosa á fháil acu ar bhonn fadtéarma.

Mar thoradh ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, is féidir freagracht i ndáil le daoine a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarma acu agus a bhfuil Forlíonadh Cíosa á fháil acu a aistriú ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) chuig údaráis áitiúla agus tá cur chuige nua ann maidir le freastal ar theaghlaigh a bhfuil riachtanas sóisialta acu.

Ach, murab ionann agus daoine a fhaigheann an Forlíonadh Cíosa, ligtear do dhaoine a fhaigheann an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a bheith ag obair go lánaimseartha agus a dtacaíocht i bhfoirm na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta a choimeád – sa tslí sin, cuirtear deireadh leis an mbacainn ar fhostaíocht i gcás na ndaoine sin. Gheobhaidh daoine a fhaigheann an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a gcóiríocht féin sa mhargadh cíosa príobháideach agus déanfaidh siad comhaontú tionóntachta le tiarna talún na maoine lena mbaineann.
Is iad seo a leanas na teaghlaigh atá cáilithe chun an Íocaíocht Cúnaimh Teaghlaigh a fháil:

- Aon teaghlach a cháilíonn i gcomhair tacaíocht tithíochta sóisialta
- Aon daoine a bhfuil Forlíonadh Cíosa á fháil acu faoi láthair agus a cháilíonn i gcomhair tacaíocht tithíochta sóisialta.

Bhí 381 teaghlach san iomlán cláraithe don scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP) i rith na bliana 2016.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

## Liosta Feithimh i gcomhair Tithe

Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe measúnacht ar riachtanais tithíochta i gcrích sa bhliain 2016. Is faoi na ceannteidil seo a leanas a rinneadh an mheasúnacht ar riachtanais tithíochta:

1. Cóiríocht Tithíochta a sholáthar ina limistéar feidhme do dhaoine a bhfuil cóiríocht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag teastáil uathu, ar daoine iad, i dtuairim na Comhairle Contae, a bhfuil gá acu le cóiríocht den sórt sin agus nach féidir leo í a sholáthar as a n-acmhainní féin.

2. Páirceanna carabhán cónaitheach a sholáthar do dhaoine den Lucht Siúil i limistéar feidhme na Comhairle Contae do dhaoine a bhfuil láithreáin Chomhairle Contae ag teastáil uathu, ar daoine iad a bhfuil gá acu le láithreáin den sórt sin agus nach féidir leo iad a sholáthar as a n-acmhainní féin.

Tá iarratais ó dhaoine atá cáilithe chun tacaíocht tithíochta sóisialta a fháil, agus a bhfuil gá acu le tacaíocht tithíochta sóisialta, inghlactha i gcomhair na tacaíochta sin de réir na gceannteideal seo a leanas:

- Ioncam;
- Stádas Cónaithe;
- Cóiríocht a bheith ar fáil;
- Riaráistí Cíosa.

Amhail ar an 31 Nollaig 2016, ba é a bhí sa líon iomlán Iarratasóirí Tithíochta ar an Liosta Tithíochta ná 2,702.

## An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)/Léasú

Tá an Rialtas tar éis maoiniúchán a leithroinnt d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta chun maoin chónaithe phríobháideach a ligean ar léas nó ar cíos d'iarratasóirí atá ar an liosta tithíochta. Roimhe seo, bhí RAS dírithe ar dhaoine a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu le tréimhse is faide ná 18 mí. Ón 1 Aibreán 2011, meastar go bhfuil freastal déanta ar riachtanas tithíochta aon iarratasóirí ag a bhfuil cóiríocht de chineál RAS.

Déantar (RAS)/Léasú a oibriú ar bhonn gach tionóntachta ar leithligh agus tá comhaontuithe den sórt sin á ndéanamh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le tiarnaí talún príobháideacha ó bhí an bhliain 2007 ann.

Sa tábla thíos, tugtar léiriú ar na comhaontuithe RAS agus Léasaithe atá déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le Tiarnaí Talún príobháideacha.

| **Tuairisc** | **Na figiúirí is déanaí de chuid Chontae na Gaillimhe ag deireadh Ráithe 4:** |
|---|---|
| **An líon Iarratasóirí a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu le 18 mí nó níos mó** | 710 |
| **An líon Iarratasóirí ar tugadh cóiríocht dóibh i gcóiríocht phríobháideach ar cíos trí chonarthaí a comhaontaíodh le tiarnaí talún príobháideacha** | 270 |
| **An líon Iarratasóirí a bhfuil cóiríocht acu faoi láthair trí chonarthaí a comhaontaíodh le heagraíochtaí deonacha** | 123 |

Tábla 1: Comhaontuithe RAS agus Léasaithe atá déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le tiarnaí talún príobháideacha

## An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe - Aonaid ar Cíos a chlárú

Tháinig an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 i ngníomh ar an 1 Meán Fómhair 2004. Déileálann Cuid 7 den Acht sin le tionóntachtaí a chlárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe. Tá an clár foilsithe ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe ag www.rtb.ie

Bhí iniúchadh déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar 35 mhír maoine suas go dtí an 31 Nollaig 2016 chun a chinntiú go raibh na caighdeáin maidir le tithe ar cíos á gcomhlíonadh. Theip ar 29 Mír Maoine san iomlán na caighdeáin reatha a chomhlíonadh agus eisíodh 23 Fhógra Feabhsúcháin ar thiarnaí talún á cheangal orthu feabhsúcháin a dhéanamh.

## An Scéim chun Cíos a chur in ionad Morgáiste

Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Scéim chun Cíos a chur in ionad Morgáiste a thabhairt isteach sa bhliain 2012.

Faoin scéim seo, is féidir le daoine a bhfuil deacracht acu maidir lena morgáiste a íoc athrú a dhéanamh ó úinéireacht a bheith acu go dtí an teach a bheith ar cíos acu mar thionóntaí sóisialta, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir cháilitheachta, agus cíos á íoc acu arna ríomh de réir a n-ioncaim. Má chláraíonn duine sa scéim chun cíos a chur in ionad morgáiste ní leis an duine sin an teach cónaithe a thuilleadh ná níl aon leas airgeadais ag an duine sin sa teach cónaithe a thuilleadh.

Chun cáiliú i gcomhair na scéime, ní mór d'úinéir na maoine a bheith tar éis páirt a ghlacadh i bPróiseas Réitithe Riaráistí Morgáiste a n-iasachtóra (MARP), ar próiseas é sin nach mór don iasachtóir agus don úinéir é a chur i bhfeidhm chun iarracht a dhéanamh a ndeacrachtaí airgeadais a réiteach. Ní mór an morgáiste a bheith neamh-iniompartha agus ní mór don teaghlach a bheith cáilithe i gcomhair tithíocht shóisialta sa cheantar ina bhfuil cónaí orthu. Ní mór a mheas go bhfuil an mhaoin oiriúnach lena ceannach ag Cumann Tithíochta.

Déanfaidh iarratasóirí ceadaithe seilbh a dtí cónaithe a thabhairt suas go toildeonach dá n-iasachtóir morgáiste agus díolfaidh an t-iasachtóir sin láithreach é le cumann tithíochta a ligfidh ar cíos é leis an teaghlach lena mbaineann. Déanfar na fáltais ó dhíol na maoine leis an gcumann tithíochta a úsáid i gcomhair an fhiachais morgáiste agus déanfaidh an t-iarratasóir socrú lena n-iasachtóir i leith aon íocaíochtaí atá fágtha gan íoc, más ann dóibh. Tá deis ann chun an teach cónaithe a cheannach ar ais tar éis thréimhse 5 bliana má thagann feabhas ar staid airgeadais an teaghlaigh lena mbaineann.

Go dtí seo, tá 3 iarratasóir tar éis cáiliú agus tá siad rannpháirteach sa scéim agus tá breithniú a dhéanamh ar 11 iarratasóir eile lena n-áireamh sa scéim.

## Tithíocht Dheonach

Is é atá in CALF (An tSaoráid Léasaithe Réamhchaipitil) ná saoráid a chuirtear ar fáil do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe chun cabhrú leo teacht ar mhaoiniúchán príobháideach nó ar mhaoiniúchán ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe chun aonaid a cheannach nó a thógáil. Cuirtear na haonaid ar fáil go heisiach chun críocha tithíochta sóisialta faoi chomhaontú léasaithe a mhaireann tréimhse shocraithe ama, is é sin, 20 bliain de ghnáth. Go dtí seo, tá 43 aonad á maoiniú faoi chlár CALF agus ceadaíodh 112 aonad eile i gcomhair maoiniúcháin sa bhliain 2016. Táthar ag súil go soláthrófar na haonaid sin sa bhliain 2018.

Tar éis roinnt cruinnithe leis na Comhlachtaí Deonacha i rith na bliana, sainaithníodh roinnt aonad ionchasach agus tá breithniú á dhéanamh ar chomhaontuithe lena n-áireamh faoin scéim.

## Ceannach ag Tionóntaí

I rith na bliana 2016, tháinig an Scéim Cheannaigh (Incriminteach) ag Tionóntaí 2016 i bhfeidhm agus ghlac sí ionad Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí 1995 ar tháinig deireadh leis ar an 30 Meitheamh 2014. Faoin scéim nua, is féidir le tionóntaí cáilithe údaráis áitiúil iarratas a dhéanamh chun a dteach cónaithe údaráis áitiúil a cheannach. Má cheadaítear an ceannach, ní mór don ceannaitheoir leanúint de chónaí a dhéanamh sa teach fad atá an teach faoi úinéireacht acu. Cuirtear lascaine i bhfeidhm ar phraghas ceannaigh an tí, agus bíonn an lascaine sin bunaithe ar ioncam an iarratasóra. Forchuirtear muirear ceannaigh incrimintigh ar an teach agus bíonn an muirear sin comhionann leis an lascaine a chuirtear i bhfeidhm ar phraghas ceannaigh an tí. Fanfaidh an muirear i bhfeidhm ar feadh 20 bliain, 25 bliana nó 30 bliain (ag brath ar an lascaine a thugtar). Tiocfaidh laghdú 2% ar an muirear gach bliain. Ag deireadh an 20 bliain, na 25 bliana nó an 30 bliain, nialas a bheidh sa mhuirear fad a chomhlíonann an ceannaitheoir téarmaí agus coinníollacha na scéime. Beidh an ceannaitheoir in ann a dteach cónaithe a athdhíol aon tráth má chomhaontaíonn an t-údarás áitiúil. Ach má dhíolann an ceannaitheoir an teach roimh dheireadh an 20 bliain, na 25 bliana, an 30 bliain, beidh air nó uirthi luach an mhuirir ar an teach atá fágtha a aisíoc leis an údarás áitiúil.

I rith na bliana 2016, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 52 iarratas ó thionóntaí údaráis áitiúil maidir lena dteach a cheannach agus eisíodh 9 dtairiscint cheannaigh tí.

## Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, an Deontas Cúnaimh Soghluaisteachta agus an Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas

Leanann an deontas Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta de mhaoiniúchán a sholáthar do dhaoine faoi bhun 66 bliana d’aois in imthosca áirithe, ach sin ag brath ar a sláinte, ar a ndálaí tithíochta reatha agus ar a gcumas chun cabhrú leo féin. Tá gá le doiciméid tacaíochta i gcás ina bhfuil an t-iarratasóir ag baint leas as riachtanais leighis. Soláthraíodh cúnamh freisin i gcásanna nár measadh go raibh an teach i ndrochriocht ach inar measadh gurb é a leanfadh as na hoibreacha, dá dtabharfaí aghaidh ar easnaimh, ná feabhas a chur cháilíocht shaol an duine scothaosta.

- Fuarthas 280 iarratas bailí i rith na bliana 2016 ar Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta:

- Fuarthas 260 iarratas bailí i rith na bliana 2016 ar Dheontas Cúnaimh Soghluaisteachta agus ar an Scéim Oiriúnaithe Tí do dhaoine faoi mhíchumas

## Deontais d'Oiriúnú Tithe i gcás Tithe Údaráis Áitiúil

Déantar an Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas a bhfuil cónaí orthu i dTithe Údaráis Áitiúil a chur ar fáil chun cabhair a thabhairt i ndáil le hoibreacha a dhéanamh a bhfuil gá leo go réasúnach chun go mbeidh teach níos oiriúnaí i gcomhair cóiríochta do dhuine ar a bhfuil buanmhallachar fisiciúil, céadfach, meabhair-shláinte nó intleachta. Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe de mheasúnú a dhéanamh ar iarratais faoin scéim seo agus tús áite a thabhairt dóibh sin is mó gá.

Rinneadh oibreacha oiriúnúcháin tithíochta a chur i gcrích ar 30 teach údaráis áitiúil san iomlán i rith na bliana 2016. Chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniúchán €124,545 ar fáil i gcomhair 90% de chostas na n-oibreacha.

## An Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Iarfheistiúcháin (EERP)

Sa bhliain 2016, lean Comhairle Chontae na Gaillimhe den chlár Iarfheistiúcháin Tithíochta Sóisialta a chur i bhfeidhm Faoi Chéim 1 den chlár Éifeachtúlachta Fuinnimh, chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil €774,437 ar fáil chun insliú áiléar agus ballaí a sholáthar in 462 theach cónaithe údaráis áitiúil.

## Daoine Gan Dídean

I dtaca le Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ina cuid de Réigiún an Iarthair in éineacht le Cathair na Gaillimhe, Maigh Eo agus Ros Comáin. Is í Cathair na Gaillimhe an ghníomhaireacht cheannais agus déantar an maoiniúchán ar fad a chur ar fáil trí Chomhairle na Cathrach. Is iad Stiúrthóirí Seirbhísí Tithíochta na gceithre Údarás a fheidhmíonn mar Ghrúpa Bainistíochta Réigiún an Iarthair maidir le Daoine Gan Dídean agus tá freagracht orthu i ndáil le maoiniúchán a shannadh.

Ar an meán, bhí 16 iarratasóir sa tseachtain ann maidir le daoine a bhí ag teacht chun cinn mar dhaoine gan dídean. Bhí méadú ar an líon teaghlach a bhí ag teacht chun bheith gan dídean – de bharr athshealbhú ag bainc, de bharr droch-chóiríochta agus de bharr fógraí fágála. Ar an meán sa bhliain 2016, bhí cóiríocht i gCóiríocht Shealadach Éigeandála á fáil ag 10 dteaghlach sa tseachtain ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Bhí 5 duine singile, ar an meán, i gcóiríocht do dhaoine gan dídean nó i mbrúnna turasóireachta ag aon tráth áirithe.

Faoi láthair, tá dhá theach idirthréimhse ag Comhairle Chontae na Gaillimhe sa chontae agus iad suite i mBéal Átha na Sluaighe & i dTuaim. Sa bhliain 2016, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe tionóntacht bhuan a thairiscint do 29 n-iarratasóir san iomlán a measadh ina leith go raibh siad gan dídean.

## An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil

De réir Alt 9 d'Acht na dTithe 1988, arna leasú, agus Alt 6 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe na riachtanais chóiríochta reatha, agus na riachtanais chóiríochta réamh-mheasta, atá ag teaghlaigh de chuid an Lucht Siúil agus nach mór freastal orthu le linn thréimhse an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil 2014-2018, a mheasúnú agus a shainaithint.

Tá teist mhaith ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le freastal ar riachtanais chóiríochta theaghlaigh de chuid an Lucht Siúil. Tá na spriocanna atá leagtha síos sa Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil sáraithe ag an gComhairle agus leanadh den treocht sin i rith na bliana 2016 ar lena linn a freastalaíodh ar riachtanais chóiríochta 63 theaghlach.

| **An Cineál Cóiríochta** | **2014 Sprioc** | **An Soláthar** | **2015 Sprioc** | **An Soláthar** | **2016 Sprioc** | **An Soláthar** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpscéim Tithíochta - Láithreach** | 1 | 1 | 1 | 4 | 1 | 4 |
| **Bloc Seirbhíse Láithreáin Bhuain Stad - Láithreach** | 1 | 3 | 1 | 5 | 1 | 1 |
| **Gnath-Thithíocht Údaráis Áitiúil** | 5 | 11 | 5 | 12 | 5 | 12 |
| **Scéim Cóiríochta ar Cíos/Léasú Fadtéarma** | 7 | 6 | 7 | 0 | 7 | 0 |
| **Ceannach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe** | 2 | 2 | 1 | 3 | 1 | 4 |
| **Tithíocht Dheonach** | 2 | 2 | 5 | 4 | 5 | 0 (1 tairiscint) |
| **Ceannach ag Daoine den Lucht Siúil** | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 |
| **Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta/Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos agus/gan an Forlíonadh Cíosa san áireamh** | 14 | 14 | 14 | 0 | 14 | 42 |
| **Iomláin** | **33** | **40** | **35** | **28** | **35** | **63** |

Tábla 2: Spriocanna & An Soláthar 2014-2016

I rith na bliana 2016, de réir Alt 17 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998, thug an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil treoir á rá go ndéanfaí athbhreithniú ar an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil a chur i gcrích tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2016.


Mar thoradh ar an athbhreithniú, agus tar éis don Choiste Comhairleach Áitiúil ar Chóiríocht don Lucht Siúil aighneachtaí a bhí faighte a bhreithniú, d'aontaigh an Chomhairle Iomlánach, d'aon toil, i mí na Nollag 2016, tús a chur leis an bpróiseas reachtúil chun an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014-2018 a leasú.

Fuair an Chomhairle ceadú ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil, i Meán Fómhair 2016, chun leanúint ar aghaidh le hathfhorbairt Láithreán Stad Chreachmhaoile le go bhféadfaí grúpthithíocht agus bánna a sholáthar chun freastal ar na riachtanais chóiríochta is fearr leis na cónaitheoirí reatha.

Léirigh Comhaireamh Bliantúil Theaghlaigh an Lucht Siúil agus a Staid Chóiríochta sa bhliain 2016 go raibh 573 theaghlach ann sa Chontae. Tríd an taithí atá faighte ag an gComhairle, agus trí chomhairliúcháin a dhéanamh, tá gnáth-thithíocht sainaitheanta ag an gComhairle mar an cineál cóiríochta is fearr le tromlach mór na dteaghlach atá ann sa Lucht Siúil. Maidir le gnáth-thithíocht, lena n-áirítear RAS, HAP agus Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos, tá socrú ann ina leith ar dá réir a chuirtear daoine de chuid an Lucht Siúil san áireamh i gcláir thithíochta príomhshrutha agus is cabhair é sin i ndáil le daoine den Lucht Siúil a lánpháirtiú sa phobal. Sa bhliain 2016, rinneadh cóiríocht i ngnáth-thithíocht Údaráis Áitiúil agus faoi Chláir RAS agus HAP a chur ar fáil do 63 theaghlach de chuid an Lucht Siúil.

## An Straitéis maidir le Míchumas

Is é atá i bhfís "An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016" ná rochtain, deis agus rogha chomhionann do dhaoine faoi mhíchumas a mhéid a bhaineann le tithíocht agus tacaíochtaí. Is é atá sa phríomhthosaíocht ná cóiríocht sa phobal a thairiscint do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i suíomhanna comhchruinnithe. Mar thoradh ar chomhoibriú idirghníomhaireachta, tá obair shuntasach déanta cheana féin sa réimse seo le 2 bhliain/3 bliana anuas sa Chontae. Clúdaíonn an straitéis gach duine faoi mhíchumas agus is iad seo a leanas na catagóirí míchumais dá dtagraítear sa Straitéis: (a) míchumas céadfach (b) míchumas meabhair-shláinte (c) míchumas fisiciúil agus (d) míchumas intleachta.




## Tionóntacht agus Bainistíocht Eastát

Rinneadh an Straitéis Bainistithe Eastát (EMS) don chontae a ghlacadh sa bhliain 2013 agus soláthraíonn sí creat straitéiseach do Bhainistiú Eastát ar fud an chontae. Léiríonn an EMS an cur chuige idir-roinne agus idirghníomhaireachta atá glactha ag an Aonad Tithíochta agus ag a chomhpháirtithe agus iad ag iarraidh feabhas a chur ar cháilíocht an tsaoil do chónaitheoirí inár gcuid eastát tithíochta. Bhí cruinnithe ag an Aonad Tithíochta le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, agus leis na Gardaí ar fud na bliana agus d'éirigh leo oibriú le chéile i roinnt réimsí a bhain le tionóntaí a raibh gá acu le tacaíocht.

Bunaíodh an tAonad Iompair Fhrithshóisialta (ASB) sa bhliain 2013 agus próiseálann sé gearáin i gcomhréir leis an Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta. Glacadh an Straitéis sin i mBealtaine 2016. Maidir le straitéis na Comhairle sa réimse seo, áirítear inti teagmháil ghníomhach leis an bpobal/rannpháirtíocht ghníomhach an phobail ar bhonn leanúnach ag leibhéal áitiúil, agus béim á leagan ar iompar frithshóisialta agus sáruithe ar chomhaontú tionóntachta a shainaithint ag céim luath. Táthar tar éis caidreamh an-láidir a fhorbairt leis na Gardaí agus buaileann an t-aonad go rialta le bainisteoirí sinsearacha na nGardaí chun fadhbanna a phlé leo agus chun plé a dhéanamh i dtaobh conas is féidir leis an dá eagraíocht comhoibriú lena chéile chun aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta. I dtaca leis sin de, rinneadh fochoiste speisialta de chuid an Chomhchoiste Póilíneachta a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar úsáid CCTV in eastáit tithíochta agus ar réimsí eile riachtanais.

Tá CCTV á oibriú i 7 eastát anois, is é sin le rá, i mBaile Átha an Rí, i mBaile Locha Riach, in Áth Eascrach, sa Ghort, ar Bhóthar Gilmartin, Tuaim, i Láithreán Stad Thuama agus i dTír Bhuí, Tuaim.



*Tionscadal Bainistíochta Tithíochta ag Bóthar na Cora, The Pottery, Tuaim.*

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL, UISCE AGUS ÉIGEANDÁLA

# Seirbhísí Comhshaoil

Is é atá i ról na Rannóige Comhshaoil ná an Comhshaol i gContae na Gaillimhe a chosaint agus a fheabhsú ar mhaithe le cáilíocht na beatha, forbairt eacnamaíochta agus comhlíonadh rialachán. Tá an méid sin le baint amach trí líon mór pleananna, beart agus clár atá le cur i bhfeidhm ag an Aonad ina iomláine.

## Tosaíocht Straitéiseach

**Treallús a chur faoi agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus d'fhiontar.**

Áirítear an méid seo a leanas i measc na ngníomhaíochtaí sa bhliain 2016:

- Bhí Oifigigh Feasachta Comhshaoil páirteach i bhfeasacht ar chomhshaol a chur chun cinn trí theagmháil leanúnach leis an earnáil tís agus leis an earnáil tráchtála;
- Seoladh os cionn 40 imeacht feasachta pobail chun aird a dhíriú ar bhainistiú dramhaíola, ar chosc dramhaíola, ar dhramhbhia, ar mhúiríniú baile, ar dhramhaíl ghuaiseach teaghlaigh, ar chaomhnú fuinnimh agus ar chaomhnú uisce;
- Forbairt agus scaipeadh leanúnach faisnéise trí na meáin áitiúla, trí na meáin shóisialta, trí leabharlanna, trí scoileanna, trí ghrúpaí deonacha etc.;
- Teagmháil leanúnach le grúpaí Bailte Slachtmhara;
- Rannpháirtíocht leanúnach i gclár na Scoileanna Glasa a bhfuil os cionn 90% de scoileanna an chontae páirteach ann;
- Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh phobalbhunaithe frithbhruscair agus maoiniúchán a thabhairt ina leith;
- Tionscnaimh a chur i gcrích i ndáil le WEEE (Dramhthrealamh Leictreonach agus Leictreach), le Bailiúcháin Shoghluaiste Dramhaíola Guaisí, agus leis an nGlantachán Náisiúnta Earraigh.

## Tosaíocht Straitéiseach

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

- Tá láithreáin chonláiste chathartha ann i dTuaim, sa Chlochán agus i mBéal Átha na Sluaighe agus iad léasaithe le Barna Waste ar feadh tréimhse 3 bliana. Tá 93 ionad 'Bainc Fág Anseo' ann ar fud an chontae chun gloine agus cannaí deochanna atá le hathchúrsáil agus éadaí a bhailiú iontu. Tá Timpeallacht na nOileán ag leanúint de scéim chomhtháite bhainistithe dramhaíola a oibriú d'Oileáin Árann, mar chuid de shocrú comhpháirtíochta leis an gComhairle.

- Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag leanúint de chúnamh a thabhairt maidir le bainistiú láithreán Líonadh Talún Chill Chonaill (Greenstar roimhe seo) agus, i gcomhar le EPA agus leis an Roinn, oibríonn sí an líonadh talún chun glacadh le dramhaíl ar feadh tréimhse shainithe ama sa 2 chill atá fágtha agus, i gcomhthráth leis sin, tá tús á chur leis na hoibreacha caipitiúla a bhaineann le dúnadh buan na gceall atá ann cheana féin

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh.**

- Rinneadh 33 iniúchadh ar láithreáin ag a bhfuil cead dramhaíola. Suiteáladh CCTV ceilte ag 2 láithreán. Eisíodh fógraí pionóis sheasta ag láithreáin 'banc fág anseo'. Tugadh feabhsú suntasach faoi deara ag na bainc buidéil atá ann agus bhí laghdú taifeadta ag maoir phobail maidir le bruscar/dumpáil neamhdhleathach ag láithreáin 'banc fág anseo'.

- Rinneadh 127 n-iniúchadh ag láithreáin ag a bhfuil ceadúnas sceite agus eisíodh litreacha rabhaidh agus imeachtaí ionchúisimh de réir mar ba ghá. Tugadh laghdú suntasach faoi deara maidir leis an riosca a bhaineann le láithreáin neamhúdaraithe agus le láithreáin ag a bhfuil ceadúnas sceite ach nach mbainistítear go maith agus bhí coinníollacha na gceadúnas á gcomhlíonadh go hiomlán i gcás tuairim is 55% de na ceadúnais.

- Tháinig méadú suntasach ar fheasacht an phobail i gcoitinne i ndáil le suíomh agus cothabháil an chórais cóireála dramhuisce ar a láithreán agus rinneadh 103 iniúchadh de réir cheanglais an NIP.

- Rinneadh conarthaí i ndáil le faireachán seiceála & iniúchta agus i ndáil le faireachán amh-uisce. Tógadh 1008 sampla PWS agus GWS Poiblí agus Príobháideach agus, i gcás PWS, bhí ráta 98% ann i dtaca le comhlíonadh na gcaighdeán atá leagtha síos sna rialacháin maidir le huisce óil.

- Rinneadh imscrúduithe mar fhreagra ar ghearáin a fuarthas ón líne Náisiúnta Dumpála Neamhdhleathaí, ó dhaoine den phobal agus ó fhoireann na Comhairle agus mar fhreagra ar ábhar a fuarthas ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Cuireadh feabhas ar an gcóras bainistithe gearán agus bhí laghdú suntasach ar an líon gearán beo a bhí ann. Réitíodh 1575 ghearán.



*Bainc Bhuidéil, Órán Mór*

**Tosaíocht Straitéiseach**

**An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.**

- Bronnadh stádas 'Bratach Ghorm' ar na tránna seo a leanas sa bhliain 2016:
  - An Pointe Fada, Baile Locha Riach
  - Trácht, Cinn Mhara
  - Trá an Dóilín, An Cheathrú Rua
  - Trá Mór, Coill Rua, Indreabhán
  - Trá Chill Mhuirbhigh, Inis Mór

- Fuarthas Gradaim Chósta Ghlais do shé thrá sa bhliain 2016:
  - Trá Pholl Na gCaorach, Inis Oírr
  - An Ceann Thoir, Inis Bó Finne
  - Dumhach, Inis Bó Finne
  - Inis Oírr, Oileáin Árann
  - An Aill Bhreac, Baile Conaola
  - Rinn Mhaoile.

- Tá 236 reilig ann ar fud an Chontae. I gcomhar le cuid mhór coistí áitiúla reilige, déanann an Chomhairle oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin.
  Soláthraíodh deontas bliantúil idir €600-€300 do choistí a dhéanann cothabháil ar na reiligí ina gceantair féin agus bronnadh deontas ar 159 gcoiste.

  Rinneadh méaduithe agus oibreacha feabhsúcháin ar roinnt reiligí i rith na bliana 2016.

- Déanann an Chomhairle Seirbhís Iniúchta Sláinte Poiblí Tréidliachta a sholáthar faoi théarmaí a conartha seirbhíse 5 bliana le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
  Tá 11 seamlas áitiúla ann sa chontae agus 3 cinn díobh ceadaithe i leith éanlaithe ag an gComhairle faoi reachtaíocht na hÉireann agus faoi reachtaíocht an AE. Déantar eallach, caoirigh, muca agus éanlaith a mharú sna háitribh sin faoi mhaoirseacht na Comhairle. Chomh maith leis sin, déanann an Chomhairle maoirseacht ar 9 n-áitreabh cheadaithe próiseála feola sa chathair agus sa chontae araon. Tá dhá áitreabh eile cláraithe.

- Rinneadh cásanna leasa ainmhithe a bhain le madraí, le heallach agus le caoirigh a imscrúdú i gcomhar leis na Gardaí, leis an Roinn Talmhaíochta agus le grúpaí leasa. Leantar d'fhaireachán a dhéanamh ar Rialú Madraí.

- Tá saoráid gaibhnithe ag an gComhairle i mBéal Átha na Sluaighe (capaill atá ann go formhór). Rinne seirbhís tréidliachta na Comhairle idirchaidreamh leis an Aonad Tithíochta le linn an tAcht um Rialú Capall a chur i bhfeidhm.
- Ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe páirt i Scéim an SEAI maidir le Pobail Fuinnimh Níos Fearr agus chuidigh sí le hocht ngrúpa pobail chun uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh ar a gcuid foirgneamh pobail agus chun na doiciméid riachtanacha a dhréachtú i ndáil leis an maoiniúchán a tharraingt anuas.
- Rinneadh mór-uasghrádú i gCeanncheathrú Sheirbhís Dóiteáin na Gaillimhe ag Bóthar an Ath. Uí Ghríofa inar áiríodh uasghrádú iomlán ar an insliú seachtrach, uasghrádú Soilsiúcháin LED ar an taobh istigh, suiteáil Eagar Fótavoltach (PV) 11kWp agus suiteáil mheicníocht triomaithe Toptrock den scoth ar domhan le haghaidh na n-éadaí agus na héide oibre go léir.
- Ina theannta sin, suiteáladh Eagar Fótavoltach (PV) 4kWp i Leabharlann Órán Mór, mar aon le hiarfheistiú iomlán soilsiúcháin LED ar an taobh istigh. Rinneadh an doras seachtrach láithreach a mheicniú chun feabhas a chur ar fheidhmíocht an fhorsheomra coiscthe gaoithe ag an mbealach isteach.
- Ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe páirt i gClár SEAI maidir le Córais Bhainistíochta Fuinnimh ISO 50001 d'fhonn deimhniúchán i leith an chaighdeáin idirnáisiúnta a bhaint amach sa bhliain 2017.
- Rinneadh staidéar féidearthachta chun imscrúdú a dhéanamh i dtaobh an fiú córas Fótavoltach a shuiteáil ag Líonadh Talún an Phoill Bhuí, Béal Átha na Sluaighe.
- Bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe i measc na trí údarás áitiúla phíolótacha a roghnaíodh chun staidéar fardail ar shoilsiúchán poiblí a dhéanamh, agus tacaíocht i bhfoirm cúnamh deontais á fáil ó SEAI.
- Cuireadh faisnéis faoi éifeachtúlacht fuinnimh ar fáil do gach Comhlachas Tráchtála sa Chontae.

- Soláthraíodh faisnéis faoi éifeachtúlacht fuinnimh ag Meet West, ag laethanta Fiontair Áitiúil agus ag seisiúin comhshaoil le pobail áitiúla.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

Bhí Oifigigh Feasachta Comhshaoil páirteach i bhfeasacht ar chomhshaol a chur chun cinn trí chruinnithe faisnéise le grúpaí pobail agus deonacha agus le coistí na mbailte slachtmhara. Ullmhaíodh agus scaipeadh pacaí agus bileoga, agus preaseisiúintí, maidir le Faisnéis Chomhshaoil agus rinneadh fógraíocht raidió faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an gcomhshaol.

Rinneadh cruinnithe agus ceardlanna faisnéise maidir le cosc dramhaíola, múiríniú baile, caomhnú fuinnimh agus caomhnú uisce a sheoladh ar fud Chontae na Gaillimhe i gcomhar le grúpaí pobail, le grúpaí deonacha, le coistí bailte slachtmhara agus leis an tSeirbhís Leabharlainne. Cuireadh Clár na Gaillimhe maidir le Diomailt Bia a Chosc i bhfeidhm i bpobail agus cabhraíonn an clár sin le sealbhóirí tí laghdú a dhéanamh ar an méid bia a chuirtear amú.

Tá clár na Scoileanna Glasa á chur i bhfeidhm i gcónaí agus bhí an-rath air go dtí seo agus táthar tar éis Bratach Ghlas a bhronnadh ar 190 scoil sa Chontae.

Rinneadh Tionscnaimh Frithbhruscair, amhail an Glantachán Earraigh Náisiúnta, Tionscnamh 'Tabhair Aire do Bhóthar', Feachtas na Gaillimhe i gcoinne Salú ag Madraí agus an Feachtas i gcoinne Bruscar Guma Coganta a chur i bhfeidhm ar fud an chontae.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gContae.**

Soláthraíonn Aonad Comhshaoil Chomhairle Chontae na Gaillimhe roinnt seirbhísí don phobal, lena n-áirítear Bainistiú Dramhaíola, Bainistiú Bruscair agus Forfheidhmiúchán Comhshaoil, Feasacht ar an gComhshaol, Reiligí agus Seirbhísí Tréidliachta agus Rialú Madraí.

# Seirbhísí Uisce

Agus í ag feidhmiú faoin gComhaontú Leibhéil Seirbhíse le hUisce Éireann, lean Comhairle Chontae na Gaillimhe de thionscadail cheadaithe seirbhísí uisce a chur chun cinn ar fud na bliana 2016. Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis na céimeanna éagsúla a bhaineann le mórthionscadail chaipitiúla chun saoráidí uasghrádaithe a chur ar fáil sa chontae agus chun comhlíonadh rialachán a chinntiú. De bhreis air sin, rinneadh obair shuntasach faoi chláir na Miontionscadal chun gléasraí chóireála agus gréasáin atá ann cheana féin a fheabhsú agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint astu. Mar thoradh ar fheabhsú leanúnach bonneagair sa bhliain 2016 tá saoráidí feabhsaithe uisce agus cóireála séarachais ann agus, dá bharr sin, tá cosaint fheabhsaithe á soláthar don chomhshaol, tá seirbhísí feabhsaithe ann do chustaiméirí agus tá uisce óil glan ann do gach uile úsáideoir.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

Críochnaíodh agus coimisiúnaíodh dhá ghléasra nua cóireála dramhuisce i mBaile Chláir agus i mBaile an Mhuilinn sa bhliain 2016. Bhí gréasáin séarach críochnaithe cheana féin sa dá bhaile sular tógadh na gléasraí cóireála. Infheistíodh €5.6M sna gléasraí agus ba é an tAire Stáit, an tUas. Seán Canney, T.D., a d'oscail go hoifigiúil iad thar ceann Uisce Éireann ar an 2 Nollaig 2016.

Ina theannta sin, bhí tógáil gléasra nua cóireála dramhuisce i gCinn Mhara beagnach críochnaithe. Tá an gléasra suite ó thuaidh ó bhaile Chinn Mhara i mbaile fearainn Bhaile Uí Bhranagáin. Rinneadh an gréasán bailithe a uasghrádú freisin. Déanfar an gléasra cóireála a oireann do 1,300 duine den daonra a choimisiúnú go luath sa bhliain 2017. Mar thoradh ar an ngléasra seo a chur ar fáil cuirfear deireadh le sceitheadh dramhuisce neamhchóireáilte isteach sa bhá ag Cinn Mhara.



*Gléasra Cóireála Dramhuisce Chinn Mhara*

Rinneadh Athshlánú Phríomhdhraenáil agus Phríomhphíobán Uisce Bhéal Átha na Sluaighe – Conradh 1, arbh é a bhí i gceist leis ná uasghrádú séarach agus príomhphíobán uisce bhaile Bhéal Átha na Sluaighe a chríochnú i mí Aibreáin 2016. Ina theannta sin, áiríodh athshlánú phríomhphíobáin uisce Bhaile Átha an Rí, Áth Cinn agus Órán Mór.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh**

Cheap Uisce Éireann Glan Agua le haghaidh an chonartha chun gléasra nua cóireála a thógáil ag Uachtar Ard. Tá an gléasra atá ann cheana féin ag obair de réir bharr a chumais – beidh toilleadh deartha a oireann do 2,400 duine ag an ngléasra nua. Cuireadh tús le hoibreacha i mí Lúnasa 2016 agus táthar ag súil go mbeidh an gléasra i ngníomh i dtrátha dheireadh na bliana 2017.



*Searmanas oscailte láithreán Ghléasra Cóireála Dramhuisce Uachtar Ard, á sheoladh ag an Aire Stáit, an tUas. Seán Kyne T.D.*

I Meán Fómhair 2016, deonaíodh cead pleanála do ghléasra uasghrádaithe cóireála dramhuisce i mBaile Átha an Rí. Tá dul chun cinn déanta freisin maidir le céimeanna pleanála agus deartha scéimeanna séarachais an Chreagáin agus Bhéal Átha Ghártha. Tá dul chun cinn déanta freisin maidir le Tionscadal Méadaithe RWSS Thuama trína mbeartaítear méadú a dhéanamh ar an soláthar uisce chóireáilte ó Luimneach chun fónamh do Bhaile Locha Riach agus do dhobharcheantar scéimeanna soláthair uisce Dhún Mór/Ghleann na Madadh sa chéad chéim. Tá tús curtha le réamhshuirbhéireachtaí agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis an dearadh mionsonraithe i dtrátha lár na bliana 2017. Lorgaíodh tairiscintí ó shainchomhairleoirí i leith RWSS Ghaillimh Thiar trína mbeartaítear leathnú a dhéanamh ar an soláthar uisce ó WTP Thír Oileáin sa chathair chun fónamh

don Spidéal agus don Cheathrú Rua sa chéad chéim, agus beidh céim eile ann amach anseo a fhágfaidh go mbeifear ag fónamh d'áiteanna chomh fada ar shiúl le Leitir Mór. Tá Uisce Éireann ag leanúint de spreagadh a thabhairt i leith tionscadail bhonneagair a bhfuil tús áite acu ar bhonn riachtanais agus comhlíontacht reachtúil.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil**

Go dtí seo, mar thoradh ar an gclár caomhnaithe uisce, tá laghdú suntasach tagtha ar na figiúirí a bhaineann le huisce gan tásc sa Chontae. Tá athshlánú príomhphíopaí, ina bhfuil 19km de phríomhphíopaí uisce sa Cheathrú Rua, sa Spidéal, i mBaile Locha Riach agus in Inis Mór, beagnach críochnaithe. Mar thoradh ar na hoibreacha athshlánúcháin, chomh maith le rátaí méadaithe braite agus deisiúcháin, tá feabhsuithe leantacha ann maidir leis na figiúirí a bhaineann le huisce gan tásc sa Chontae.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

Soláthraíonn an Chomhairle tacaíocht don earnáil ghrúpscéimeanna uisce agus, mar thoradh air sin, beidh pobail in ann iad féin a chothú agus a ngnóthaí féin a bhainistiú amach anseo. Ina theannta sin, soláthraíonn an Chomhairle tacaíocht do ghrúpscéimeanna trí dheontais le haghaidh feabhsúcháin chaipitiúla ar mhaithe le feabhsú scéimeanna agus trí fhóirdheontais i gcomhair oibriú agus cothabháil leanúnach. Tá na cláir éagsúla go léir a bhaineann le hUisce Tuaithe á maoiniú go hiomlán ag an Roinn Comhshaoil. Sa bhliain 2015, íocadh Deontais Chaipitiúla arbh fhiú thart ar €1.2m iad agus, chomh maith leis sin, íocadh Fóirdheontais arbh fhiú thart ar €2.8m iad. Soláthraíonn an Roinn cúnamh deontais freisin i gcomhair oibreacha sonracha cosanta foinse a dhéanann na Grúpscéimeanna Uisce. Is é is aidhm don dheontas ná cabhrú le scéimeanna Plean Cosanta Foinse a sholáthar.

# Seirbhísí Éigeandála

Is iad seo a leanas na freagrachtaí atá ar sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe (GFRS):

- Gníomhaíonn sí chun déileáil le dóiteáin agus, chomh maith leis sin, chun déileáil le timpistí tráchta bóthair,
  le teagmhais a bhaineann le hábhair ghuaiseacha, le tarrtháil uisce, le tuiliú agus le mórghuaiseacha de bharr timpistí;
- Féachann sí le héigeandálaí a chosc trí raon oibríochtaí coiscthe dóiteáin agus oibríochtaí teicniúla sábháilteachta dóiteáin a chur i gcrích sa Chontae agus sa Chathair agus trí thionscnaimh phobail éagsúla maidir le sábháilteacht dóiteáin.
- Is í Príomhsheirbhís Éigeandála (PES) an Údaráis Áitiúil í i gComhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe agus, ina gcáil mar Údaráis Áitiúla, is iad na comhairlí sin a fheidhmíonn mar Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (PRA) i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta maidir le Mór-Éigeandálaí a Bhainistiú 2006.

Faoi láthair, tá aon stáisiún déag ann a fhónann do Chontae na Gaillimhe ina bhfuil daonra 179,048 nduine agus do Chathair na Gaillimhe ina bhfuil daonra 79,504 dhuine (de réir staitisticí CSO 2016) de réir mar a thaispeántar i bhFíor 1.




*Fíor 1: Suíomhanna Stáisiúin Dóiteáin GFRS, lena n-áirítear an Cheathrú Rua*

- Baile Átha an Rí
- Béal Átha na Sluaighe
- An Clochán

- Cathair na Gaillimhe (Ceanncheathrú)
- An Gort
- Inis Mór
- Baile Locha Riach
- An Creagán
- Port Omna
- Tuaim
- An Cheathrú Rua

Thosaigh stáisiún dóiteáin na Ceathrún Rua ag oibriú mar an 11ú Stáisiún Dóiteáin de chuid an chontae ar an 22 Feabhra 2016. Tá 167 nduine ar fostú ag an gComhairle anois mar phearsanra comhraicthe dóiteáin i Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe, lena n-airítear comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha agus áirithinte sa Chathair agus sa Chontae, oifigigh shinsearacha dóiteáin, meicneoir briogáide agus Oifigeach Cosanta Sibhialta. De bhreis air sin, tá 4 dhuine ann in FRS na Gaillimhe a fheidhmíonn mar fhoireann shibhialtach tacaíochta riaracháin agus mar fhoireann Cheanncheathrún atá lonnaithe i stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe.



*An Stáisiún Dóiteáin nua sa Cheathrú Rua*



*Fearais Dóiteáin ag an Stáisiún Dóiteáin nua sa Cheathrú Rua*



*Oscailt Oifigiúil an Stáisiúin Dóiteáin nua sa Cheathrú Rua*

Dé Máirt, an 7 Meitheamh 2016, d'oscail Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Peter Roche, stáisiún nua Chomhairle Chontae na Gaillimhe sa Cheathrú Rua go hoifigiúil agus fónfaidh an stáisiún do Chonamara Theas. Rinneadh an oscailt i láthair an Aire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Seán Kyne TD, agus bhí os cionn 200 aoi ann freisin. In éineacht le Briogáid Dóiteáin Inis Mór, is é Briogáid Dóiteáin na Ceathrún Rua, dá ngairtear *Golf Yankee 22*, an dara briogáid Ghaeilge de chuid Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe, agus is é an chéad staisiún dóiteáin nua a osclaíodh i nGaillimh le níos mó ná 15 bliana.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

**Pobail a Choinneáil Sábháilte (KCS) – Creat don tSábháil Teacht ó Dhóiteán in Éirinn**

D'fhoilsigh An Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin & Bainistíocht Éigeandála (NDFEM) "Pobail a Choinneáil Sábháilte", arb é toradh athbhreithnithe ar Sheirbhísí Dóiteáin agus ar Shábháilteacht Dóiteáin in Éirinn é, i mí Feabhra 2013. Is ionann "Pobail a Choinneáil Sábháilte" (KCS) agus treoirphlean comhtháite i ndáil le forbairt na ról riachtanach sábháilteachta pobail a chomhlíonann na Seirbhísí Dóiteáin, ar plean é atá le cur i bhfeidhm sa tréimhse 2013-2015 agus trína ndéanfar rioscaí a bhainistiú agus aghaidh a thabhairt ar nithe a bhaineann le feabhsú sábháilteachta poiblí, le

laghdú teagmhas, le caighdeáin freagartha agus le struchtúir soláthair seirbhíse sna deich mbliana atá romhainn.

Tá dréacht-aicmiú na rioscaí i limistéar talún (ARC) gach stáisiúin dóiteain ar leith I nGaillimh curtha I gcrích agus cuireadh faoi bhráid NDFEM é I samhradh na bliana 2015 mar chuid den 1ú tuarascáil ón nGrúpa Bailíochtaithe Sheachtraigh Náisiúnta (EVG), de réir mar a iarradh i gCiorclán NDEM 05/2015. D'eisigh NDFEM dréacht-tuarascáil náisiúnta EVG 1 sa bhliain 2016 I gcomhair díospóireachta ach tá moill curtha le foilsiú thuarascáil deiridh EVG 1. Faoi láthair, tá uasdátú a dhéanamh againn ar phlean oibríochtúil Alt 26 Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus táthar ag súil go gcuirfear faoi bhráid an Choiste Beartais Straitéisigh agus na Comhairle é lena ghlacadh sa bhliain 2017.

**Camp West**

Lean GFRS den triail slógtha CAMP Next Generation a reáchtáil agus a phíolótú i stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe mar chuid de sholáthar trealaimh nua cianionaid i stáisiúin dóiteáin i réigiún an iarthair mar chuid de thionscadal *Camp Ctri*.

**Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta**


Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta FRS na Gaillimhe le fáil i Lámhleabhar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta/Ráiteas Sábháilteachta Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe. I lámhleabhar sábhailteachta na Comhairle atá oiriúnaithe do Ghaillimh, tugtar aghaidh ar na cúinsí oibre a ndéileálann an tSeirbhís Dóiteáin leo agus ar gné den bhainistíocht seirbhíse ina leith é, le fada an lá, plé le riachtanas, le rioscaí agus le hacmhainní i raon leathan dálaí. I Lámhleabhar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta/Ráiteas Sábháilteachta Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe, leagtar amach an cur chuige atá glactha ag an Údarás Dóiteáin seo i ndáil le sábháilteacht a bhainistiú agus, go háirithe, i ndáil lena oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh faoi Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

**OHSAS 18001: Sláinte Cheirde & Córas Bainistíochta Sábháilteachta**

Tar éis iniúchtaí Chéim 1 agus Chéim 2 i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2016 faoi seach, tá Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) tar éis caighdeán OHSAS 18001 a chreidiúnú do Sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe. Tá sé d'onóir ag Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe a bheith ar an gcéad seirbhís dóiteáin lánaimseartha & áirithinte de chuid na hÉireann a bhfuil a creidiúnú gradamach seo i leith córais bainistíochta sábháilteachta bainte amach aige.

**Oibríochtaí Dóiteáin (Freagairt)**

Ba é a bhí sa líon iomlán freagairtí éigeandála ag Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe (GFRS) sa bhliain 2016, i gCathair na Gaillimhe agus i gContae na Gaillimhe faoi seach, ná 1538 (1400 teagmhas), is é sin le rá, 613 i Limistéar Dóiteáin Chathair na Gaillimhe (661 sa bhliain 2015) agus 925 fhreagairt éigeandála sa chuid eile de Chontae na Gaillimhe (716 sa bhliain 2015).




Tá an Ghníomhaíocht Fhoriomlán sa bhliain 2016 mórán mar an gcéanna leis an mbliain 2015. Tháinig laghdú ar ghníomhaíochtaí limistéir dóiteáin Chathair na Gaillimhe agus an Chlocháin faoi seach, rud a tharla mar thoradh ar an stáisiún dóiteáin áirithinte nua a thosaigh ag oibriú sa Cheathrú Rua i mí Feabhra 2016. Tá miondealú le fáil i dTábla 1 ar na freagairtí agus ar na teagmhais éigeandála de réir an stáisiúin dóiteáin sa bhliain 2016.

| Stáisiún Dóiteáin | Teagmhais éigeandála 2016 | Freagairtí éigeandála 2016 |
|---|---|---|
| **Cathair na Gaillimhe** | **605** | **613** |
| **Baile Átha an Rí** | **71** | **159** |
| **Béal Átha na Sluaighe** | **106** | **110** |
| **An Clochán** | **93** | **93** |
| **An Gort** | **69** | **69** |
| **Baile Locha Riach** | **89** | **115** |
| **An Creagán** | **56** | **59** |
| **Port Omna** | **53** | **53** |
| **Tuaim** | **128** | **134** |
| **Inis Mór** | **30** | **30** |
| **An Cheathrú Rua** | **100** | **103** |
| **Iomlán** | **1400** | **1538** |

*Tábla 1: Staitisticí oibríochta Ean-Nollaig 2016*

**Táscairí feidhmíochta 2016**

Déantar táscairí feidhmíochta a leagan síos ar bhonn náisiúnta do Sheirbhísí Dóiteán na nÚdarás Áitiúil.
Ba iad na meán-amanna freagartha maidir le gach teagmhas, i gcás na bhfeithiclí ba thúisce a d'fhreastail ar an láthair sa tseirbhís lánaimseartha Cathrach agus sa tseirbhís áirithinte Contae, 2.57 nóim agus 5.56 nóim faoi seach.

Is é atá sa dara táscaire feidhmíochta ná an fad ama a thóg sé, tar éis an ghlao a fháil, chun láthair an teagmhais a shroicheadh, i gcás dóiteán amháin, mar chéatadán i leith tréimhsí éagsúla ama, agus is mar a leanas na figiúirí do Bhriogáidí na Cathrach agus an Chontae:

- Níos lú ná 10 nóiméad – 39.4% de na glaonna;
- Níos mó ná 10 nóiméad agus níos lú ná 20 nóiméad – 38.9% de na glaonna
- Níos mó ná 20 nóiméad – 21.7% de na glaonna

Ba é a bhí sna táscairí feidhmíochta maidir le gach teagmhas eile, gan dóiteáin a áireamh agus i gcomhair na bparaiméadar céanna, ná 41.1%, 39.1% agus 19.8% faoi seach.

Tá feabhas mór ann, i gcomparáid le blianta roimhe seo, i dtaca le hamanna freastail san aicme os cionn 20 nóim, rud a tharla mar thoradh ar oscailt agus oibriú stáisiún dóiteáin na Ceathrún Rua ar feadh 10 mí den bhliain.

Níor tharla aon bhásanna de bharr dóiteáin thimpisteacha sa bhliain 2016 i gcathair ná i gcontae na Gaillimhe.

## Tosaíocht Straitéiseach

## Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.

**Sábháilteacht agus Cosc Dóiteáin**


Sa bhliain 2016, leanadh den obair a dhéantar sa Roinn Coiscthe Dóiteáin & Sábháilteachta Dóiteáin.

Rinne an Roinn Coiscthe Dóiteáin 260 iniúchadh ar áitribh sa bhliain 2016 mar chuid dá Feidhm Choiscthe Dóiteáin faoin Acht um Sheirbhísí Dóiteáin 1981, faoi na hAchtanna Ceadúnúcháin, faoi na hAchtanna Pleanála agus faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha. Sa bhliain 2016, fuair an rannóg Dóiteáin 316 iarratas agus phróiseáil sí 152 iarratas ar cheadúnais phoiblí. Dhéileáil sí le 111 iarratas pleanála do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe sa bhliain 2016 agus rinne sí iniúchtaí sa bhliain 2016 ar mhaithe le heisiúint Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin etc faoi na hAchtanna

um Rialú Foirgníochta 1990 agus 2007. Phróiseáil sí 81 iarratas ar Dheimhniú maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas sa bhliain 2016.


Dhéileáil an Roinn Coiscthe Dóiteáin le 251 Iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin – gach cineál – faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, agus bhain 133 iarratas díobh sin le limistéar na Comhairle Contae agus bhain 118 n-iarratas díobh le limistéar na Comhairle Cathrach. Léiríonn an líon foriomlán iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin laghdú beag gníomhaíochta i gcomparáid le figiúirí na bliana 2015 – 256 sa bhliain 2015.

Tá an líon iarratas a fuair GFRS i ndáil le deimhnithe sábháilteachta dóiteáin, don tréimhse ó 2008 go 2016, agus i ndáil le deimhnithe maidir le rochtain do dhaoine faoi mhíchumas, don tréimhse ó 2010 go 2016, ar taispeáint anseo thíos i bhfíor 5 agus i bhfíor 6 faoi seach.
Léiríonn na figiúirí seo téarnamh comhréidh i dtaca le gníomhaíochtaí tógála tráchtála beartaithe i limistéar na Gaillimhe sa bhliain 2016 ach tá siad fós íseal i gcomparáid leis na blianta mórbhorrtha.




Líon iomlán – cathair & contae Líon iomlán – contae Líon iomlán – cathair

*Fíor 3: Gníomhaíocht i leith Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin 2008-2016*




*Fíor 4: Gníomhaíocht i leith Deimhnithe maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas (DAC) 2010-2016*

**Sábháilteacht Dóiteáin sa Phobal**

Fuair GFRS aláraim dheataigh neamhspleácha ina bhfuil cadhnraí fadsaoil do 250 teaghlach agus eisíodh iad chuig teaghlaigh i gCathair agus i gContae na Gaillimhe lena suiteáil ag grúpaí pobail de réir mar a rinneadh i mblianta roimhe seo. Cuireadh an tionscadal sin i gcrích le cúnamh ó na hAonaid Chomhshaoil agus Fiontraíochta i gComhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe.

Sa bhliain 2016, lean Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe de chainteanna faoi shábháilteacht dóiteáin a thabhairt do phobail de réir mar a iarradh orthu déanamh amhlaidh, leanadh de chuairteanna fearais dóiteáin a thabhairt ar scoileanna agus leanadh de pháirt a ghlacadh i Seachtain Náisiúnta na Sábháilteachta Dóiteáin tráth ar osclaíodh stáisiúin dóiteáin do dhaoine den phobal agus a ndeachthas i mbun feachtas fógraíochta nuachtáin. Sa bhliain 2016, leanadh de Chlár na mBunscoileanna do leanaí 3ú rang.

**Bainistíocht Mór-Éigeandálaí (MEM)**

Lean an Coiste Forbartha Mór-Éigeandálaí (MEDC) a bhunaigh an Chomhairle mar chuid den Chreat Náisiúnta Nua do MEM dá chuid oibre a chur i gcrích agus tá Plean Freagartha i leith Tuilte á ullmhú aige faoi láthair.

Lean Grúpa Oibre MEM Réigiún an Iarthair, ina bhfuil daoine de chuid na bPríomhsheirbhísí Éigeandála (PES) i Réigiún an Iarthair (Seirbhísí Dóiteáin Údarás Áitiúil, Rannáin Áitiúla de chuid an Gharda Síochána agus Seirbhís Otharcharr HSE Thiar) páirteach, de bheith ag oibriú faoi choimirce Ghrúpa Stiúrtha MEM Réigiún an Iarthair. Leantar de Cheannoifig Chomhairle Chontae na Gaillimhe a úsáid mar phríomhshuíomh do Lárionad Áitiúil Comhordúcháin na dtrí Phríomhghníomhaireacht Freagartha sin (PRA-anna) – Comhairle Cathrach/Comhairle Chontae na Gaillimhe, HSE Thiar agus Rannán na Gaillimhe den Gharda Síochána – i gcás Mór-Éigeandálaí i limistéar Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe.

Sa bhliain 2016, de réir mar a rinneadh i mblianta roimhe seo, bhainistigh Comhairle Chontae na Gaillimhe an t-éileamh bliantúil réigiúnach thar ceann 8 PRA-anna i réigiún an iarthair.

Sa bhliain 2016, rinne na PRA-anna iomchuí - ar a dtugtar na hÚdaráis Inniúla Áitiúla (LCA-anna) faoi rialacháin Seveso III - plean uasdátaithe éigeandála seachtraí (EEP) do theirminéal stórála ola Topaz i gCuan na Gaillimhe (a aicmítear mar Láithreán Shraith Uachtarach Seveso III faoi

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí (MAH) ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) 2015 – ar a dtugtar Rialacháin Seveso III) a uasdátú agus a fheidhmiú sa bhliain 2016. I measc na ngníomhaireachta (LCA-anna) atá i gceist áirítear Comhairle Cathrach na Gaillimhe (lena n-áirítear Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe mar PES), Rannán na Gaillimhe den Gharda Síochána, HSE Thiar (lena n-áirítear an tSeirbhís Otharcharr Náisiúnta) agus Údarás Cuain na Gaillimhe; agus Topaz, ar b é oibreoir an láithreáin é, de réir mar a cheanglaítear faoi rialacháin Seveso III.

Thar ceann na 4 PRA atá ann i limistéar na Gaillimhe, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe tuilleadh maoiniúcháin chaipitiúil sa bhliain 2016 chun uasghrádú a dhéanamh ar fheithicil an Lárionaid Comhordúcháin Ar An Láthair (OSCC) agus taispeántar an fheithicil sin thíos.




*Feithicil Lárionad Comhordúcháin ar an Láthair(OSCC) MEM Réigiún na Gaillimhe*

**Cosaint Shibhialta**

Mar thoradh ar an droch-aimsir a bhí ann i mí na Nollag 2015 agus i mí Eanáir 2016, bhí comhaltaí de chuid na Cosanta Sibhialta ag tacú go gníomhach le foireann Chomhairle na Gaillimhe agus le pobail áitiúla. Bhí cabhair á tabhairt ag na comhaltaí i nDeisceart na Gaillimhe trí málaí gainimh a líonadh agus a dháileadh. Chuidigh criúnna báid agus Freagróirí Uisce Tuile le beostoc a thabhairt chun bealaigh as limistéar contúirte go talamh thirim i gceantar Chill Tartan i nDeisceart na Gaillimhe. Ina theannta sin, ghlac an Chosaint Shibhialta páirt sa seisiún faisnéise tuile agus MEM a bhí ann i mBéal Átha na Sluaighe ar an 16 Márta 2016.

I rith na bliana, bhí páirt ghníomhach ag comhaltaí i gcuardaigh le haghaidh 4 duine a bhí ar iarraidh i limistéar na Gaillimhe, tar éis iarraidh a fháil ina leith ón nGarda Síochána. Ar gach ócáid, bhí criúnna talún agus criúnna báid páirteach sna hoibríochtaí agus d'aimsigh criú báid duine de na daoine a bhí ar iarraidh gar do Chuan na Gaillimhe ar an 31 Eanáir 2016.

Chun cabhair a thabhairt maidir le hacmhainneacht na Cosanta Sibhialta, agus chun forbairt a dhéanamh ar an acmhainneacht sin, i ndáil le hoibríochtaí cuardaigh agus oibríochtaí eile amach anseo, rinne an Roinn Cosanta dhá dhrón, lena ngabhann fotha beo ceamara theirmigh HD, a chur ar fáil do Chosaint Shibhialta na Gaillimhe. Fuair 2 oibreoirí oiliúint chaighdeáin IAA ag Aeradróm Rinn Mhic Ghormáin.

Ina theannta sin, bhí ról ag comhaltaí na Cosanta Sibhialta sna Searmanais Cásca sa bhliain 2016. Bhí 2 chomhaltaí as aonad Bhéal Átha na Sluaighe ina n-ionadaithe thar ceann na Gaillimhe le linn Pharáid Dhomhnach Cásca i mBaile Átha Cliath mar chuid den searmanas náisiúnta. Bhí an bheirt chomhaltaí i láthair i nDún Mhic Aoidh i mBaile Átha Cliath le haghaidh 6 sheisiún oiliúna.
Le linn cheiliúradh Luan Cásca i mBaile Átha an Rí, chuir Cosaint Shibhialta na Gaillimhe clúdach liachta ar fáil ar an láithreán. Bhí 5 otharcharr, mar aon le criúnna soghluaiste, ann le linn an imeachta.

Fuair an Roinn Cosanta aon fheithicil dara láimhe 4x4 amháin do Chosaint Shibhialta na Gaillimhe i gCathair na Gaillimhe in ionad fheithicil 4x4 de chuid na bliana 1999.

Chomh maith leis sin, lean comhaltaí na Cosanta Sibhialta d'oiliúint a fháil ina n-ionaid oiliúna faoi seach. Seoladh cúrsaí go háitiúil maidir le Freagairt Tosaigh Pobail (CFR-C) agus maidir le Garchabhair Cheirde (OFA).
Chuir an Coláiste Cosanta Sibhialta oiliúint agus cúrsaí cur le scileanna ar fáil do Theagascóirí ar mhaithe le hathrú ó OFA go Freagróir Garchabhrach (FAR), is é sin, de réir Chaighdeán PHECC. Ainmníodh 3 teagascóirí do dháimh na bhFreagróirí Tosaigh Éigeandála (EFR). Sannadh beirt díobh sin mar mheasúnóirí ag na measúnachtaí náisiúnta EFR i mí Bhealtaine. Ní raibh aon iarrthóirí ag Gaillimh i gclár na bliana seo agus cuireadh tús leis an ullmhúchán i mí an Mheithimh don bhliain seo chugainn.

Lean Aonaid Chosaint Shibhialta na Gaillimhe de bheith an-ghníomhach sa dara leath den bhliain 2016. Lean daoine deonacha den oiliúint sna haonaid éagsúla ar leibhéal áitiúil, seachas le linn mhí Lúnasa nuair a bhí sos an tsamhraidh ann. Thug aonaid clúdach le haghaidh imeachtaí éagsúla pobail le linn na míosa sin de réir mar a iarradh orthu.

Thug aonad Chathair na Gaillimhe, agus cúnamh á fháil aige ó aonaid chontae, clúdach le haghaidh Sea Fest i gCuan na Gaillimhe i dtús mhí Iúil. Bhí clúdach Otharchairr/Liachta agus criúnna sábháilteachta ann don 2 lá den imeacht agus bhí sluaite móra ann ar an Satharn agus ar an Domhnach.

Ina theannta sin, chríochnaigh ár gcuid oibreoirí SUA a n-oiliúint Scoile Eitilte tar éis freastal a dhéanamh ar chuid mhór seisiún teagaisc deireadh seachtaine in Ionad Phoenix na Cosanta Sibhialta i mBaile Átha Cliath. D'éirigh leis an dá oibreoir agus fuair siad a gceadanna ó Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) i mí na Samhna. Go háitiúil, thug Gaillimh oiliúint do 10 oibreoirí breise ceamara cianoibrithe agus is féidir leo sin cúnamh a thabhairt i ndáil le hoibríochtaí nuair a iarrtar orthu déanamh amhlaidh.

Is é feidhm an aonaid SUA cúnamh a thabhairt d'Aonaid Chosanta Sibhialta ina réigiún nuair is gá sin. Ní mór gach iarraidh agus gach imlonnú a bheith údaraithe ag Oifigeach Teicniúil an Bhrainse Cosanta Sibhialta a bhainistíonn gach aonad SUA sa tír. D'eisigh an Brainse Cosanta Sibhialta sonraíocht i leith árthach breise do na 9 n-aonad ainmnithe ar fud na tíre agus, i dtús mhí na Samhna, thug sé maoiniúchán 100% i gcomhair an chostais ar árthach breise. Tá 2 árthach ar fáil ag gach ceann ar leith de na 9 n-aonad.
Tá cúnamh tugtha ag Cosaint Shibhialta na Gaillimhe cheana féin i ndáil le cuardaigh ar dhaoine a bhí ar iarraidh i nDún na nGall, sa Chlár agus i gCiarraí.

Rinne 4 Teagascóirí Cosanta Sibhialta cúrsaí oiliúna i mbliana maidir le Láimhsiú Sábháilte agus Bogadh Daoine. Rinneadh an cúrsa teagascóra sin a cheapadh agus a chur ar fáil mar chuid de chomhfhiontar de chuid Roinn Oideachais agus Inniúlachta na Seirbhíse Otharcharr Náisiúnta agus an Choláiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré. Eisíodh gradam QQI chuig na teagascóirí cáilithe freisin.

D'éirigh le Cosaint Shibhialta na Gaillimhe 8 duine dá comhaltaí a cháiliú go dtí leibhéal chleachtóir EMT de réir threoirlínte PHECC. D'fhreastail siad ar rang in NATC, Béal Átha na Sluaighe, faoinár gCeannfort, Tomas Connaughton, ar Oifigeach Oideachais agus Oiliúna é freisin sa tSeirbhís Otharcharr Náisiúnta. Gabhaimid buíochas leis an tSeirbhís Otharcharr Náisiúnta as a gcuid saoráidí a thairiscint dúinn le linn an chúrsa sin.

Rinneadh 6 teagascóirí CFR a athdheimhniú freisin i mí Dheireadh Fómhair i mbliana. Fágann an t-athdheimhniú sin gur féidir le comhaltaí sna haonaid go léir a bheith cothrom le dáta maidir lena gcuid scileanna agus gur féidir leo a gcáilíochtaí a uasdátú de réir threoirlínte reatha PHECC.
I rith an tsamhraidh, d'fhreastail EMT-anna ar ardchúrsa athdheimhnithe CFR sa Choláiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré. D'éirigh le gach duine díobh na caighdeáin riachtanacha measúnachta a bhaint amach.

I mí na Nollag, seoladh oiliúint agus cleachtaí le haonad Chuan Chasla de Gharda Chósta na hÉireann. D'fhoghlaim agus chomhroinn comhaltaí den dá sheirbhís scileanna agus eolas agus rachaidh sé sin chun tairbhe go mór do gach eagraíocht ar leith.

Trína láithreacht le linn dóibh a bheith ar dualgas i bpobail agus le linn imeachtaí, leanann comhaltaí den Chosaint Shibhialta de chúnamh ina gcuid pobal agus leanann siad de bheith ag cur leis an gcaidreamh atá acu leis na pobail sin.

Ag deireadh na bliana, bhí 5 aonad tar éis freastal a dhéanamh ar 396 dhualgas/imeacht sa bhliain 2016.

- Béal Átha na Sluaighe 65
- Cluain Bheirn 97
- Gaillimh 76
- Baile Locha Riach 92
- Órán Mór 66



## Tosaíocht Straitéiseach

## Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.

**Seirbhís Chustaiméara**
Phróiseáil Seirbhísí Dóiteáin Chontae na Gaillimhe gearáin maidir le cosc dóiteáin, agus thug siad aghaidh ar ghearáin den sórt sin, ar bhonn tosaíochta.

## Tosaíocht Straitéiseach

## An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.

**Caipiteal**
Fuair Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe maoiniúchán caipitiúil €446,750 ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil sa bhliain 2016 i ndáil leis an méid seo a leanas:

- Dhá Fhearas Dóiteáin AICME B athláimhe a fháil
- Leithroinnt i gcomhair an chostais a ghabhann le hoibreacha foirgníochta/feabhsúcháin i ndáil le stáisiún dóiteáin láithreach Chathair na Gaillimhe
- Aláraim dheataigh a fháil
- Trealamh tarrthála (málaí tógála) a fháil
- Veain Tacaíochta Teagmhais (IS) Athláimhe a fháil do Chathair na Gaillimhe
- Tacaíocht airgeadais i gcomhair Uasghrádú ar Fheithicil OSCC MEM
- Táillí gairmiúla i ndáil le Stáisiún Dóiteáin nua Thuama
- Éileamh bliantúil i leith MEM Réigiúnach

Táimid buíoch den Chomhairle as an tacaíocht thuas a fháil mar thacaíocht i ndáil le soláthar seirbhísí dóiteáin agus éigeandála ag an gComhairle i limistéar na cathrach agus an chontae.

**Oibreacha Uasghrádaithe Foirgníochta**
Críochnaíodh oibreacha uasghrádaithe foirgníochta i stáisiún dóiteáin Bhaile Átha an Rí agus leanadh d'oibreacha i stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta agus ar an uasghrádú fuinnimh. Ina theannta sin, fuair an Chomhairle roinnt maoiniúcháin i bhfoirm cúnamh deontais ó SEAI i gcomhair oibreacha feabhsaithe fuinnimh i stáisiún dóiteáin na cathrach mar chuid de chlár bliantúil fuinnimh inbhuanaithe na Comhairle.

**Oiliúint**
De réir an chláir bhliantúil oiliúna don bhliain 2016, leanadh d'oiliúint a sholáthar go háitiúil i ngach Stáisiún Dóiteáin, agus go lárnach, mar a tharla i mblianta roimhe seo. Bhí an líon cúrsaí oiliúna a seoladh inchomparáide fós leis an líon cúrsaí a bhí ann i mblianta roimhe seo. D'fhéach Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe lena chinntiú go ndéantar gach duine de na hoifigigh dhóiteáin, idir shóisearach agus shinsearach, agus gach duine de na comhraiceoirí dóiteáin a oiliúint de réir na dtreoirlínte nua atá eisithe ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistithe Dóiteáin & Éigeandála (NDFEM). Beidh Treoirlínte Náisiúnta Caighdeánacha Oibríochta (SOG-anna), atá mar bhuntaca le measúnachtaí rioscaí cineálacha i Ráiteas Sábháilteachta Foghabhálach na Seirbhíse Dóiteáin (ASS), mar a bheadh cnámh droma ann dár gcuid pleananna oiliúna i gcás an phearsanra dóiteáin ar fad sa Chathair agus sa Chontae.

Bhí an chéad 30 ceann de na SOG-anna curtha i gcrích, a bheag nó a mhór, faoi dheireadh na bliana 2012. Cuireadh tús leis an obair i ndáil le cur i gcrích na SOG-anna eile sa bhliain 2013, lena n-áirítear teagmhais sábháilteachta/tarrthála uisce agus ábhar guaiseach, agus, i gcás na n-ábhar guaiseach, bhí cúrsaí nua oiliúna ann ar fheasacht do chomhraiceoirí dóiteáin, mar aon le cúrsaí nua do shealbhóirí CPC agus d'oifigigh. Leanadh den obair sin sa bhliain 2016.

Lean FRS na Gaillimhe de mhic léinn a chur chuig cúrsaí láraithe de chuid na Stiúrthóireachta Náisiúnta Bainistithe Dóiteáin agus Éigeandála (NDEFM) agus, ina theannta sin, soláthraíodh roinnt teagascóirí agus stiúrthóir cúrsa do chuid de na cúrsaí sin. Chomh maith leis sin, bhí FRS na Gaillimhe páirteach i roinnt grúpa oibre náisiúnta.



*Oiliúint á seoladh sa Chlochán maidir le Saintréithe Dóiteán in Urranna*

**Stáisiún Dóiteáin Thuama - nua**
Cuireadh tús leis an tionscadal caipitiúil seo athuair sa bhliain 2016 tar éis plean caipitiúil 5 bliana na roinne do sheirbhísí dóiteáin 2016-2020 a eisiúint. Rinneadh plean athbhreithnithe costais le haghaidh stáisiún dóiteáin nua ar láithreán ar an N17/Bhóthar Bhaile an Mhuilinn i dTuaim a chur faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil arís i mí na Samhna 2016 agus bhíothas ag súil le tairiscintí a lorg go luath sa bhliain 2017, ach sin faoi réir leithroinnt caipitiúil náisiúnta a bheith ann don tionscadal seo sa bhliain 2017.

**Fearas dóiteáin nua Aicme B**

Seachadadh an fonnadh ar thógalaithe na cabhlach sa bhliain 2016. Tá an tionscadal caipitiúil réigiúnach seo á bhainistiú ag Comhairle Chontae Ros Comáin mar údarás conarthach d'údaráis dóiteáin iomchuí i réigiún an iarthair. Táthar ag súil go seachadfar an fearas dóiteáin nua Aicme B i Ráithe 2 den bhliain 2017.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# PLEANÁIL, POBAL, FIONTRAÍOCHT & FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA

# AN tAONAD PLEANÁLA

Sa bhliain 2016, lean an tAonad Pleanála den fhorbairt laistigh den chontae a chur chun cinn, agus de thacaíocht a thabhairt ina leith sin, sa chaoi gur féidir lenár gcustaiméirí maireachtáil i bpobail bheoga, is é sin, áiteanna ina gcuirtear luach ar dhifríochtaí cultúrtha agus ina dtugtar spreagadh i leith difríochtaí den sórt sin, inar féidir le gach duine a bheith páirteach sa saol geilleagrach, sóisialta agus cultúrtha, agus ina bhfuil rochtain ag daoine ar leibhéal inghlactha seirbhísí agus bonneagair.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht agus feabhas a chur ar ionadaíocht dhaonlathach agus ar cheannaireacht shibhialta.**

## COISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH

Bhí 4 chruinniú ag an CBS Pleanála agus Pobail sa bhliain 2016.

I measc na bpríomh-shaincheisteanna beartais a pléadh i rith na bliana, áirítear na nithe seo a leanas:

- Athbhreithniú ar an Scéim Ranníocaíochta Forbartha
- Pleananna Ceantair Áitiúil
- Saincheisteanna faoi Bheartas Pleanála
- Tionscnaimh maidir le comórtas na mbailte slachtmhara
- Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa
- Seachtain na huilechuimsitheachta sóisialta

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

## PLEANÁIL CHUN CINN

- Rinneadh uasdátú/Cuireadh bailchríoch ar Phlean Cheantar Áitiúil Áth Cinn 2015-2021 (arna leasú de réir Ordachán Aireachta an 17 Nollaig 2015) i mí Eanáir 2016.
- Glacadh Plean Ceantair Áitiúil Phort Omna 2016-2022 ar an 9 Bealtaine 2016 agus tháinig sé in éifeacht ar an 6 Meitheamh 2016.

- Rinneadh na tuarascálacha timpeallachta faoin Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta a ullmhú go hinmheánach le haghaidh Phlean Ceantair Áitiúil Phort Omna agus le haghaidh an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.
- Cuireadh tús le hullmhú Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 chun tacaíocht reachtúil a sholáthar do Thionscadal Staidéir Iompair na Gaillimhe.
- Rinneadh réamhobair ar Leasú Phlean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007-2017 chun tacaíocht reachtúil a sholáthar do Staidéar Iompair na Gaillimhe.
- Ghlac na Comhaltaí Tofa Scéim nua Ranníocaíochta Forbartha i mí an Mhárta 2016. Rinne na comhaltaí laghdú 50% ar an méid atá á thobhach ar aonaid chónaithe go ceann tréimhse bliana ó Mhárta 2016 go Márta 2017 agus rinneadh laghdú 25% don tréimhse bliana ina dhiaidh sin.
- Ceardlann/seimineár a sheoladh i mí na Samhna do Ghníomhairí Pleanála Áitiúla maidir le hathruithe, de chineál reachtúil nó eile, a rinneadh le déanaí ar bhainistiú na forbartha i gContae na Gaillimhe.

**AN RANNÓG BAINISTITHE FORBARTHA**

- Rinneadh 1773 Iarratas Pleanála a thíolacadh don Oifig Pleanála sa bhliain 2016.
- Rinneadh 1371 chinneadh pleanála sa bhliain 2016.
- Fuarthas €698,054 sa bhliain 2016 ar mhodh Táillí Pleanála.

**BEARTA FORFHEIDHMIÚCHÁIN**

Tá sé mar bheartas ag Comhairle Chontae na Gaillimhe comhlíonadh Ceadanna Pleanála a áirithiú agus cosc a chur ar Fhorbairt Neamhúdaraithe de réir na gceanglas reachtúil atá leagtha amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt agus sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt.

| | |
|---|---|
| An líon gearán a fuarthas sa bhliain 2016 | 270 |
| An líon Litreacha Rabhaidh a seirbheáladh | 183 |
| An líon Fógraí Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh | 83 |
| An líon cásanna nua a cuireadh chuig an nGníomhaire Dlí agus chuig Aturnaetha seachtracha le haghaidh Imeachtaí Achoimre | 18 |

**RIALÚ FOIRGNÍOCHTA**

Rinneadh 444 Fhógra Tosaithe a thíolacadh tríd an gcóras Bainistíochta ar líne maidir le Rialú Foirgníochta.

**GLACADH FAOI CHÚRAM**

Lean an tAonad d'fhaireachán agus de phróiseáil a dhéanamh ar iarratais ar Ghlacadh faoi Chúram i gcás eastát tithíochta faoi na treoirlínte dar teideal 'Forbairtí a Ghlacadh faoi Chúram' atá glactha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Sa bhliain 2016, rinneadh moladh do Rannóg na mBóithre maidir le 11 eastát a ghlacadh faoi chúram.
Rinneadh 4 iarratas nua maidir le 'Glacadh faoi Chúram' a thíolacadh sa bhliain 2016 agus tá 71 iarratas maidir le 'Glacadh faoi Chúram' idir lámha.

Lean foireann an aonaid Rialaithe Foirgníochta de bheith ag obair leis an Roinn Comhshaoil, leis an Údarás Sláinte & Sábháilteachta, le forbróirí, le Glacadóirí agus le hinstitiúidí airgeadais agus iad ag féachaint heastáit neamhchríochnaithe a chríochnú.

## Tosaíocht Straitéiseach

## Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh

**OIDHREACHT**

I rith na bliana 2016, lean an Chomhairle Contae dá cuid oibre maidir le feasacht, eolas agus tuiscint ar an mbithéagsúlacht a chur chun cinn. Oibríonn an tOifigeach Oidhreachta chun spéis, oideachas, eolas agus mórtas i dtaca le hoidhreacht Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn. Seo a leanas roinnt tionscadal ar tugadh fúthu sa bhliain 2016:

- **Tionscadal Oidhreachta Loch Deirgeirt**

  Bhí obair na bliana 2016 dírithe ar na nithe seo a leanas:
  1) Oiliúint ar Léamh an Tírdhreacha a seoladh sa Ghráig.
  2) Rinneadh dhá Leabhar Oibre Scoile faoi Éin Chreiche a bhaineann le Loch Deirgeirt a ullmhú agus a phriontáil do Bhunscoileanna i gContae an Chláir, i nGaillimh agus i dTiobraid Árann.
  3) Ullmhaíodh Físeán Éan Creiche
  4) heagraíochtaí iomchuí eile, fuarthas tacaíocht don iarratas i leith Loch Deirgeirt ar chlár LIFE an AE maidir le Bithéagsúlacht.
  5) Ceardlanna oiliúna faoi éin chreiche do mhúinteoirí i nGaillimh, sa Chlár agus i dTiobraid Árann.



- **Rian Oidhreachta Eaglasta do Thoghlimistéar Thuama** - Rinneadh 'an tIniúchadh ar Oidhreacht Eaglasta Thoghlimistéar Thuama, 2016' mar ghníomh de chuid Phlean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe 2010-2016, agus é mar chuspóir aige iniúchadh, taifeadadh agus doiciméadú a dhéanamh ar an saothar ealaíne agus ar an ngloine dhaite ardchaighdeáin go léir atá ann sna heaglaisí nua-aimseartha i dToghlimistéar Thuama, agus ar na healaíontóirí a chruthaigh iad. De réir na treorach a tugadh dóibh, rinne na sainchomhairleoirí 29 n-eaglas nua-aimseartha san iomlán a shainaithint, thóg siad grianghraf díobh agus thug siad tuairisc ina leith.

- **Cúrsa ar Léamh an Tírdhreacha – Céim 2:** Rinne trí rannpháirtí dhéag an cúrsa '*Léamh an Tírdhreacha*' ó Iúil go Meán Fómhair 2016 sa Ghráig. Cuireadh an roinn teagaisc den chúrsa a chur i gcrích thar 6 lá agus, tar éis teagasc istigh agus lasmuigh a fháil maidir leis na gnéithe éagsúla de 'Léamh Tírdhreacha Áitiúil', chríochnaigh na rannpháirtithe sa chúrsa obair thionscadail ar leithligh ar ábhar oidhreachta a bhí roghnaithe acu féin agus a bhain lena gceantar dúchais féin. Chuir na rannpháirtithe a gcuid oibre ar taispeáint le linn taispeántas poiblí i Halla Pobail na Gráige i mí Dheireadh Fómhair 2016. Bainfear úsáid as an bhfaisnéis a bhailigh na rannpháirtithe mar fhaisnéis bhreise oidhreachta áitiúla ar féidir í a uaslódáil chuig Láithreán Gréasáin Oidhreacht Phobail na Gaillimhe.

- **Tionscadal Seandálaí Pobail** – Is é atá i ról an tSeandálaí Pobail ná comhairle agus faisnéis a sholáthar faoi chúrsaí seandálaíochta sa chontae. Sa bhliain 2016, chuaigh an Seandálaí Pobail i mbun tionscadail seandálaíochta pobail i gceantar Shliabh Eachtaí sa Chontae, sa Ghráig, i dTuaim agus i Maigh Cuilinn agus d'éirigh go han-mhaith le roinnt seimineár a reáchtáladh i rith na bliana. D'eagraigh an Seandálaí Pobail seimineár/comhdháil an-rathúil dar teideal "Archaeology of the Big House, Demesne Landscape and Landlords Village". Bhí Ionad Theach na mBocht, Port Omna, ina chomhóstach i leith an imeachta sin agus d'fhreastail c. 80 duine air. Ina theannta sin, sheol an Seandálaí Pobail roinnt imeachtaí do leanaí. D'oibrigh sé le Seirbhísí Óige na Gaillimhe ina lárionad i mBéal Átha na Sluaighe agus i mBaile Locha Riach agus sheol sé imeacht lae do leanaí in Ionad Theach na mBocht, Port Omna, agus sheol sé imeacht den tsamhail chéanna i gCill Chonaill mar chuid dá Lá Bithéagsúlachta Pobail.





D'eagraigh an Seandálaí Pobail roinnt seisiún agus cur i láthair do scoileanna áitiúla i réigiún Bhaile na Cille/na Gráige. Bhain dhá cheann de na seisiúin sin le húsáid na haer-fhótagrafaíochta eitleoige agus cuireadh i gcrích iad le cabhair ó Frank Scott. Seoladh iad le

daltaí as Scoil Náisiúnta na Gráige agus as Scoil Náisiúnta Mhaigh Ghlas. Tugadh buneolas don dá scoil faoi úsáid a bhaint as teicneolaíocht eitleoige agus as cuaille insínte chun aer-shuirbhéireacht a dhéanamh.

- **Tionscadal Bithéagsúlachta/Daoine agus Dúlra** - Oibríonn an tionscadal i bhfoirm comhpháirtíochta idir an Chomhairle Contae, tríd an Oifigeach Oidhreachta, agus an tAonad Éiceolaíochta Feidhmí, OÉ, Gaillimh, i gcomhar le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe agus Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe, le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta agus ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, chun dul i mbun tionscadal amhail tuilleadh Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a ullmhú do bhailte agus do shráidbhailte sa chontae, bainistíocht chaomhantais maidir le reiligí do líon áirithe reiligí, agus clár oideachais agus feasachta a sholáthar do na pobail sa chontae. Príomhról de chuid an tionscadail 'Daoine agus Dúlra' is ea feasacht ar an mbithéagsúlacht a mhéadú i gContae na Gaillimhe. Leanadh den obair i dtaca leis an tionscadal seo sa bhliain 2016 agus rinneadh roinnt imeachtaí agus gníomhaíochtaí feasachta dúlra a eagrú agus a reáchtáil i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla agus le gníomhaireachtaí éagsúla.



Tugann bainisteoir 'Daoine agus Dúlra, cuairt go tráthrialta ar bhunscoileanna agus ar mheánscoileanna, má iarrann múinteoirí ar leithligh amhlaidh, chun tacaíocht agus comhairle a thabhairt i ndáil le tionscadal a bhaineann le bithéagsúlacht agus chun gníomhaíochtaí dúlra a chur i gcrích in éineacht leis na mic léinn.

- **Lá Bhaile Múrtha Bhaile Átha an Rí –** Seoladh Lá Bhaile Múrtha Bhaile Átha an Rí 2016 Dé Domhnaigh, an 21 Lúnasa, agus ba lá spraoi oidhreachta agus oideachais é a bhí dírithe ar theaghlaigh agus bhí deis ag gach earnáil den phobal cur lena bhfeasacht, lena dtuiscint agus lena n-eolas ar Mhúrtha an Bhaile Mheánaoisigh agus ar bhaile Bhaile Átha an Rí. Le linn Lá Bhaile Múrtha Bhaile Átha an Rí, ceiliúradh cothrom 700 bliain Chath Bhaile Átha an Rí 1316.




Rinne an Comhairleoir Joe Byrne, Leas-Chathaoirleach, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Lá Bhaile Múrtha Bhaile Átha an Rí 2016 a lainseáil. I gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae na Gaillimhe, leis an gComhairle Oidhreachta agus le Líonra Bhaile Múrtha na hÉireann (IWTN), d'eagraigh Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí cothrom dheich mbliana Lá Bhaile Múrtha Bhaile Átha an Rí trí chlár imeachtaí a ullmhú inar léiríodh tionchar na nAngla-Normannach agus na gCeilteach sa tréimhse lena mbaineann agus rinne *Full Contact Medieval Combat Team* agus an *Irish School of Sword Fighting* léiriú ar an gcath agus rinne Claíomh léiriú staire beo 1316 a chur ar fáil.

Socraíodh imeachtaí an chláir le go n-oirfidís do gach aoisghrúpa agus bhí béim mhór ar oideachas agus ar fheasacht.  D'fhreastail thart ar 3000 duine ar an imeacht agus daoine áitiúla, chomh maith le cuairteoirí ó áiteanna lasmuigh den cheantar, a bhí ann. Fuarthas tacaíocht agus cúnamh maidir le seoladh an lae spraoi ó ghrúpaí áitiúla lena n-áirítear Grúpa Turasóireachta Bhaile Átha an Rí, Bailte Slachtmhara Bhaile Átha an Rí agus an Chomhairle Pobail.

- **Oibreacha Caipitiúla Mhúrtha Bhaile Átha an Rí –** Fuarthas maoiniúchán ón gComhairle Oidhreachta i gcomhair an tionscadail seo. Bhí obair na bliana 2016 dírithe ar an Túr Theas agus ar na ballaí tadhladh leis agus rinneadh oibreacha ar dhá láithreán ag an tráth céanna, is é sin le rá, cuireadh láithreán breise ag an nGeata Thuaidh san áireamh sa chonradh le maoiniúchán ón Roinn Bóithre de Chomhairle Chontae na Gaillimhe.  Leagadh amach tosaíochtaí i leith na n-oibreacha san ord seo a leanas: sláinte agus sábháilteacht, iomláine an tséadchomhartha, cosaint.

- **Baile Múrtha Bhaile Átha an Rí: Tionscadal Mapála Cuimhne 2016** - Cuimsíonn an tionscadal seo sraith agallamh raidió trína dtugtar léargas ar oidhreacht shaibhir mheánaoiseach Bhaile Átha an Rí ó thaobh dearcadh leanaí de, agus, chomh maith leis

sin, ó thaobh dhearcadh saineolaithe sa réimse seo. Seoladh ceardlann faoi Bhaile Átha an Rí sna Meánaoiseanna agus d'oibrigh ealaíontóir in éineacht leis na leanaí chun íomhánna ealaíonta de na láithreáin a ullmhú agus, ina theannta sin, rinneadh roinnt podchraoltaí.

- **Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach –** Ba é Coiste Fhéile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach a reáchtáil an fhéile 3 lá seo i gcomhar leis an Oifig Oidhreachta ón 26 Lúnasa go dtí an 28 Lúnasa agus d'fhreastail os cionn 15,000 duine ar an imeacht 3 lá. Reáchtáladh imeachtaí ar fud an bhaile agus iad dírithe ar fheasacht, eolas agus tuiscint faoi oidhreacht shaibhir mheánaoiseach Bhaile Locha Riach a chruthú. Ba é a bhí sa téama don bhliain 2016 ná 'BAILE LOCHA RIACH 780' (1236-2016) - bhunaigh an tAngla-Normannach, Richard De Burgo, baile meánaoiseach Bhaile Locha Riach 780 bliain ó shin. Seoladh 26 imeacht thar 3 lá le linn na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta.



- **Baile Múrtha Bhaile Locha Riach: Tionscadal Mapála Cuimhne 2016** - Cuimsíonn an tionscadal seo sraith agallamh raidió trína dtugtar léargas ar oidhreacht shaibhir mheánaoiseach Bhaile Locha Riach ó thaobh dearcadh leanaí de, agus, chomh maith leis sin, ó thaobh dhearcadh saineolaithe sa réimse seo. Seoladh ceardlann faoi Bhaile Locha Riach sna Meánaoiseanna agus d'oibrigh ealaíontóir in éineacht leis na leanaí chun íomhánna ealaíonta de na láithreáin a ullmhú agus, ina theannta sin, rinneadh roinnt podchraoltaí.

- **Clár Oibrithe Deonacha do Bhaile Múrtha**

  Seoladh an ceardlann seo i mBaile Locha Riach ar an 24 Bealtaine, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Oidhreachta agus le Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann. D'fhreastail os cionn 20 duine ar an imeacht seo.

- **Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán:** Rinneadh tionscadal mapála cuimhne

agus láithreán gréasáin dátheangach le haghaidh Dheich mBliana na gCuimhneachán a fhorbairt tuilleadh. Deich mBliana na gCuimhneachán/Imeachtaí 1916 - Tugadh cúnamh do mheitheal 1916 Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le gach imeacht 1916 de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Foilseachán dátheangach 1916 a thiomsú don chontae.
- Rinneadh Gairdín Éamoinn Ceannt, i mBéal Átha Mó, a oscailt go hoifigiúil ar an 21 Meán Fómhair 2016.
- Seoladh Comhdháil ar Eisimirce agus an Diaspóra ar an 8 Meán Fómhair i nDroichead an Chláirín agus bhí léachtaí ann i rith an lae ar fad agus sa tráthnóna, ina dhiaidh sin, reáchtáladh ceol, amhránaíocht agus damhsa faoi stiúradh *Aeraíocht*.
- Teagasc & Comhairle Chontae na Gaillimhe – Feirmeoireacht agus Saol na Tuaithe 1916 ar an 10 agus ar an 11 Meitheamh, i gcomhar le Teagasc. Tháinig os cionn 55,000 cuairteoir chuig an imeacht thar an 2 lá.
- Rinneadh 5-6 scannán ghearra faoi Bhealach an Éirí Amach. Tá an tionscadal seo á sheoladh i gcomhpháirtíocht le hIonad Scannán na Gaillimhe agus leis an gComhairle Oidhreachta.
- Dealbh Chuimhneacháin 1916 an Chontae do Pháirc Rinn Mhíl – tá obair ar siúl ar an tionscadal seo faoi láthair.
- Rian Bhealach an Éirí Amach – Tá an téacs beagnach réidh don tionscadal seo atá á reáchtáil i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo.
- Comhdháil ar Mhná 1916 – seoladh an chomhdháil ar an 15 Deireadh Fómhair i leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe.
- Comhdháil 'Ó Ghaillimh go dtí an Somme' le seoladh i mBaile Locha Riach i mí na Samhna 2016.

- **Tairiscint maidir le Príomhchathair Chultúir 2020** - Rinneadh obair i gcomhar le Coiste na Príomhchathrach Cultúir i ndáil leis an tairiscint maidir le Príomhchathair Chultúir 2020 agus eagraíodh roinnt cruinnithe agus imeachtaí in éineacht leis an earnáil oidhreachta sa chontae agus le hoifig Ghaillimh 2020.

- **Imeachtaí Pobail** – Ina theannta sin, tugadh cúnamh, comhairle agus tacaíocht do líon mór imeachtaí Baile agus Pobail sa bhliain 2016, mar shampla, na nithe seo a leanas:
  - I Meán Fómhair, seoladh deireadh seachtaine "Féile na gCloch" in Inis Oírr; bíonn an-éileamh air sin agus bhí os cionn 70 rannpháirtí ann as áiteanna ar fud an domhain chun páirt a ghlacadh sa cheardlann deireadh seachtaine maidir le ballaí cloiche.
  - Seoladh cuid mhór imeachtaí oidhreachta le linn na Seachtaine Oidhreachta i mí Lúnasa.
  - Rinneadh obair i gcomhar le Coiste Bailte Slachtmhara Bhaile an Mhuilinn a d'fhorbair iniúchadh oidhreachta don cheantar.
  - Tugadh cúnamh do Ghrúpa Oidhreachta Chill Íomair maidir le forbairt riain oidhreachta baile.
  - Tugadh cúnamh do Ghrúpa Oidhreachta Bhéal Átha Ghártha i ndáil le tionscadal ghairdín 1916.
  - Tugadh cúnamh do Ghrúpa Oidhreachta Chorr na Móna/Dhúiche Sheoigheach maidir le taighde ar bhailte fearainn.
  - Rinneadh obair in éineacht le Coiste Bailte Slachtmhara Mhuine Mheá maidir le hiniúchadh oidhreachta ceantair áitiúil a fhorbairt.

- Tugadh comhairle agus cúnamh do choiste Reilig Leacaigh, Páirc na Sceach, i ndáil le hullmhú agus forbairt Choiste Áitiúil Bailte Slachtmhara Pháirc na Sceach, do Chumann Mhic Léinn Staire na hÉireann, do Dhroichead an Chláirín 1916, do Choiste Bailte Slachtmhara Chill Chonaill, do Mhúsaem Oidhreachta Bhaile Chláir, do Chuideachta Forbartha Bhéal Átha Mó, do Scoil an Ghoirt Mhóir, Ros Muc, do Choiste Bailte Slachtmhara Bhaile Átha an Rí maidir le Gairdín 1916, d'Oidhreacht Órán Mór - rian oidhreachta a fhorbairt, d'Oidhreacht Ghleann na Madadh i ndáil le tionscadail agus taighde oidhreachta áitiúla. (Is liosta táscach é seo).

De bhreis air sin, seoladh na comhdhálacha/himeachtaí seo a leanas sa bhliain 2016:

- **Lainseáladh 'Tírdhreacha Beo na Gaillimhe, Cuid 2: Crainn agus Coillearnach'** i bPáirc na Cúile ar an 19 Márta 2015.
- **Comhdháil Uachtar Ard: Seoladh 'Conamara: An Gorta Mór agus & An Tírdhreach** i dTeach Cúirte Uachtar Ard ón 23 go dtí an 25 Aibreán. An Oifig Oidhreachta a d'fhorbair an chomhdháil seo i gcomhpháirtíocht le Grúpa Oidhreachta Uachtar Ard. Bhí os cionn 250 duine i láthair ag na himeachtaí éagsúla agus mar chuid díobh sin, bhí saothair thírdhreacha ealaíontóirí áitiúla ar taispeáint – reáchtáladh taispeántas dar teideal 'M'Áit Dúchais – My Native Place', comhdháil oidhreachta agus turas bus ar lena linn a thug Michael Gibbons tuairisc ar thírdhreach Chonamara.
- **Comhdháil maidir le Tírdhreach Athraitheach Stair Mhíleata na Gaillimhe** – seoladh an chomhdháil seo ar an 17 Deireadh Fómhair 2015. Rinneadh obair i gcomhar le Grúpa Cuimhneacháin Bhaile Locha Riach i ndáil leis an tionscadal seo a fhorbairt agus a chur i gcrích.
- **An Chéad Stad Eile: Scéalta faoi Iarnróid na Gaillimhe** – Is sraith scannán é seo ina gcuimsítear 4 scannán ghearra 5 nóiméad agus forbraíodh an tsraith i gcomhpháirtíocht le hIonad Scannán na Gaillimhe. Bhí scannáin ghearra 'Next Stop' le feiceáil le linn *Sky Road Film and TV Festival* ar 12.00 Dé Domhnaigh an 11 Deireadh Fómhair in Amharclann Theach an Stáisiúin sa Chlochán.

- **ICAN – láithreán gréasáin Oidhreachta Pobail** – D'oibrigh an Oifig Oidhreachta i gcomhpháirtíocht le Músaem Shaol na Tuaithe i gCaisleán an Bharraigh chun forbairt a dhéanamh ar láithreán gréasáin faoi Oidhreacht an Chontae ar a dtugtar www.galwaycommunityheritage.org. Tugtar oiliúint leanúnach do na ballghrúpaí agus tá baill nua á gclárú.



- **Tionscadal Scéim Eisimirce Tuke –** Leanadh de bheith ag obair i gcomhar le Grúpa an Chlocháin 2012 agus le Grúpa Oidhreachta Uachtar Ard, agus cuireadh tús le dhá thionscadal eisimirce maidir le Tuke agus maidir le heisimirce i gConamara le linn bhlianta deiridh na 1880-idí.

- Leanadh den **Léarscáiliú Digiteach ar Reiligí sa Chontae** agus léarscáilíodh roinnt reiligí agus rinneadh inscríbhinní cuimhneacháin a thaifeadadh agus a uaslódáil chuig www.galway.ie.

- Bhí **Tionscadal 'Beo' na Scoileanna** ar siúl i gcónaí sa bhliain 2016 i gcomhairle le DERI agus le Lárionad Oideachais na Gaillimhe.

- Deontais Oidhreachta – Dáileadh suim €17,500 ar cheithre ghrúpa oidhreachta is daichead sa Chontae chun cabhrú leo a gcuid tionscadal oidhreachta foirgnithe, nádúrtha nó cultúir a chur i gcrích faoi Scéim Deontas Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe sa bhliain 2016.

- **Gradaim an Chathaoirligh:** I measc na ngradam, áirítear an tionscadal oidhreachta is fearr, an foilseachán oidhreachta is fearr agus an tionscadal scoile is fearr maidir leis an nGaeilge/an Oidhreacht.

- **Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail na Gaillimhe, Straitéis Chultúir an Chontae agus na Cathrach, Cultúr 2025:** Freastalaíodh ar chruinnithe agus rinneadh aighneachtaí i leith pleananna agus straitéisí.

- **Tionscadal Feirmeoireachta AranLIFE:** Tá an tOifigeach Oidhreachta ar an gcoiste comhairleach agus déantar freastal ar chruinnithe de réir mar is gá.

- **Comórtas an Mhíle Órga agus Féile an Mhíle Órga:** Níor reáchtáladh comórtas an Mhíle Órga sa bhliain 2016 ó tharla nár chuir ach 1 ghrúpa míle ar fáil le haghaidh an chomórtais. Táirgeadh 2000 féilire.

- **Boirinn ar Liosta Láithreán Ionchasach Domhanda:** rinneadh tuilleadh oibre ar an tionscadal seo

**CAOMHANTAS AILTIREACHTA**

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag obair chun reachtaíocht reachtúil atá leagtha amach i gCuid IV den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) a chur i bhfeidhm, ar reachtaíocht í lena ndéantar foráil maidir le cosaint na hoidhreachta ailtireachta ar acmhainn uathúil í do Chontae na Gaillimhe. Áiríodh san obair sin comhairle a sholáthar do ghníomhaireachtaí reachtúla, do phobail áitiúla agus d'úinéirí agus d'áititheoirí foirgneamh agus áiteanna ag a bhfuil fiúntas speisialta ailtireachta.

Sa bhliain 2016, lean an tAonad Caomhantais d'fheasacht a chur chun cinn i ndáil le foirgnimh stairiúla agus áiteanna stairiúla agus i ndáil leis na scileanna traidisiúnta agus na hábhair is gá chun a chinntiú go dtiocfaidh siad slán sa todhchaí. Rinneadh dea-chleachtas a chur chun cinn i gcaomhnú agus i scileanna traidisiúnta trí na tionscadail chaomhantais éagsúla agus i gcomhar le comhlachtaí náisiúnta agus le grúpaí pobail i ndáil lena chinntiú go gcaomhnaítear foirgnimh thraidisiúnta ar díol sainspéise iad.

Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a bhí ann sa bhliain 2016:

- Rinneadh déanmhais, grúpaí déanmhas, limistéir agus gnéithe eile lena ngabhann suntas oidhreachta ailtireachta a shainaithint agus a mheasúnú, agus tugadh comhairle ina leith, agus tugadh comhairle d'úinéirí agus d'áititheoirí déanmhas stairiúil maidir le dea-chleachtas agus maidir le cúnamh atá ar fáil, lena n-áirítear cúnamh airgeadais, i gcomhair caomhantais den sórt sin.
- Bhí comhairliúcháin réamhphleanála ann agus tugadh comhairle maidir le caomhnú ailtireachta do dhaoine laistigh den údarás áitiúil agus do chomhlachtaí reachtúla agus do chomhlachtaí neamhreachtúla.
- Rinneadh measúnacht ar dhéanmhais sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS) d'fhonn Dearbhuithe a eisiúint i dtaobh oibreacha nach mór cead pleanála a bheith ann maidir leo agus tugadh comhairle réamhphleanála d'úinéirí/d'áititheoirí. Rinneadh tuairisciú, agus tugadh comhairle, maidir le hiarratais phleanála i gcás inar tháinig saincheisteanna chun cinn maidir le hoidhreacht ailtireachta.
- Rinneadh faireachán ar riocht déanmhas ar an RPS agus, de réir mar ba ghá, rinneadh moltaí maidir leis an ngá don údarás pleanála gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh má bhí a leithéid ag teastáil.
- Rinneadh iniúchadh agus measúnú ar dhéanmhais i ndáil lena gcur san áireamh san RPS, lena n-áirítear athbhreithniú Alt 55 a dhéanamh ar bhreisithe agus scriosadh a bhí beartaithe. Próiseáladh tograí maidir le hábhar a chur san áireamh san RPS, agus a scriosadh as, mar chuid de Phlean Forbartha an Chontae. Rinne na Comhaltaí Tofa breithniú agus cinneadh i dtaobh na dtograí sin ag Cruinniú na Comhairle Contae i Márta 2016.
- Rinneadh measúnachtaí Limistéir Caomhantais Ailtireachta (ACA), go háirithe measúnachtaí ar dhiméinte stairiúla.
- I gcomhpháirt leis an rannóg GIS, cothabháladh Córas an Fhardail Ailtireachta (AIS), is é sin bunachar sonraí na ndéanmhas cosanta.
- Rinneadh idirchaidreamh le grúpaí pobail agus le comhlachtaí reachtúla maidir le caomhnú reiligí agus cuireadh suirbhéireachtaí i gcrích maidir leis an riocht ina bhfuil reiligí.
- Rinneadh idirchaidreamh le pobail áitiúla agus le comhlachtaí forbartha turasóireachta maidir le Bailte Slachtmhara.
- Rinneadh idirchaidreamh i ndáil le tairiscint Ghaillimh 2020, Europa Nostra agus ICOMOS.

**Chiste na nDéanmhas i mBaol (SRF)**

Is é is aidhm don SRF ná laghdú a dhéanamh ar an mbaol go dtiocfaidh meath ar oidhreacht ailtireachta na hÉireann agus, ag an am céanna, tacaíocht a thabhairt maidir le fostaíocht do ghairmithe, do chonraitheoirí agus do speisialtóirí i réimse an chaomhantais. Is ionann an ciste agus tacaíocht d'úinéirí/d'áititheoirí i dtaca lena dtiomantas fadtéarma i leith todhchaí na hoidhreachta ailtireachta a áirithiú. Dá bhrí sin, is ionann an SRF agus modh chun tosaíochtaí a leagan amach do mhaoiniúchán lena chinntiú go gcaitear airgead ar an mbealach is éifeachtúla is féidir ar ghnéithe leochaileacha d'oidhreacht ailtireachta na hÉireann.

Tá sé beartaithe go dtabharfaidh an SRF cúnamh le haghaidh oibreacha chun déanmhais a choimirciú sa todhchaí, is é sin le rá, déanmhais ar déanmhais chosanta iad faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) más rud é, i dtuairim na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (REOGRTG), go bhfuil géarghá le hoibreacha ar na déanmhais sin agus gur taispeánadh an gá sin.

Níl ach déanmhais atá i mbaol suntasach meatha i láthair na huaire cáilithe lena mbreithniú i dtaobh maoiniúchán a fháil ó REOGRTG.

Níl an SRF ceaptha chun cúnamh a thabhairt i ndáil le gnáthchothabháil, gnáthathruithe nó gnátfheabhsúcháin. Ní mór gur oibreacha caipitiúla iad na hoibreacha ar fad a dhéantar faoin SRF. Maidir leis an méid atá cionroinnte i ndáil le Tithe Stairiúla na hÉireann faoi úinéireacht phríobháideach,

**An Scéim um Infheistíocht san Oidhreacht Fhoirgnithe**

Tríd an Scéim um Infheistíocht san Oidhreacht Fhoirgnithe féachtar le spreagadh a thabhairt i leith caipiteal príobháideach a infheistiú i roinnt tionscadal beagscála diansaothair chun déanmhais stairiúla a dheisiú agus a chaomhnú agus chun tacaíocht a thabhairt i leith gairmithe agus ceardaithe oilte, a bhfuil taithí acu, a fhostú. Tá an scéim ceaptha chun cabhrú le húinéirí/háititheoirí déanmhas cosanta.

**Oiliúint faoi Scileanna Traidisiúnta**

Seoladh deireadh seachtaine taispeántas, léachtaí agus ceardlann faoi scileanna traidisiúnta i gCaisleán Phort Omna i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, le Cumann Seoirseach na hÉireann agus le Comhairle Chontae na Gaillimhe.







**Coiste na Sócmhainní Stairiúla**

Oibríonn an grúpa Sócmhainní Stairiúla ar mhodh trasroinne laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun bainistíocht straitéiseach a dhéanamh ar fhoirgnimh atá faoi úinéireacht ag an údarás áitiúil agus atá ar Thaifead na nDéanmhas Stairiúil nó ar fhoirgnimh shuntasacha i Limistéir Caomhantais Ailtireachta. Sa bhliain 2016, rinneadh oibreacha chun díon eaglais N. Aindriú, iar-Eaglais de chuid Eaglais na hÉireann, i gCill Chonla, Tuaim, a dhéanamh síondíonach.



*Glanadh an smionagar amach as an bhfoirgneamh. Ag an am céanna, rinneadh míreanna siúinéireachta a thabhairt chun bealaí go cúramach agus a stóráil go háitiúil. Ina theannta sin, ullmhaíodh tuarascáil faoi ialtóga chun an gnáthóg don speiceas a bhí ann a choimirciú.*



*Neartaíodh adhmad an dín ar an taobh istigh agus cuireadh sclátaí nua ar an díon ar fad. Le linn Chéim 2, cobhsófar an cloigtheach.*

Ina theannta sin, thug an Coiste Sócmhainní Stairiúla tacaíocht i ndáil le leas pobal áitiúil i bhfoirgnimh dhíomhaoine ina gceantair. Is ionann caomhnú agus bainistiú athraithe le gur féidir foirgneamh leanúint de ról a bheith aige i saol sóisialta agus eacnamaíochta an bhaile agus, ag an am céanna, na saintréithe sin dá chuid a thugann carachtar dó agus ar díol sainspéise iad a choimeád.

**Feasacht a Mhéadú**

Seoladh comhdháil maidir le tithe na mbocht a sheoladh sa Chreagán agus rinne Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Michael Connolly an chomhdháil sin a oscailt go hoifigiúil.



*Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh Chomhairle Chontae na Gaillimhe*

Suiteáladh painéil PV i leabharlann Órán Mór mar chuid de chlár Éifeachtúlachta Fuinnimh na Comhairle.





## Chiste na nDéanmhas i mBaol 2016

Fógraíodh an Scéim agus fuarthas moltaí ó iarratasóirí ina leith. Bhíothas in ann maoiniúchán a fháil le haghaidh trí thionscadal: Eaglais N. Aindriú, Cill Chonla, Mainistir Theach Bhéal Átha na gCarr, agus an tsean-Eaglais Phreispitéireach i mBéal Átha na Sluaighe.



*Rinneadh deisiúcháin dín ar Theach Bhéal Átha na gCarr*

## An Scéim um Infheistíocht san Oidhreacht Fhoirgnithe 2016

Fuarthas €58,000 faoin scéim seo le haghaidh 15 thionscadal. Mar thoradh ar na hoibreacha a críochnaíodh, caitheadh €92,928.00 ar chaomhnú gnéithe stairiúla.



*Deisiúchán ar an gceann tuí. Bun an Tobair, Cor an Dola*





*Deisiúcháin ar fhuinneoga Bhéal Átha na gCarr*



*Deisiúcháin ar shíleáil bhoghtach i gCaisleán Órán Mór*





*Deisiúcháin ar shimléir Theach an Reachtaire, Ard Raithin*

Tábla na nDeontas faoi Scéim um Infheistíocht san Oidhreacht Fhoirgnithe 2016

| Uimh Thag | Déanmhas | Deontas a Íocadh |
|---|---|---|
| BHIS 16/1 | Caisleán Órán Mór | €2,500 |
| BHIS 16/2 | Thatch Bar, Plás Foster, Tuaim | €5,000 |
| BHIS 16/4 | Bun an Tobair, Cor an Dola | €2,500 |
| BHIS 16/8 | Eaglais N. Tomás, an Clochán | €5,092 |
| BHIS 16/10 | Óstán Cashel House | €2,500 |
| BHIS 16/12 | Teach an Reachtaire, Cathair Cheallaigh, Ard Raithin | €3,650 |
| BHIS 16/13 | Teampall Chríost, an Clochán | €9,999 |
| BHIS 16/16 | Teach Palmerstown, Port Omna | €3,644 |
| BHIS 16/19 | Cill Chuimín, Uachtar Ard | €6,858 |
| BHIS 16/20 | Teach Bhéal Átha na gCarr | €3,758 |
| BHIS 16/21 | An Chlúid Riabhach | €2,500 |
| BHIS 16/22 | Sráid an Chumainn, Béal Átha na Sluaighe | €9,999 |
| | **Iomlán** | **€58000** |



Chuir mic léinn Teicneolaíochta Ailtireachta 4ú bliain de chuid Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo tús le staidéar ar Theach Cúirte an Mháma trína soláthrófar líníocht suirbhéireachta agus múnla éifeachtúlachta fuinnimh.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.**

**SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ**

Lean an tAonad Pleanála agus Forbartha Inbhuanaithe de shársheirbhís a sholáthar do chustaiméirí d'ainneoin acmhainní laghdaithe a bheith ann.
Bhí clinicí pleanála ann gach seachtain in Áras an Chontae.
Rinne an tAonad cumarsáid leis an bpobal trí leas a bhaint as meáin éagsúla amhail nuachtáin, raidió áitiúil, an láithreán gréasáin, ríomhphost agus trí úsáid a bhaint as an gcóras ar líne do thuairimí ó chustaiméirí.

## Phobal, Fiontraíocht agus Forbairt Eacnamaíochta

Tá an tAonad Pobail, Fiontraíochta agus Forbartha Eacnamaíochta freagrach as comhordú a dhéanamh ar na seirbhísí rialtais áitiúil a thairgtear don earnáil phobail, don earnáil fiontraíochta, don earnáil chultúir agus don earnáil spóirt. Oibríonn an t-aonad le pobail áitiúla chun cabhrú leo feabhas a chur ar a gceantair áitiúla. Ina theannta sin, oibríonn an t-aonad le gnóthaí agus le fiontair áitiúla chun fostaíocht a chruthú i gContae na Gaillimhe. Feidhmíonn an tAonad laistigh de raon leathan réimsí lena n-áirítear spórt agus cultúr, cruthú fostaíochta agus feabhsú fisiciúil ceantar áitiúil, agus Infheistíocht Dhíreach Choigríche a aimsiú agus Leas a bhaint as na féidearthachta a ghabhann lenár gcuid acmhainní nádúrtha agus feabhas a chur ar an gcaighdeán maireachtála agus ar dheiseanna fostaíochta do gach uile shaoránach i gContae na Gaillimhe trí fhorbairt inbhuanaithe a dhéanamh..

### Tosaíocht Straitéiseach

**Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gcontae.**

- Tugadh cuidiú do Choiste Áitiúil Pobail agus Forbartha (CÁPF) Chontae na Gaillimhe.
- Leanadh de thacaíocht a thabhairt i ndáil le comhtháthú an tsoláthair Iompair Tuaithe isteach i seirbhís uile-Chontae mar Bhealach na Gaillimhe, an tAonad Comhordaithe Iompair (TCU) do Chontae na Gaillimhe. Bunaíodh seirbhís nua faoi Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse le Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Feidhmíodh ról mar chomhpháirtí sa chlár le haghaidh Chathair Scannán UNESCO 2015.

### Tosaíocht Straitéiseach

**Treallús a chur faoi agus tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus d’fhiontar.**

- Feidhmíodh ról mar chomhpháirtí do *Meet West* 2016 a seoladh i Maigh Eo sa bhliain 2016. Bhí os cionn 250 toscaire i láthair thar an 2 lá.

- An tionscnamh *Déanta i nGaillimh* a fhorbairt tuilleadh chun tacú le fiontair áitiúla i dtaca le rochtain a fháil ar mhargaí. Seoladh 5 thaispeántas "Déanta i nGaillimh" sa bhliain 2016.

- Feidhmíodh ról mar chomhpháirtí ceannais i ndáil le forbairt chomhthairiscint rathúil na Gaillimhe i leith ainmniúcháin mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa 2018 agus i ndáil le tacaíocht a thabhairt don chomhthairiscint sin. Rinneadh teagmháil leanúnach i ndáil le forbairt na bpríomhréimsí don Leabhar Tairisceana dar teideal "*From the Ground Up – Feeding Our Future*", agus bhí cuid mhór teagmhála agus comhairliúcháin ann le geallsealbhóirí agus le pobail chun feasacht ar an tionscadal a mhéadú agus chun tacaíocht a fháil uathu.

- Tacaíodh le tionscadail agus le tionscnaimh fiontraíochta pobail a bhfuil fostaíocht á cruthú acu. Ionad Fiontraíochta Pobail Chinn Mhara, Ionad Fiontraíochta BACD, agus Ionad Fiontraíochta Chluain Bheirn.

- Cuireadh gníomhartha i bhfeidhm a bhí sannta do Chomhairle Chontae na Gaillimhe sa Phlean Gníomhaíochta Réigiúnach do Phoist.

- Tugadh tacaíocht do ghnóthaí nua trí Oifig Fiontraíochta Áitiúla na Gaillimhe

- Tugadh tacaíocht d'imeachtaí a sholáthraíonn ionad margaidh do chuideachtaí de chuid na Gaillimhe (Aontaí Bia agus Margaí Feirmeoirí/Baile) i.e. margadh áitiúil na Nollag de chuid Tháirgeoirí na Gaillimhe, margadh Táirgeoirí ag Seó Garraíodóireachta Bhaile Chláir, Féile Bhia na Gaillimhe, Margadh Nollag Bhaile Chláir, Margadh Feirmeoirí Chinn Mhara, Bia Bó Finne, agus Féile *Bia Lover*.

- Leanadh de Ghaillimh a chur chun cinn mar ionad infheistíochta agus cruthaithe fostaíochta.

- Rinneadh bróisiúr faoi Fhéilte a bhíonn ann sa Chontae a thiomsú, a fhoilsiú agus a scaipeadh ar mhaithe le cur chun cinn na Turasóireachta.

- Rinneadh Féilire Imeachtaí ar líne ar www.galway.ie , trína gcuirtear 500 imeacht a bhíonn ann sa Chontae chun cinn, a chothabháil mar phointe faisnéise do chuairteoirí i gContae na Gaillimhe.

- Leanadh de Ghaillimh a chur chun cinn trí chlár ceann scríbe Fháilte Éireann.

- Tugadh tacaíocht d'Fhéile Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Gaillimhe, do Ghradaim Fiontraíochta SCCUL, d'Aonach Áitiúil Bia agus Bronntanas Ceardaíochta na hOifige Fiontair Áitiúil agus don *Foodie Forum*.

- Ceadaíodh 6 thionscadal i gcomhair maoiniúcháin faoin tionscnamh píolótach maidir le Réigiún Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe (REDZ) agus fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe €207,500 san iomlán ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ).

- Tionscnaíodh taighde chun Straitéis Turasóireachta a fhorbairt do Ghaillimh agus seoladh comhairliúchán le raon geallsealbhóirí Turasóireachta chun cur chuige maidir le straitéis turasóireachta fadtéarma do Ghaillimh a cheapadh.

- Fuarthas os cionn €500,000 mar mhaoiniúchán do thionscadail bhonneagair turasóireachta i bPort Omna agus tacaíodh le forbairtí turasóireachta i gcomhpháirtíocht le Grúpa Straitéise Margaíochta Loch Deirgeirt.



*JP McMahon, réalta Michelin, le linn taispeántais ag Féile Diúilicíní Chonamara i mí Bhealtaine 2016*


*Baile Locha Riach ón spéir - Féile Balún i Meán Fómhair 2016*

**Tosaíocht Straitéiseach**
**Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh.**

- Rinneadh infheistíocht i bpobail trí bhíthin na nDeontas Ealaíon agus maoiníodh 74 iarratas.
- Tugadh tacaíocht maidir le forbairt agus cur chun cinn gníomhaíochtaí nua ealaíon ag Ealaíontóirí a bhfuil cónaí orthu i gContae na Gaillimhe trí 21 Sparánacht a bhronnadh.
- Soláthraíodh seirbhís faisnéise agus comhairle do ghrúpaí pobail agus d'ealaíontóirí aonair.
- Tugadh tacaíocht maidir le rochtain ar thionscadail, agus forbairt tionscadal, i Saoráidí Sláinte Poiblí, i Scoileanna agus i bPobail agus oibríodh le grúpaí óige 'i mbaol' trí úsáid a bhaint as scannáin, as amharc-ealaíona agus as amharclannaíocht i gcomhpháirtíocht le grúpaí poiblí agus grúpaí pobail eile agus trí leas a bhaint as maoiniúchán ón gComhairle Ealaíon
- Soláthraíodh clár maidir le 'Ealaíona agus Míchumas'.
- Cuireadh Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna i bhfeidhm in 10 scoil i gContae na Gaillimhe.
- Rinneadh clár iomlán tionscadal Aoischairdiúlachta do dhaoine scothaosta a chur i gcrích, lena n-áirítear Bealtaine (90 imeacht) agus tionscadail *Burning Bright*.
- Soláthraíodh oiliúint ar Chosaint Leanaí ar dhá lá ar leith do 30 rannpháirtí.
- Soláthraíodh Clár Oiliúna Drámaíochta Amaitéaraí do ghrúpaí drámaíochta i gContae na Gaillimhe.
- Soláthraíodh ceardlanna scríbhneoireachta/scéalaíochta/drámaíochta i mbunscoileanna.
- Eagraíodh Oíche Chultúir do Chontae na Gaillimhe agus bhí os cionn 80 imeacht ann i 43 ionad éagsúla, idir bhailte agus sráidbhailte, ar fud an Chontae.
- Clár maidir le 'Ealaíona & Leabharlanna'
  - Rinneadh Seimineáir faoi Chleachtas Gairmiúil a sholáthar d'ealaíontóirí
  - Tugadh tacaíocht d'fhorbairt an gheilleagair chruthaithigh www.screenwest.ie
  - Cuireadh an Contae chun cinn mar shuíomh léirithe scannán
  - Imeacht deiridh Thionscadal Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil na Gaillimhe, is é sin, 'Cumadóir Cónaitheach'
  - Tugadh tacaíocht d'Áras Éanna (Ionad Ealaíon Inis Oírr)
- Tacaíodh le tairiscint na Gaillimhe chun ról Chathair Chultúir na hEorpa 2020 a ghnóthú.
- Rinneadh obair i gcomhar le grúpa stiúrtha Dheich mBliana na gCuimhneachán i rith na bliana 2016 agus tacaíodh leis an obair sin.

- Tugadh tacaíocht leanúnach do ghrúpaí a rinne iarratas ar mhaoiniúchán mar chuid de Bhliain Náisiúnta na Dearthóireachta 2016.




*Gairdín Bhríde, Ros Cathail, Gaillimh*

**Tosaíocht Straitéiseach**

**An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.**

Sa bhliain 2016, rinneadh na tacaíochtaí pobail/deontais phobail go léir a sholáthraíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe a riaradh ar mhodh comhordaithe. Is iad na nithe a bhí i gceist ná scéimeanna deontais oidhreachta, scéimeanna deontais pobail agus scéimeanna deontais ealaíon.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar leithroinnt na hoibre san aonad le linn dó déileáil le cláir agus scéimeanna nua. Sa tuarascáil dar teideal 'Tús Áite do na Daoine' áirítear tograí lena dtabharfar ról suntasach don Rialtas Áitiúil i ndáil le forbairt Fiontraíochta agus Eacnamaíochta agus i ndáil le forbairt Coiste Áitiúil nua Pobail agus Forbartha a éascú i réimse na forbartha áitiúla agus, dá bharr sin, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Aonad ar a struchtúr. Tá an tAonad ag obair le haonaid eile de chuid na Comhairle maidir le cláir éagsúla, mar atá luaite thuas, agus leanfar den obair sin.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

**Tacaíocht Phobail**

- Ghlac trí phobal (Baile Átha an Rí, An Fhairche, agus Corr na Móna) páirt i gcomórtas Mhórtas Áite 2016.
- Leanadh de bheith ag obair le grúpaí Bailte Slachtmhara chun dul chun cinn a dhéanamh leo maidir le comórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Coimisiúnaíodh saineolaithe ar leith chun obair a dhéanamh le grúpaí Bailte Slachtmhara trí cheardlanna leathlae a eagrú a bheadh le reáchtáil i ngach Ceantar Bardasach sa bhliain 2016.
- Bhí tionscnamh píolótach – Pobail Níos Glaine – ann sa bhliain 2016. Bhí 55 iarratas ann i gceithre chatagóir (Scuaib do Shráid, An Ceantar Plandáilte is Fearr, Maíomh faoin gCósta agus Reiligí). Rinneadh an mholtóireacht i dtréimhse an tSamhraidh/Fhómhair agus bhí searmanas bronnta gradam ann i mí na Samhna.
- Cuireadh an dara bliain de Chiste Turasóireachta Pobail Diaspóra i bhfeidhm chun tacaíocht a sholáthar d'eagraithe gníomhaíochtaí áitiúla agus pobail agus do ghníomhaíochtaí/tionscadail a bhainfidh leas as naisc leis an diaspóra ar mhaithe le turasóireacht áitiúil agus pobail. Sa bhliain 2016, tugadh tacaíocht do 42 thionscadal i gContae na Gaillimhe.
- Ceadaíodh tuairim is €400,900 sa bhliain 2016 do thionscadail in 11 chatagóir faoin Scéim Tacaíochta Pobail. Baineann an maoiniúchán le raon catagóirí ina gcuimsítear Forbairt Eacnamaíochta, Bailte Slachtmhara, Uilechuimsitheach Shóisialta, Uasghrádú Saoráidí, an Óige, Spórt, na hEalaíona, Oidhreacht agus Cur Chun Cinn na Gaeilge.

**Uilechuimsitheacht Shóisialta**

- Ceadaíodh maoiniúchán €15,000 do 28 dtionscadal faoin Scéim Deontais Cuimhneacháin Pobail le haghaidh Chothrom Céad Bliain Éirí Amach 1916.
- Eagraíodh Gradaim Phobail an Chathaoirligh 2016.
- Éascaíodh obair an Ghrúpa Idirghníomhaireachta do Lucht Siúil Chontae na Gaillimhe.
- Tugadh tacaíocht do choistí eile atá páirteach i ngníomhaíochtaí Uilechuimsitheachta Sóisialta amhail Meitheal Idirghníomhaireachta LGBT agus an Clár Neartaithe Teaghlach i gConamara.
- Eagraíodh Féile na Bealtaine do Chontae na Gaillimhe agus bhí 90 imeacht ann ar fud an Chontae (An tAonad Uilechuimsitheachta Sóisialta & An Oifig Ealaíon).
- Rinneadh Seachtain Mhórtas an Lucht Siúil a chomhordú thar ceann Ghrúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Chontae na Gaillimhe.
- Eagraíodh Seachtain na hUilechuimsitheachta Sóisialta 2016.
- Eagraíodh Oíche Chultúir do Chontae na Gaillimhe.
- Oibríodh le Grúpa na nOifigeach Seirbhíse Custaiméara chun a chinntiú go bhfuil an Uilechuimsitheacht Shóisialta ina dlúthchuid den tSeirbhís do Chustaiméirí.
- Comhordaíodh agus éascaíodh Clár Aoischairdiúlachta na Gaillimhe, tugadh tacaíocht do Chomhghuaillíocht Aoischairdiúlachta na Gaillimhe, don Ghrúpa Forfheidhmiúcháin agus do Chomhairle na nDaoine Scothaosta.
- Leanadh de thacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm gníomhartha faoin Straitéis Comhtháthaithe agus Éagsúlachta do Chontae na Gaillimhe 2013-2017.

- Glacadh páirt sa Chiste Eorpach Lánpháirtíochta chun tacú le soláthar oiliúna agus le bunú acmhainne i gcás Náisiúnaigh Tríú Tír le go bhféadfaidís cáilíocht Scileanna Riachtanacha NQF Leibhéal 6, cáilíocht NQF Leibhéal 3 sa Bhéarla mar Dhara Teanga a bhaint amach; agus chun tacú le tacaíochtaí bunaithe acmhainne a sholáthar do ghrúpaí pobal Mionlaigh Eitnigh ar fud an Chontae.

**Comhairle na nÓg**

- Leanadh de thacaíocht a sholáthar do Chomhairle na nÓg ar fud an Chontae.
- Riaradh maoiniúchán, agus comhordaíodh gníomhaíochtaí, faoi Chiste Forbartha Chomhairle na nÓg.
- Riaradh maoiniúchán, agus comhordaíodh gníomhaíochtaí, chun tacú le feachtas '*Let's Go Mental*' Chomhairle na nÓg.

- Éascaíodh eagrú Chruinniú Ginearálta Bliantúil Chomhairle na nÓg agus imeacht '*Let's Go Mental*' i gCaisleán Bhaile Chláir i mí Dheireadh Fómhair 2016, agus d'fhreastail níos mó ná 220 duine óg idir aoiseanna 12 bhliain agus 18 mbliana ar an imeacht sin.
- Comhordaíodh Coiste Stiúrtha Aosach Chomhairle na nÓg a tháinig le chéile 4 huaire chun formhaoirseacht a dhéanamh ar thosaíochtaí agus ar ghníomhartha choiste óige uile-Chontae Chomhairle na nÓg ar coiste é a raibh 47 nduine óga air i rith na bliana.
- Éascaíodh do dhaoine óga as Contae na Gaillimhe glacadh le deiseanna chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann daoine óga i nGaillimh le linn comhairliúchán éagsúil agus imeachtaí éagsúla, lena n-áirítear Dáil na nÓg.

**Comhpháirtíocht Spóirt**

- Ullmhaíodh dréacht de Phlean Straitéiseach nua do Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe.
- Rinneadh Plean Oibríochta 2016 do Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe a chur i bhfeidhm.
- Fuarthas maoiniúchán ó Spórt Éireann agus ó fhoinsí áitiúla chun gníomhaíochtaí Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe a mhaoiniú ar fud na bliana 2016.
- Rinneadh croíchláir Spórt Éireann a chur i bhfeidhm – Buntús, Safeguarding 1, 2 & 3, Clár Gníomhaíochta '*Be Active after School*', *Women in Sport*, *Meet & Train*, *Walking Clubs*.
- Soláthraíodh oiliúint ar Chosaint Leanaí do níos mó na 516 dhuine i gclubanna spóirt.
- Leanadh den chlár '*Girls Active*' i scoileanna 2ú leibhéal agus bhí an clár ar siúl ar fud na bliana.
- Soláthraíodh seirbhís faisnéise agus comhairle do chlubanna/d'eagraíochtaí spóirt.
- Leanadh den Chlár Uilechuimsitheachta Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur i bhfeidhm ar fud na Gaillimhe, lena n-áirítear Oiliúint Mhíchumais tríd an gclár oiliúna ar Uilechuimsitheacht Mhíchumais a reáchtálann CARA, Trá Lí, agus '*Judo Assist*' do leanaí faoi mhíchumas.
- Eagraíodh 10k Bliantúil Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe.
- Tugadh cúnamh maidir le comhordú ghníomhaíochtaí Sheachtain Rothar na Gaillimhe sa bhliain 2016 agus eagraíodh gníomhaíochtaí in éineacht le pobail, clubanna agus eagraíochtaí áitiúla – tugadh cúnamh maidir le 21 imeacht i gCathair agus i gContae na Gaillimhe agus comhordaíodh na himeachtaí sin.
- Eagraíodh agus bronnadh duaiseanna i dtrí chatagóir nuair a cuireadh an tionscnamh 'FIT TOWNS' i bhfeidhm sa bhliain 2016.
- Seoladh '*Operation Transformation*' i mí Eanáir 2016.

- Sa bhliain 2016, cuireadh bailchríoch ar ár mbunachair shonraí clubanna/scoileanna agus eagraíochtaí spóirt.
- Rinneadh an Clár Siúlóide Pobail a chur i bhfeidhm sa Chlochán sa bhliain 2016.



*Grúpa 'Men on the Move' Uachtar Ard*

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.**

Rinneadh gach cruinniú/imeacht a d'eagraigh an tAonad a sheoladh in ionaid a oireann do riachtanais daoine faoi mhíchumas. Leanann an tAonad d'fheachtas 'Caint Shoiléir' a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil doiciméid a ullmhaíonn an t-aonad ar fáil i bhfriotal agus i bhformáid atá inrochtana ag gach uile dhuine. Leanann an tAonad de chruinnithe a eagrú lasmuigh de ghnáthuaire oifige chun freastal ar riachtanais pobal agus saoránach. Ciallaíonn sé sin go ndéantar tromlach na gcruinnithe/n-imeachtaí/gceardlann a sheoladh sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine. Déanann foireann an Aonaid na seirbhísí seo lasmuigh de ghnáthuaire oibre a sholáthar gan aon chostas breise a bheith ann.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# BÓITHRE & IOMPAIR, SEIRBHÍSÍ MUIRÍ AGUS SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA

# AN tAONAD BÓITHRE AGUS IOMPAIR, MUIRÍ AGUS SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA

Líonra iompair sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar chun daoine agus earraí a iompar i gcomhréir le beartais iompair inbhuanaithe agus lánpháirtithe.

Tá an tAonad Bóithre & Iompair freagrach as an Líonra Bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla ar fud an Chontae a dhearadh, a chothabháil agus a fheabhsú agus tá sé freagrach as Sábháilteacht ar Bhóithre, as cúrsaí Muirí agus as Siltean Artaireach freisin.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gContae.**

Bhain an tAonad Bóithre & Iompair roinnt nithe suntasacha amach le linn na bliana 2016, lena n-áirítear:

- Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le tógáil an Mhótarbhealaigh M17/M18 atá le críochnú agus le bheith réidh lena oscailt i Ráithe 4 den bhliain 2017.
- Críochnaíodh athailíniú an N83 ag Daichead Acra.
- Bhí oibreacha feabhsúcháin beagnach críochnaithe ar an N17 ag Ceathrú an Urláir.
- Rinneadh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh don athailíniú ar an N67, Baile an Doirín go Cinn Mhara, a dhaingnú i Márta 2016. Cuireadh tús le fáil talún díreach tar éis an daingniú sin a dhéanamh.
- Rinneadh méid mór oibreacha deisithe damáiste stoirme in ionaid éagsúla, go háirithe i nDeisceart agus in Oirthear na Gaillimhe tar éis na drochaimsire ag tús mhí na Nollag 2015. Bhí scóip an chláir oibreacha sin inchomórtais le clár breise oibreacha bóthair a chur i gcrích.
- Críochnaíodh tógáil charrchlós an Chloiginn agus bhí an carrchlós ag feidhmiú i rith shéasúr an tsamhraidh. Rinneadh plean bainistíochta tráchta do shráidbhaile an Chloiginn a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le linn an carrchlós a bheith á thógáil.
- Sa bhliain 2016, críochnaíodh suirbhéireacht ar fud an Chontae maidir le soilsiúchán poiblí agus, mar thoradh air sin, tá taifead cruinn ar fáil faoi na soilse poiblí go léir ar gach bóthar poiblí.



*Carrchlós an Chloiginn*

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht agus feabhas a chur ar ionadaíocht dhaonlathach agus ar cheannaireacht shibhialta.**

Rinneadh an Clár Bóithre 2016 a ullmhú tar éis leithroinntí iomlána **€42,747,822** do thógáil, do dheisiú agus do chothabháil Bóithre Náisiúnta, agus Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad, a fháil ó Bhonneagar Iompair Éireann agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tar éis leithroinnt a fháil ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe:

| | |
|---|---|
| **Bóithre Náisiúnta -** | **€17,687,444** |
| **Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad -** | **€25,060,378** |

Ullmhaíodh an Clár Bóithre a ullmhú i gcomhairle leis na Comhaltaí Tofa agus phléigh, agus ghlac, gach Ceantar Bardasach é.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Treallús a chur faoi agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus d'fhiontar.**

Is é a bhí sa deontas a leithroinn an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta do Mhótarbhealaí & do Bhóithre Náisiúnta don bhliain 2016 ná €17,687,444.

Seo a leanas miondealú ar leithroinnt na bliana 2016:

| | |
|---|---|
| **Oibreacha Feabhsúcháin** | **€16,294,074** |
| **Oibreacha Cothabhála** | **€ 2,064,148** |

Leanadh de mhaoiniúchán a sholáthar sa bhliain 2016 chun dul chun cinn agus críochnú na Mórbhealaí Idiruirbeacha a éascú. Rinne Oifig Thionscadail Bhóithre na Gaillimhe bainistiú ar na mórthionscadail/miontionscadail seo a leanas i rith na bliana 2016 agus fuarthas na costais ar fad a bhain leis an gclár sin ar ais ón Údarás um Bóithre Náisiúnta:

| | | |
|---|---|---|
| M6 | Baile Átha Luain/Béal Átha na Sluaighe | € 156,700 |
| M6 | Seachród Chathair na Gaillimhe | €3,624,689 |
| M6 | Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe (ina gcuimsítear seachróid Bhéal Átha na Sluaighe, Bhaile Locha Riach & Órán Mór) | € 881.176 |
| M17 | An Gort-Tuaim | € 398,943 |
| M18 | An Gort – An Croisín (ina gcuimsítear seachróid an Ghoirt & an Chroisín) | € 250,380 |
| | **Suim Iomlán do Mhórscéim Príomhbhóithre Náisiúnta** | **€5,311,888** |

Rinneadh dul chun cinn maidir le ceannach tailte chun na tionscadail seo a leanas a éascú:

Ordú Ceannaigh Éigeantaigh - N67, Baile an Doirín go Cinn Mhara, Céim 2 d'Athailíniú Bóthair

- Cuireadh Scéim PPP M18/M17, An Gort go dtí pointe Ó Thuaidh ó Thuaim, ar aghaidh tríd an bpróiseas fála poiblí mar thionscadal comhpháirtíochta poiblí príobháidí. Táthar fós i mbun talamh a fháil don tionscadal seo. Tá oibreacha tógála ar siúl. Tá sé beartaithe an bóthar seo a oscailt don trácht i mí na Samhna 2017.
- Rinneadh an tuarascáil ar roghnú bealaigh do Thionscadal Iompair Chathair na Gaillimhe-N6 a fhoilsiú. Sa bhliain 2016, leanadh den obair ar fhorbairt an Ráitis Tionchair Timpeallachta, an Ráitis Tionchar Natura, an cháis gnó agus na doiciméad reachtúil eile d'fhonn an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh etc. a fhoilsiú go foirmiúil i Ráithe 2 den bhliain 2017.
- Bhí talamh á fáil fós do Sheachbhóthar N59 Mhaigh Cuilinn.
- Dhiúltaigh an Bord Pleanála don iarratas pleanála maidir leis an N59, an Clochán go dtí an Teach Dóite.
- Ní dhearnadh aon dul chun cinn maidir le scéim an N59, an Teach Dóite go hUachtar Ard, mar gheall ar easpa comhaontaithe faoi ráitis mhodha leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS).

Seo a leanas roinnt de na garspriocanna eile a baineadh amach i rith na bliana 2016 maidir leis an Líonra Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta Tánaisteacha:

- Forbairt agus cur i gcrích mórchláir tionscadal forleagain agus athailínithe ar Phríomhbhóithre Náisiúnta agus ar Bhóithre Náisiúnta Tánaisteacha.
- Tugadh cead i ndáil le hIarratas Pleanála Chuid 8 le haghaidh an N63-Mainistir Chnoc Muaidhe/Cnoc an Eanaigh agus seoladh Éisteacht Ó Bhéal ar an 14 Meitheamh 2016 agus dhaingnigh an Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh ag deireadh na bliana 2016. Tá sé beartaithe tús a chur leis na hoibreacha i dtús na bliana 2017.
- Críochnaíodh oibreacha tógála ar an N84, scéim athailínithe Luimnigh.
- Críochnaíodh oibreacha tógála ar an N17, Ceathrú an Urláir go Béal Átha na Sluaighe.
- Críochnaíodh oibreacha tógála ar an N83, Daichead Acra.

Rinneadh dul chun cinn maidir le clár forleathan oibreacha Pábhála & Mionoibreacha Feabhsúcháin, lena n-áirítear Oibreacha Sábháilteachta, ar an líonra Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta Tánaisteacha mar a leanas:

**<u>Feabhsúcháin Phábhála & Mionfheabhsúcháin ar Phríomhbhóithre Náisiúnta:</u>**

| | | |
|---|---|---|
| N18 - Maolú Tráchta, Droichead an Chláirín | N17 - Maolú Tráchta, Baile Chláir | N17 - Baile an Mhuilinn go Gort na Gonaide |
| N17 - Leacht Seoirse | | |

**<u>Feabhsúcháin Phábhála & Mionfheabhsúcháin ar Bhóithre Náisiúnta Tánaisteacha:</u>**

| | | |
|---|---|---|
| N67 - Baile an Doirín go Cinn Mhara, Céim 2 de Scéim Athailínithe | N84 - Luimneach | N83 - Daichead Acra |
| N65 - Oibreacha sábháilteachta Phort Omna | N63 - Maigh Locha – forleagan pábhála HD | N59 - An Clochán – HD28 |
| N83 - Dún Mór – HD28 | N59 - Maigh Cuilinn, athbhunú | N63 - An Lios go dtí an Mhainistir, athailíniú |
| N59 - Siar ó Leitir Fraic, leathnú | | |

**<u>Taismí Ísealchostais Bóithre Náisiúnta Tánaisteacha:</u>**

| | |
|---|---|
| N63 - Béal Átha Ghártha | N65 - Port Omna |

**Cothabháil Bóithre Náisiúnta:**
**Leithroinneadh maoiniúchán chun cothabháil a dhéanamh ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta sa bhliain 2016 mar a leanas:**

| | |
|---|---|
| Cothabháil Gheimhridh NP | 168,000 |
| Gnáthchothabháil NP | 324,467 |
| Soilsiúcháin Bealaigh NP | 86,781 |
| Cothabháil Gheimhridh NS | 209,524 |
| Gnáthchothabháil NS | 827,008 |
| Soilsiúcháin Bealaigh NS | 105,469 |
| N17 - Knockdoe, atfheistiú Soilsiúcháin Phoiblí | 28,898 |
| Fardal Soilsiúcháin Phoiblí ar Bhealaí Naisiúnta | 32,395 |
| Tacaíocht Údaráis Áitiúil (Feabhsúchán) | 198,420 |
| Tacaíocht Údaráis Áitiúil (Cothabháil) | 73,188 |
| Tacaíocht Údaráis Áitiúil (Cothabháil Gheimhridh) | 10,000 |

**BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS BÓITHRE ÁITIÚLA:**

Ba é a bhí sa chaiteachas a thabhaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar Bhóithre Réigiúnacha agus ar Bhóithre Áitiúla sa bhliain 2016, le maoiniúchán ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ina leith, ná €24,688,913 agus seo a leanas miondealú ar an gcaiteachas sin:

| | |
|---|---|
| **Oibreacha Feabhsúcháin** | **€21,912,020** |
| **Oibreacha Feabhsúcháin** | **€2,776,893** |

Áiríonn an caiteachas ar oibreacha feabhsúcháin suim €6,504,332 i leith deisiúchán ar dhamáiste bóthair de bharr drochaimsire.

Is féidir an caiteachas sin a aicmiú faoi na ceannteidil ghinearálta seo a leanas:

| **Catagóir Deontais** | **2016** |
|---|---|
| Deontas Feabhsúcháin | €10,019,432 |
| Deontas Cothabhála Athchóirithe | €2,776,893 |
| Deontas Lánroghnach | €4,754,395 |
| Deontais Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal | €199,147 |
| Clár Athshlánúcháin Droichead | €405,258 |
| Luasteorainneacha in Eastáit Tithíochta | €29,453 |
| Deisiú Damáiste ó Dhrocaimisir/Stoirmeacha | €6,504,332 |
| **Foriomlán** | **€19,816,096** |

**Athshlánúchán Droichead:**

Leithroinneadh maoiniúchán €405,258 i gcomhair athshlánúchán 14 Dhroichead agus críochnaíodh na hoibreacha ar 9 ndroichead díobh sin:

| **Droichead** | **Caiteachas 2016** |
|---|---:|
| BR R336 - Muintir Eoghain (An Clochán) | 8,198.25 |
| BR R358 - Cluain na hInse 2 | 3,127.22 |
| BR R356 - Baile na Cille | 1,764.28 |
| BR R333 - Cathair na hAoine | 3,146.24 |
| BR R347 - Baile an Doire | 33,511.07 |
| BR R350 - Whites (Baile Locha Riach) | 22,036.78 |
| BR L-31071 - An Ghráig 2 | 3,619.51 |
| BR R372 - Ros a’ Mhíl | 112,618.33 |
| BR R345 - Philbin’s | 27,454.35 |
| BR R345 - Corr na Móna | 45,556.97 |
| BR R347 - Béal Átha Glúinín | 33,435.67 |
| BR LS6232 - Ballabbert | 76,534.42 |
| BR L5343 - Droimnín | 30,023.01 |
| BR L8761 - An Gort Fionn, Port Omna | 4,231.97 |
| **An tIomlán i leith Athshlánúchán Droichead** | **405,258.07** |

**Cothabháil Bóithre Áitiúla:**

Ba é a bhí sa tsuim a soláthraíodh as acmhainní dílse na Comhairle sa bhliain 2016 ná €5,034,883. Ba é a bhí sa leithroinnt do Chothabháil Ghinearálta na mBóithre Áitiúla ná €2,690,690, lena n-áirítear soláthar €897,424 do chostais leanúnacha oibríochtúla.

Rinneadh an tsuim **€1,793,266** a leithroinnt i measc na gCeantar Bardasach éagsúil mar a leanas:

| | |
|---|---|
| (1) Béal Átha na Sluaighe | **€ 343,887** |
| (2) Conamara | **€ 365,832** |
| (3) Baile Locha Riach | **€ 437,222** |
| (4) Órán Mór/Baile Átha an Rí | **€ 168,032** |
| (5) Tuaim | **€ 478,294** |

Leis an tsuim sin, déantar foráil maidir le gach cineál cothabhála lena n-áirítear Bearradh Ciumhaise, Draenáil, Comharthaíocht a Athnuachan agus a Sholáthar, Cothabháil Droichead, agus Cothabháil Ghinearálta.

Rinneadh leithroinnt €265,000 i gcomhair Cothabhála Geimhridh a sholáthar sa bhliain 2016 as an Deontas Cothabhála Lánroghnach a bhí leithroinnte ag an Roinn Iompair. Leis an leithroinnt airgid sin, cuirtear maoiniú ar fáil chun grean a leagan ar bhealaí tosaíochta sa chontae de réir Phlean Seirbhíse Geimhridh 2016-2017.

**CLÁR ATHSHLÁNAITHE DROICHEAD AR BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS AR BHÓITHRE ÁITIÚLA 2016**

Rinneadh maoiniúchán **€360,500** a leithroinnt as an Deontas Lánroghnach chun na Droichid ar Bhóthair Réigiúnacha agus Áitiúla seo a leanas a dheisiú:

| CEANTAR BARDASACH | DROICHEAD | LEITHROINNT | AN tIOMLÁN DON CHEANTAR BARDASACH |
|---|---|---|---|
| **Baile Átha an Rí/ Órán Mór** | Barrack Street | €17,500 | **€71,750** |
| | Droichead Órán Mór 1 | €13,125 | |
| | An Caisleán Nua | €8,750 | |
| | An Bhinn Ghearrtha | €7,000 | |
| | An Leac Liath 3 | €7,000 | |
| | Corr Mhic Dhuach | €5,250 | |
| | An Leac Liath | €4,375 | |
| | Lios Dobhráin | €4,375 | |
| | Baile na nUltaí | €4,375 | |
| **Béal Átha na Sluaighe** | An Eiscir Rua | €13,125 | **€61,250** |
| | Copanach | €13,125 | |
| | Baile na Cille | €35,000 | |
| **Conamara** | Philbin's | €17,500 | **€74,375** |
| | Corr na Móna | €17,500 | |
| | Corboley | €17,500 | |
| | Droimnín | €13,125 | |
| | Cill Chiaráin | €8,750 | |
| | An Lorgain (An Gort) | €13,125 | |
| | Crewaun 489 | €13,125 | |
| | Sonnach, Droichead | €13,125 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Baile Locha Riach** | Nua | | **€65,625** |
| | An Gort Fionn, Port Omna | €13,125 | |
| | Drumminagh | 13,125 | |
| **Tuaim** | Béal Átha Glúinín | €26,250 | **€87,500** |
| | Cloondaha | €21,875 | |
| | Cathair na hAoine | €8,750 | |
| | An Leathchoill 2 | €13,125 | |
| | Tuaim Ó nDubháin | €8,750 | |
| | Cora Finn | €8,750 | |
| **IOMLÁN** | | | **€360,500** |

Rinneadh dul chun cinn maidir le hathshlánúchán ocht ndroichead is fiche sa bhliain 2016.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

**CÉANNA A FHORBAIRT:**

Leithroinn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) maoiniúchán i gcomhair na ndeisiúchán agus na bhfeabhsúchán seo a leanas ar 7 gcé i gContae na Gaillimhe:

| Suíomh an Tionscadail | Na hOibreacha | Maoiniúchán ó RTBM | Maoiniúchán ón gComhairle | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Cé an Chloiginn | Deisiúcháin - Daingniú cé leata & Líonadh folús ar an gcé | 82,500 | 27,500 | **110,000** |
| Cé Bhun Abhann | Deisiúcháin - Líonadh folús ar an gCé | 60,000 | 20,000 | **80,000** |
| Cé an Tuairín, an Cheathrú Rua | Fánán & Rochtain Athfheistiú | 75,000 | 25,000 | **100,000** |
| Cé Fahy,<br>Bóthar na hEascrach Íochtarach | Fánán, Balla na Cé & Rochtain Athfheistiú | 112,500 | 37,500 | **150,000** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An Clochán | | | | |
| Eanach Mheáin<br>Béal an Daingin | Deisiú Fánáin | 75,000 | 25,000 | **100,000** |
| Ceannúir<br>Bá an Chaisil | Fánán & Rochtain Athfheistiú | 90,000 | 30,000 | **120,000** |
| Cé an Dúinín<br>Leitir Fraic | Céimeanna Rochtana & Pontún | 78,750 | 26,250 | **105,000** |



*Pontún ag Cé an Dúinín, Leitir Fraic*



*Cé Fahy á tógáil*

**Tosaíocht Straitéiseach**
**Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh.**

**SCÉIM CHOMHARTHAÍOCHTA CHONTAE NA GAILLIMHE:**

- Leithroinn an Chomhairle €10,000 sa bhliain 2016 chun feabhas a chur ar threochomharthaí ag acomhail, is é sin le rá, comharthaí a thaispeánann an tslí chuig bailte agus sráidbhailte.

**SÁBHÁILTEACHT BHÓTHAIR I LIMISTÉIR THITHÍOCHTA:**

- Chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt €27,750 ar fáil chun clár comharthaíochta luasteorainn 30km/u a chur i gcrích i limistéir thithíochta. Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe comharthaí in airde i 61 limistéar tithíochta i gContae na Gaillimhe agus, mar thoradh air sin, tá feabhas curtha ar chúrsaí sábháilteachta bóthair sna limistéir sin agus tá sábháilteacht bhóthair curtha chun cinn iontu.

**DAMÁISTE Ó STOIRMEACHA:**

De bharr na drochaimsire a bhí ann i dtús mhí na Nollag 2015, tharla tuiliú mór i gcuid mhór áiteanna i gContae na Gaillimhe, go háirithe i nDeisceart agus in Oirthear na Gaillimhe. Tharla damáiste forleathan do bhonneagar na mbóithre de bharr an tuilithe sin. Tar éis na n-oibreacha tosaigh glantacháin agus éigeandála, rinneadh méid mór deisiúchán bóthair sa bhliain 2016 agus bhí na hoibreacha sin inchomórtais le clár breise oibreacha bóthair a chur i gcrích.

Is mar a leanas an caiteachas a tabhaíodh:

- Glantachán agus oibreacha éigeandála - €3,018,284
- Deisiúcháin ar Phríomhbhóithre Náisiúnta - €262,082
- Deisiúcháin ar Bhóithre Náisiúnta Tánaisteacha - €1,322,609
- Deisiúcháin ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad - €6,334,909




*R460 – Ardú an bhóthair tar éis na dtuilte - Eanáir 2016*

Thug an tUachtarán, Micheál D. Ó hUigínn, cuairt ar shráidbhaile tuilithe an Lábáin ar an 4 Eanáir 2016. Labhair an tUachtarán le roinnt daoine áitiúla a bhí thíos leis an tuiliú agus a raibh orthu imeacht as a dtithe cónaithe agus labhair sé le hoibrithe deonacha áitiúla, le baill na Cosanta Sibhialta agus le pearsanra de chuid an Airm a d'oibrigh sa cheantar sin.



*An tUachtarán, Micheál D. Ó hUigínn, le linn na cuairte a thug sé ar cheantair thuilithe i nDeiscearft na Gaillimhe, agus é in éineacht le teaghlaigh a bhí thíos leis na tuilte i sráidbhaile an Lábáin.*

**Tosaíocht Straitéiseach**

**An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.**

**OBAIR CHOMHPHÁIRTÍOCHTA:**
D'oibrigh Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Oifig na nOibreacha Poiblí le chéile ar an gComhghrúpa Oibre ar Thuilte agus ar an nGrúpa Stiúrtha le haghaidh Scéimeanna Faoisimh Tuile Dhún Coillín & Abhainn an Chláir chun tionscadail oiriúnacha a chur ar aghaidh chomh maith le bearta a chur ar aghaidh chun an baol go dtarlódh tuilte amach anseo a íoslaghdú.

Lean an Chomhairle den idirchaidreamh le hAonad Iompair na Gaillimhe agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le Straitéis Siúil & Rothaíochta Chathair na Gaillimhe & an Cheantair Máguaird.

Bhuail an Chomhairle le Fáilte Éireann agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus bhí comhfhreagras acu leo, chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le forbairt 2 Bhealach Ghlasa, ón gClochán go hUachtar Ard agus ó Uachtar Ard go Cathair na Gaillimhe. Tá 3 km den Bhealach Glas ón gClochán go hUachtar Ard tógtha agus tógfar 6km eile sa bhliain 2017.

Rinneadh lúbshiúlán léirmhíniúcháin a fhorbairt ag Deirgimleach arbh é suíomh an chéad stáisiúin raidió trasatlantaigh é agus arb é an áit inar thuirling an chéad eitilt trasatlantach gan stad é. Comhairle Chontae na Gaillimhe a d'éascaigh dearadh agus tógáil na saoráide turasóireachta sin, rud a rinneadh i gcomhairle le Fáilte Éireann. Chuir Fáilte Éireann maoiniúchán iomlán €1,134,111 ar fáil chun a fhorbairt seo a dhéanamh. Moladh an tsaoráid seo go hard na spéire nuair a críochnaíodh, agus nuair a osclaíodh, í i mí Iúil 2016.

Ina theannta sin, chuir an Chomhairle 3 thionscadal eile ar aghaidh sa bhliain 2016 le maoiniúchán agus cúnamh ó Fháilte Éireann:

- Tionscadal Léirmhíniúcháin agus Bonneagair Chonamara €443,049
- Oibreacha Feabhais ag Pointí Radharcra €85,757
- Suiteáil Crua-Earraí ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin €32,386

Bhuail foireann de chuid Oifig na dTionscadal Bóithre Náisiúnta go rialta le foireann Bhonneagar Iompair Éireann chun cabhrú le cur chun cinn Mórthionscadal agus Miontionscadal ar mhodh tráthúil.

I gcomhairle leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, rinne an Chomhairle oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre ar oileáin Ghaeltachta. Caitheadh €328,000 ar dheisiú agus ar uasghrádú 8 gcuid de bhóthar ar Inis Mór agus 1 bhóthar ar Inis Oírr.

**SILTEAN ARTAIREACH:**

Chomhlíon an Chomhairle a freagracht reachtúil maidir le hoibreacha siltin áirithe a chothabháil sa Chontae tríd an Aonad Bóithre agus Iompair agus trí Oifigí Ceantair Bhardasaigh na Comhairle. Leithroinn an Chomhairle €175,000 do na hoibreacha siltin sin. Tá dhá Cheantar Siltin déag faoi chúram na Comhairle agus tá dhá Cheantar faoi chúram comhpháirteach Comhchoistí Siltin i gcomhar le Comhairlí Contae Ros Comáin agus an Chláir.

**Ceantair Siltin:**

| | | |
|---|---|---|
| Áth Eascrach | An tEanach | An Bhuaile |
| Dún Coillín (An Gort) | Dún Coillín (Baile Átha an Rí) | Dún Coillín (Baile Locha Riach) |
| Tuaim Catraí | Cill Chríost | An Leathbhaile |
| Míleac An Poll Seasc | An Creagán | Cnoc Óráin |

**Comhcheantair Siltin:**

Comhchoiste Siltin an Fhorghais     Comhchoiste Siltin na Suca

**OIBREACHA MAOLAITHE TUILTE:**

Bhí cruinnithe ag an gComhghrúpa Oibre Tuilte atá comhdhéanta d'ionadaithe ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ó Oifig na nOibreacha Poiblí i rith na bliana 2016 chun oibreacha a shainaithint agus a bhrú chun cinn ar oibreacha iad atá dírithe ar laghdú a dhéanamh ar an mbaol tuilte amach anseo.

**Scéim Faoisimh Tuile Abhainn Dhún Coillín & Shruthán an Agaird:**

Rinneadh oibreacha imscrúdaithe láithreáin ag an droichead iarnróid agus ag an droichead bóthair ar an R446, ar an seach-chainéal, a chur i gcrích sa bhliain 2016. Rinneadh tástáil seandálaíochta, inar áiríodh suirbhéireachtaí seandálaíochta, a chur i gcrích freisin. Fuarthas ceadú don scéim ón mBord Pleanála i Márta 2016. Cuireadh tús le hoibreacha i Meán Fómhair 2016 agus tá siad le críochnú i mí na Nollag 2018.

**Scéim Faoisimh Tuile Abhainn an Chláir (Baile Chláir):**

Leanadh de na hoibreacha sa bhliain 2016 de réir an sceidil 3 bliana –

- roghnú an chainéil agus oibreacha siltin
- athghrádaíodh an cainéal abhann suas an sruth ó dhroichead Bhaile Chláir agus faoi
- cuireadh tús le hardú an bhóthair sa Mhóinteach
- líonadh isteach an claífort áitiúil ag Nine Arches agus seancháinéal Abhainn an Chláir

**Scéim Faoisimh Tuile Dheisceart na Gaillimhe, Thalamh Íseal an Ghoirt:**

Tar éis comhaontú a dhéanamh le hOifig na nOibreacha Poiblí, ceapadh bainisteoir tionscadail don scéim seo i mí na Nollag 2016. Cuireadh tús le hullmhú treoracha maidir le fostú sainchomhairleoirí innealtóireachta agus comhshaoil don scéim.

- Rinne an Chomhairle oibreacha ar 12 Scéimeanna Mionoibreacha Faoisimh Tuile sa bhliain 2016, ar oibreacha iad lenar ghabh caiteachas iomlán €324,760 ar mhaoinigh Oifig na nOibreacha Poiblí 90% de agus ar mhaoinigh an Chomhairle 10% de.
- Ceadaíodh maoiniúchán breise €217,000 le haghaidh tuilleadh oibreacha faoisimh tuile ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus cuirfear na hoibreacha i gcrích sa bhliain 2017.
- D'fhonn iarratais ar mhaoiniúchán breise a chur faoi bhráid Oifig na nOibreacha Poiblí, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe measúnacht tosaigh ar 16 theagmhas tuile breise a tuairiscíodh sa bhliain 2016.

**AN CLÓS INNEALRA:**

Is é an Clós Innealra a dhéanann bainistíocht ar sholáthar agus ar chothabháil Gléasra agus Innealra atá le húsáid ag an gComhairle. Tá an Chomhairle tiomanta i leith fhorbairt leanúnach na seirbhíse seo chun acmhainn éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar ionas go ndéanfar cur i gcrích Chláir Oibre na Comhairle a éascú.

Rinneadh dhá leoraí dumpála nua a cheannach sa bhliain 2016 ar chostas €272,000 lena gcur in ionad feithiclí seanchaite. Tá an dá fheithicil sin oiriúnach chun leatóirí móra salainn a fheistiú dóibh le haghaidh Chlár Cothabhála an Gheimhridh agus tá siad trealmhaithe le Tiomáint Bheo Thairiseach. Úsáideann na Tá costais ísle breosla ag baint leis na Trucailí Mercedes seo mar thoradh ar innill eacnamúla éifeachtúla agus ar amanna gearra sealaíochta.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

**CLÁR:**

Mar chuid de chlár foriomlán an Rialtais i leith Forbairt Tuaithe, rinneadh maoiniúchán faoin scéim CLÁR, a bhí ar ceal le roinnt blianta, a thabhairt isteach arís sa bhliain 2016. Dámhadh €368,000 do Chomhairle Chontae na Gaillimhe le haghaidh tionscadail bhonneagair bheagscála i gceantair thuaithe inar tharla na leibhéil is airde laghdaithe daonra. Rinne an Chomhairle soláthar maidir le saoráidí sábháilteachta do scoileanna agus do phobail, lena n-áirítear soilse gealánacha ag

scoileanna, uasghrádú línte marcála agus comharthaí rabhaidh, do phobail i limistéir ainmnithe CLÁR.

**TAISTEAL NÍOS CLISTE & SOGHLUAISTEACHT INBHUANAITHE:**

Lean an Chomhairle lena ról réamhghníomhach maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn trí chlár imeachtaí a sholáthar chun comóradh a dhéanamh ar Sheachtain na Rothar ón 11 go dtí an 18 Meitheamh 2016. I measc na n-imeachtaí, áiríodh rothaíocht spraíúil do theaghlaigh agus rothaíocht sléibhe. Eagraíodh turas rothaíochta do scoileanna ar an nGlasbhealach do 60 leanaí scoile agus ba imeacht an-uathúil é ar éirigh go maith leis. Tá na himeachtaí go léir a reáchtáiltear le linn Sheachtain na Rothar ceaptha chun daoine a spreagadh machnamh a dhéanamh i dtaobh a gcuid nósanna taistil a athrú go dtí bealaí iompair níos inbhuanaithe.




*Cur chun cinn Sheachtain na Rothar ón 11 go dtí an 19 Meitheamh 2016*

Faoin tionscnamh dar teideal Taisteal Níos Cliste, uasghrádaíodh trasrian coisithe i dTuaim chun feabhas a chur ar an sruth tráchta agus chun pointe trasnaithe níos sábháilte a chur ar fáil do choisithe. Ina theannta sin, tugadh isteach soilse tráchta cliste i dTuaim chun feabhas a chur ar an sruth tráchta ar imeall an bhaile.

**Coiste Sábháilteacht ar Bhóithre Le Chéile**

Tháinig an Coiste Sábháilteacht ar Bhóithre le chéile trí huaire sa bhliain 2016 chun leanúint dá ról gníomhach maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn i gCo. na Gaillimhe.

I measc na dtionscnamh sonrach sábháilteachta ar bhóithre a d'eagraigh an Chomhairle i rith na bliana 2016, áirítear an méid seo a leanas:

- Cur chun cinn an Chláir dar teideal 'Drive for Life' do Scoileanna Iar-Bhunoideachais.
- Tacú le hoibriú Scéim na Maor Scoile Sóisearach
- Bhí teachtaireachtaí faoi fheasacht maidir le sábháilteacht ar bhóithre ann ar láithreán gréasáin na Comhairle, i nuachtáin áitiúla agus ar *iRadio* chun leanúint d'fheasacht maidir le sábháilteacht ar bhóithre a mhéadú i measc na foirne agus an phobail i gcoitinne, eisíodh preasráiteas amháin an tráth céanna agus a imríodh an cluiche peile idir Gaillimh agus Maigh Eo.
- I mí Feabhra 2016, seoladh Seó Feasachta Sábháilteachta Bóthair, 'Think Twice', do Dhéagóírí in Leisureland agus bhí os cionn 900 mac léinn i láthair as meánscoileanna agus grúpa Youthreach sa Chathair agus sa Chontae.




*Seó Feasachta Sábháilteachta Bóthair 'Think Twice' - Leisureland 2016*

- Feachtas a bhí dírithe ar Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo (GMIT)

I gcomhar le hAontas na Mac Léinn in GMIT, d'eagraigh an Chomhairle feachtas feasachta sábháilteachta bóthair chun infheictheacht coisithe agus coisithe ar ár gcuid bóithre a áirithiú agus, mar chuid den fheachtas sin, dáileadh 100 veist ard-infheictheachta, a bhí curtha ar fáil ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, ar na mic léinn a bhí i láthair.

Bhí Seachtain Sábháilteachta Bóthair na hÉireann ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus mhéadaigh an Chomhairle feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre i measc an phobail i gcoitinne trí bhileoga a scaipeadh faoi ábhair amhail tiomáint faoi luas, ag tiomáint faoi thionchar an óil etc.; rinneadh ábhair fhrithchaiteacha a chur ar fáil saor in aisce; agus reáchtáladh Comórtas Póstaeir dar théama Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre.

**TIONSCNAMH PÍOLÓTACH VEISTEANNA ARDINFHEICTHEACHTA IN ÉINEACHT LE COLÁISTE BHAILE CHLÁIR**

Tugadh isteach scéim idir Comhairle Chontae na Gaillimhe, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Coláiste Bhaile Chláir, i gcomhar le Lá '*Be Safe Be Seen*' agus dháil an Chomhairle veisteanna ardinfheictheachta ar mhic léinn i Meánscoil Bhaile Chláir. Gheall na mic léinn a shiúlann go dtí an scoil, nó a théann ar scoil ar a rothar, na veisteanna a chaitheamh mar chuid den éide scoile. Meastar gur éirigh go han-mhaith leis an scéim agus táthar ag súil go nglacfaidh scoileanna eile páirt sa scéim seo.



*Mic léinn as Meánscoil Bhaile Chláir agus Veisteanna Ardinfheictheachta á gcaitheamh acu*

**<u>Scéimeanna Fostaíochta Pobail:</u>**

I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an bpobal áitiúil, lean an Chomhairle d'fhorbairt na Fostaíochta Pobail a chur chun cinn agus a spreagadh. Dá réir sin, lean an Chomhairle d'urraíocht a thabhairt i leith 5 scéim ina bhfuil 85 rannpháirtí sna suímh seo a leanas:

Maigh Cuilinn/Uachtar Ard, An Baile Mór/An Mhainistir, An Gort agus an Ceantar Máguaird, Tuaim agus an Ceantar Máguaird agus Cloch na Rón/An Clochán.



*Suíocháin agus binse á dtógáil ag Scéim Fostaíochta Pobail an Bhaile Mhóir*

## Rannpháirtíocht an Phobail i Scéim Oibreacha Bóthair

Lean an Chomhairle de Rannpháirtíocht an Phobail a chur chun cinn go gníomhach i Scéim Oibreacha Bóthair mar shlí chun tacaíocht ón bpobal a úsáid i gcomhair oibreacha bóthair ar bhóithre áitiúla oiriúnacha. Leithroinn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt suim **€346,822** i gcomhair **27** scéim cheadaithe sa bhliain 2016 as measc 81 iarratas a fuarthas. Rinneadh méid iomlán €376,750, a raibh ranníocaíochtaí áitiúla san áireamh ann, a chaitheamh ar 27 dtionscadal chun cosáin, feabhsú achair radhairc agus draenáil dromchla a sholáthar.

## Cothabháil & Feabhsú Bailte & Sráidbhailte

Lean an Chomhairle de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí an phobail maidir le timpeallacht fhisiciúil bailte agus sráidbhailte a chothabháil agus a fheabhsú agus soláthraíodh maoiniúchán **€930,000** sa bhliain 2016 i gcomhair oibreacha cothabhála agus mionoibreacha feabhsúcháin. Ba é ab aidhm do chuid den mhaoiniúchán ná a éascú don Chomhairle tuilleadh tacaíochta a thabhairt i ndáil le hionchur agus feidhmíocht na bpobal sin a bhíonn rannpháirteach i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Rinneadh tuilleadh maoiniúcháin, arbh fhiú €500,000 é, a chur ar leataobh chun bóithre agus cosáin i sráidbhailte Chinn Mhara agus Chill Íomair a uasghrádú agus a fheabhsú. Chómhaoinigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Comhairle Chontae na Gaillimhe an obair sin.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.**

**SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ:**

- Lean an tAonad de Shaoráid Íocaíochta Ar Líne a oibriú le gur féidir Fógraí Muirir Sheasta (Fíneálacha Páirceála) a íoc.
- Lean an tAonad d'úsáid a bhaint as www.galway.ie le linn na bliana 2016 chun Seirbhís Faisnéise faoin Trácht a sholáthar agus, sa tslí sin, cuireadh faisnéis ar fáil faoi chur isteach ar thrácht mar thoradh ar oibreacha bóthair, ar dhúnadh sealadach bóthair, ar luasteorainneacha de bharr oibreacha bóthair etc.
- Rinne an tAonad cumarsáid leis an bpobal trí leas a bhaint as meáin éagsúla amhail raidió áitiúil, an láithreán gréasáin, twitter, nuachtáin áitiúla, ríomhphost, téacs-theachtaireachtaí agus trí úsáid a bhaint as an gcóras ar líne do thuairimí ó chustaiméirí agus as an gcóras nua náisiúnta ar líne dar teideal deisighdoshraid.ie. Rinneadh córas mapála beo GIS a fhorbairt agus a úsáid le linn na drochaimsire i mí na Nollag 2015 chun mionsonraí a chur ar fáil faoi stádas na mbóithre sna ceantair lena mbaineann. Forbraíodh an córas tuilleadh sa bhliain 2016 chun faisnéis a sholáthar faoi shuíomh gnóthaí agus faoi theaghlaigh a ndeachaigh an tuiliú i gcion orthu.
- D'éirigh leis an Aonad Bóithre agus Iompair clár forleathan oibreacha a chur i gcrích go héifeachtúil. Sa bhliain 2016, cuireadh clár breise oibreacha i gcrích le maoiniúchán forlíontach a cuireadh ar fáil chun bóithre a ndearnadh damáiste dóibh de bharr na dtuilte i mí na Nollag 2015 a dheisiú. Rinneadh daoine den fhoireann a aistriú de réir mar ba ghá chun na hoibreacha sin a éascú. Léiríodh tiomantas na foirne go maith le linn thréimhse na drochaimsire nuair a bhí orthu cúnamh a thabhairt, ar bhonn práinne, maidir le bearta coisctheacha a dhéanamh, rud ba chúis le tuiliú i gcuid mhór tithe agus gnóthaí a sheachaint/laghdú.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# AN ROINN ACMHAINNÍ DAONNA

# AN ROINN ACMHAINNÍ DAONNA

Sa bhliain 2016, lean an Roinn Acmhainní Daonna de thacú le Bainisteoirí Líne agus le Fostaithe chun cuspóirí corparáideacha agus gnó na Comhairle a chur i gcrích go héifeachtach agus go héifeachtúil, chun seirbhísí ardchaighdeáin custaiméara a sholáthar agus timpeallacht dhearfach oibre a chur chun cinn don fhoireann, chun bainistíocht a dhéanamh ar phleanáil fórsa saothair, chun oiliúint agus forbairt foirne a chur ar fáil, agus chun caidreamh tionscail cobhsaí a choimeád ar bun.

Téann an Roinn Acmhainní Daonna i dteagmháil go réamhghníomhach leis an bhfoireann maidir le forbairt phearsanta agus forbairt ghairme daoine den fhoireann a chur chun cinn agus, ar an dóigh sin, cumasaítear dóibh barr a n-acmhainne a bhaint amach agus ról a bheith acu i ndáil le cuspóirí straitéiseacha agus cuspóirí gnó na Comhairle a bhaint amach. I rith na bliana, lean an Roinn Acmhainní Daonna de dheimhin a dhéanamh de go raibh beartais ábhartha i gcónaí agus gor raibh teacht ag gach duine den fhoireann orthu.

**Bainistíocht Fórsa Saothair/Earcaíocht**

Tá laghdú mór déanta ar na leibhéil foirne i gComhairle Chontae na Gaillimhe le blianta beaga anuas mar thoradh ar dhaoine ag dul ar scor, ar iomarcaíocht shaorálach agus ar an gcosc ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí

Sa chomhthéacs sin, is ionann bainistíocht fórsa saothair agus feidhm an-tábhachtach a chomhlíonann an Roinn Acmhainní Daonna agus í ag éascú athshannadh foirne ar fud na heagraíochta chun cóimheá a bhaint amach idir réimsí seirbhíse de réir tosaíochtaí eagrúcháin, bheartas soghluaisteachta na comhairle agus comhaontaíthe náisiúnta a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear Comhaontú Bhóthar Haddington 2013-2016. Is dúshlán suntasach don Chomhairle é an chóimheá sin a bhaint amach agus, ag an am céanna, soláthar seirbhísí a choimeád ar bun agus pleanáil a dhéanamh i ndáil le tuilleadh athchóiriú ar an rialtas áitiúil. De dhroim na n-athruithe ar an earnáil i.e. deireadh a chur le comhairlí baile, bunú Uisce Éireann, rinneadh plean mionsonraithe fórsa saothair a chur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i mí an Mhárta 2014. Is é is cuspóir don Phlean Fórsa Saothair ná seirbhísí a sholáthar go héifeachtach agus go héifeachtúil i gcomhréir leis an leibhéal foirne agus leis an mbuiséad atá ar fáil.

Amhail ar an 31 Nollaig 2016, ba é a bhí i líon fostaithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná 834 . De bhreis air sin, bhí thart ar 114 dhuine ar fostú sa tSeirbhís Dóiteáin Áirithinte.


San iomlán, reáchtáil an Roinn Acmhainní Daonna 35 chomórtas earcaíochta le linn na bliana 2016

**Oiliúint agus Forbairt na Foirne**

Cuireadh clár cuimsitheach oiliúna agus forbartha foirne i gcrích don fhoireann sa bhliain 2016, agus béim á leagan go háirithe ar Oiliúint maidir le cúrsaí Reachtúla agus ar Oiliúint maidir le cúrsaí Sláinte & Sábháilteachta.  Maidir le soláthar na hoiliúna sin, fuair an Chomhairle tacaíocht i

bhfoirm Deontais Náisiúnta Oiliúna sna réimsí seo a leanas: Seirbhísí Uisce, an Timpeallacht agus Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad. Cinneadh na riachtanais maidir le hoiliúint eile mar chuid den Chóras Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha. D'fhonn forbairt a dhéanamh ar na hinniúlachtaí agus ar na scileanna a bhí sainaitheanta, lean an Chomhairle de thacaíocht a thabhairt i leith breisoideachais trí Chláir Rialtais Áitiúil de chuid an IPA agus trí dhaoine a bheith ag freastal ar Sheimineáir agus ar Chomhdhálacha sa bhliain 2016.

Ba é a bhí sa líon iomlán Laethanta Oiliúna sa bhliain 2016 ná 2638 mar atá leagtha amach thíos:




**Leas na Foirne**

Ós rud é go n-aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe nach bhfuil san obair ach gné amháin de shaol ár bhfostaithe, ceapann agus oibríonn an Roinn Acmhainní Daonna raon beartas agus sásraí tacaíochta chun cabhrú leis an bhfoireann an chothromaíocht idir an obair agus an gnáthshaol a bhaint amach.

Leanann an Roinn Acmhainní Daonna de na forálacha caighdeánaithe de na Rialacháin um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta) 2014 a chur i bhfeidhm agus éascaíonn siad soláthar Cláir neamhspleách Cúnaimh d'Fhostaithe atá ar fáil don fhoireann ar fud na heagraíochta. Is seirbhís chomhairle í seo atá saor in aisce, rúnda agus neamhspleách agus tá sí ann chun cúnamh a thabhairt do gach duine d'fhoireann na Comhairle maidir le haon saincheist de chineál oibre, teaghlaigh nó pearsanta.

Tá roinnt Scéimeanna a Thacaíonn le Teaghlaigh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, ar scéimeanna iad atá ar fáil do gach duine den fhoireann, agus bainistíonn an Roinn Acmhainní Daonna iad. Le linn na bliana 2016, bhain seacht gcéad, caoga is naoi nduine den fhoireann leas as beartais a thacaíonn le teaghlaigh lena n-áirítear an Scéim um Bliain Oibre níos Giorra, an Scéim um Shaoire do Thuismitheoirí, an Scéim um Chomhroinnt Oibre, Sosanna Gairme, an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre agus an Scéim Pas Taistil agus, chomh maith leis sin, Saoire *Force Majeure*, Saoire Méala, Saoire Atharthachta agus Saoire Scrúduithe.

**Pinsin**

Tá freagracht ar an Aonad Aoisliúntais i ndáil le seirbhís gach duine den fhoireann a thaifeadadh agus i ndáil le ríomh agus socrú a dhéanamh maidir le híoc na dteidlíochtaí Aoisliúntais atá ag foireann na Comhairle. Ina theannta sin, déanann sé meastachán ar theidlíochtaí a sholáthar do dhaoine den fhoireann, fíoraíonn sé seirbhís roimhe seo, cinneann sé teidlíochtaí i leith blianta breise gairmiúla agus easláinte agus déanann sé measúnú ar iarratais ar cheannach seirbhíse barúlaí agus ar luachanna aistrithe.

Sa bhliain 2016, chuaigh ceithre fhostaí lánaimseartha is fiche ar scor agus triúr fostaithe páirtaimseartha de chuid na seirbhíse dóiteáin ó sheirbhís Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus i mí na Samhna, faraor, cailleadh duine den fhoireann a bhí ar fostú fós.


Ba mhaith le Lucht Bainistíochta agus le foireann na Comhairle an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a chuaigh ar scor as na blianta de sheirbhís dhílis a thug siad agus as an tiomantas a léirigh siad i leith Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Mar chuid de chlár Seirbhísí Comhroinnte Párolla na Roinne Acmhainní Daonna (HPSS), beidh codanna den tseirbhís Aoisliúntais á n-aistriú chuig timpeallacht seirbhísí comhroinnte sa bhliain 2017. Tá comhordú a dhéanamh ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil ar bhainistiú chlár HPSS i gcomhar le *MyPay* ar a bhfuil freagracht i ndáil leis an Ionad Seirbhísí Comhroinnte.

Sa bhliain 2016, mar chéad chéim den tionscadal a bhaineann le hUllmhacht Sonraí Aoisliúntais (SDR), ainmníodh sainmheitheal forfheidhmiúcháin chun na sonraí aoisliúntais go léir a bhailiú agus a uasdátú i gcomhair an athraithe chuig Timpeallacht Seirbhísí Comhroinnte (SSE). Tá athbhreithniú déanta ar níos mó ná 1000 taifead fostaí le linn ré an tionscadail seo agus, ag deireadh na bliana, bhí an obair críochnaithe i leith 69% díobh sin agus leanfar den obair an bhliain seo chugainn le go bhféadfar na Seirbhísí Aoisliúntais a aistriú chuig MY Pay SSC sa bhliain 2017 i gcomhréir le Plean Forfheidhmiúcháin Náisiúnta HPSS.

# AN ROINN TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE

# CÓRAIS TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE:



*Líonra TF Chomhairle Chontae na Gaillimhe*

- Leanadh de *Office 365* a chur ar fáil go forleathan san eagraíocht. Áiríonn sé sin an tsraith táirgí *Office 365* atá ar fáil don fhoireann anois a chur chun cinn agus feasacht ar na nithe sin a mhéadú. Ina measc siúd, áirítear *Skype for Business*, *Dynamics*, *SharePoint Online* agus *OneNote*. Bhí na nithe seo a leanas ann i measc na méadrachtaí:
    - Cuireadh *SharePoint* Píolótach i gcrích in dhá chuid
    - Aistríodh 750 bosca poist chuig *Office 365*
- Neartaíodh seirbhísí *Microsoft Cloud Azure* ar fud na heagraíochta ar mhaithe le seirbhísí don phobal a sholáthar;
- Uasghráduithe bonneagair mar atá luaite thíos:
    - ➢ Aistríodh suímh oifige chuig Snáithín Vodafone ó Chóras Gan Sreang (5)
    - ➢ Aistríodh suímh oifige chuig Vodafone NGA (uasghrádú do 4 shuíomh)
    - ➢ Aistríodh suímh leabharlainne chuig Meraki / Eircom E-fibre - 6 leabharlann
- Uasghrádaíodh roinnt freastalaithe mar thoradh ar dheireadh ré chóras oibrithe Fhreastalaí Microsoft Windows 2003.
- Tacaíocht TF le haghaidh roinnt tionscadal tábhachtach lena n-áirítear *Core* agus córas airgeadais *Milestone 4*, lena n-áirítear córais chomhtháite amhail: Billí Dóiteáin, íocaíochtaí *Lighthouse LVP*, Fíneálacha Páirceála, r-Íocaíochtaí, Bainistíocht Féichiúnaithe, *Core Pay*.
- Leanúnachas & Cosaint *Proofpoint* do Néal-Ríomhphost - Curtha i bhfeidhm go hiomlán
- Athsholáthar Balla Dóiteáin Cisco - Athsholáthar Iomlán Braisle / Aimsiú Ionraidh agus cosaint ar ionradh
- *Cisco Voice* curtha ar fáil d’Oifig Bhéal Átha na Sluaighe
- Uasghrádú *Cisco Voice* mar thacaíocht do na Fóin nua SIP

- Uasghrádú ar Bhainisteoir Cumraíochta Lár an Chórais (SSCM) 2012: Soláthraíonn sé sin cianrialú, bainistíocht paiste, dáileadh bogearraí, imscaradh an chórais oibriúcháin, cosaint do rochtain ar líonra, agus fardal crua-earraí agus bogearraí
- Uasghrádú ar Chriptiúchán MacAfee EPO. Soláthraíonn sé sin cosaint fhrithvíris agus braith ionraidh ar fud an fhiontair.
- Córas r-Íocaíochtaí Líonadh Talún Chill Chonaill. Úsáideadh an córas sin chun glacadh le híocaíochtaí ar líne i ndáil le Líonadh Talún Chill Chonaill a athosclaíodh sa bhliain 2016.
- Iniúchtaí Soghluaiste (Obair Chothabhála ar Thithe Folmha, Tairiscintí Tithíochta, Iniúchtaí ar Theaghaisí Cíosa Phríobháidigh, Baoithe fáinne, Áiteanna Súgartha etc.)
- Forbairt ar nós imeachta athraithe iarrata lena chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta maidir le Bonneagar Tí agus Cothabháil Tithe Folmha a bhainistiú in *iHouse*.
- Forbairt a dhéanamh ar réiteach Ligean Rogha-Bhunaithe le haghaidh Tithíochta.
- Tacaíocht a thabhairt i ndáil le cur i bhfeidhm treoirlínte eiseamláireacha foilsitheoireachta i dtaca le Saoráil Faisnéise

  - Soláthraíodh Tacaíocht GIS agus Mapála maidir leis an méid seo a leanas:
  - Aistriú chuig GIS Uisce Éireann don fhoireann i gComhairle Chontae na Gaillimhe
  - Tacaíocht i ndáil leis an bPlean Bithéagsúlachta do Chontae na Gaillimhe
  - Tacaíocht i ndáil le gníomhaíochtaí sa Phlean Oidhreachta do Chontae na Gaillimhe
  - Tacaíocht i ndáil le gníomhaíochtaí sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Speicis Ionracha
  - Tacaíocht i ndáil leis an Tionscadal Náisiúnta Mapála Maoine
  - Tacaíocht i ndáil le Tionscadal Mapála maidir le hÍoc de réir Meáchain

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

# TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Feidhm de chuid an Choimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirseacht agus Iniúchadh (NOAC) is ea grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht aon chomhlachta rialtais áitiúil i gcomparáid le táscairí iomchuí a measann an Coimisiún ina leith gur cuí leas a bhaint astu agus áiríonn siad táscairí iomchuí a bhaineann le seirbhís chustaiméara. Cuireadh tús leis an ról sin sa bhliain 2014 agus, maidir le feidhmíocht sa bhliain 2014 agus blianta ina dhiaidh sin, thug sé isteach táscairí nua seirbhíse in ionad na dtáscairí a thug an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil isteach sa bhliain 2004 do na húdaráis áitiúla.

Iarrtar ar Údaráis Áitiúla faisnéis agus sonraí faoi 34 Táscaire Feidhmíochta a bhailíochtú agus a thíolacadh. Tiomsaíonn an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) na sonraí agus cuirtear ar fáil iad do NOAC chun tuilleadh anailíse a dhéanamh orthu agus chun iad a fhoilsiú mar chuid de thuarascáil náisiúnta faoi Tháscairí Feidhmíochta Údaráis Áitiúil. De bhreis ar fhaisnéis a sholáthraíonn an Chomhairle, soláthraíonn comhlachtaí seachtracha (Aonad Cláraithe Feithiclí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Oifig Bainistíochta Bóithre) faisnéis atá bunaithe ar chórais tuairiscithe náisiúnta eile nach mór don Chomhairle sonraí a thíolacadh dóibh. Sábháiltear an fhaisnéis sin agus déanann an Chomhairle í a bhailíochtú mar chuid de na tuairisceáin náisiúnta, agus córas ar líne ríomhthuairisceáin á úsáid aici.

Maidir leis an mbliain 2016, bhí 34 tháscaire feidhmíochta údaráis áitiúil ann mar atá leagtha amach thíos.

Tá uimhir/litir thagartha ann i ndáil le gach táscaire ar leith, mar a leanas:

- Tithíocht (H1 go H6)
- Bóithre (R1 go R3)
- Uisce (W1)
- Dramhaíl/Comhshaol (E1 go E3)
- Pleanáil (P1 go P5)
- An tSeirbhís Dóiteáin (F1 go F3)
- Leabharlann/Áineas (L1 go L2)
- Óige/Pobal (Y1 go Y2)
- Cúrsaí Corparáideacha (C1 go C4)
- Airgeadas (M1 agus M2)
- Forbairt Eacnamaíochta (J1 o J3)

# Táscairí Feidhmíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe 01/01/2016 - 31/12/2016 (Bliantúil)

## Táscaire Feidhmíochta

01/01/2016 - 31/12/2016(Bliantúil)

Comhairle Chontae na Gaillimhe

Stádas: Críochnaithe

| Ábhar | Táscaire | Luach | Tráchtaireacht |
|---|---|---|---|
| **Tithíocht: H1, H2 & H4** **Ceadaithe** | A. Líon foriomlán teaghaisí arna soláthar ag an Údarás Áitiúil sa tréimhse ó 1/1/2016 go 31/12/2016 | **418** | Áirítear 8 n-aonad deonach RAS de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag NOAC. |
| | B. An líon teaghaisí a soláthraíodh go díreach | **16** | |
| | B1. An líon teaghaisí a tógadh | 0 | |
| | B2. An líon teaghaisí a ceannaíodh | 16 | |
| | C. An líon teaghaisí a soláthraíodh faoi RAS | 16 | |
| | D. An líon teaghaisí a soláthraíodh faoi Scéim HAP | 381 | |
| | E. An líon teaghaisí a soláthraíodh faoi SHCEP | 5 | |
| | F. An líon foriomlán teaghaisí tithíochta sóisialta san Údarás Áitiúil ag deireadh na bliana | **3220** | Áirítear 4 aonad nár tuairiscíodh i dtuairisceán 2015, ós rud é nach raibh an fhaisnéis faoin aonad ceaptha agus/nó aicmithe i gceart i gcóras *iHouse*. |
| | G. An líon iomlán teaghaisí a chuir an tÚdarás Áitiúil ar fáil go díreach (tógtha nó ceannaithe) | 2392 | |
| | H. An líon iomlán teaghaisí a soláthraíodh faoi RAS | 365 | |
| | I. An líon iomlán teaghaisí a soláthraíodh faoi HAP, má bhí sé á oibriú | 388 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | J. An líon iomlán teaghaisí a soláthraíodh faoi SHCEP | 75 | |
| | K. An líon teaghaisí tuaithe singile a mbeartaítear iad a scartáil nó a dhíol ós rud é go bhfuil siad tréigthe | 14 | |
| | A. An céatadán den líon teaghaisí ag H1G a bhí folamh ag deireadh na bliana | **3.76 %** | |
| | An líon teaghaisí sa stoc foriomlán nach raibh tionóntaí iontu ag deireadh na bliana | 90 | |
| | A. An caiteachas sa bhliain ar dheisiú & ar chothabháil tithíochta a cheannaigh nó a thóg an tÚdarás Áitiúil, arna roinnt ar H1G | **€1050.43** | |
| | An caiteachas ar dheisiú agus ar chothabháil stoc an Údaráis Áitiúil ar bhonn leanúnach i rith na bliana | €2512622.59 | |
| | | | |
| **Tithíocht: H3 & H5** **Ceadaithe** | A. An meánam a tógadh ón dáta ar fágadh teaghais folamh go dtí an dáta ar cuireadh tús le tionóntacht nua | **49.86 seachtain** | |
| | B. An meánchostas ar ullmhú na n-aonad lena n-athligean le tionóntaí nua | **€19091.86** | |
| | An líon teaghaisí ar cuireadh tionóntaí nua iontu ar aon dáta i rith na bliana (gan iad sin a bhí folamh le haghaidh athfheistiú eastáit a áireamh) | 47 | |
| | An líon seachtainí ón tráth ar fhág tionónta teaghais folamh go dtí an dáta a bhfuarthas an chéad dochar cíosa ón tionónta nua | 2343.43 seachtain | |
| | An caiteachas iomlán ar dheisiúcháin a bhí riachtanach chun athligean na n-aonad a áirítear thuas a chumasú | €897317.48 | |
| | A. An líon iomlán tionóntachtaí cláraithe i limistéar an Údaráis Áitiúil ag deireadh Meithimh 2016 | 6290 | |
| | B. An líon teaghaisí ar cíos a | 35 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ndearnadh iniúchadh orthu i rith na bliana | | |
| | C. An céatadán de na teaghaisí a iniúchadh sa bhliain 2016 agus ar cinneadh ina leith nár chomhlíon siad na Rialacháin maidir le Caighdeáin | **97.14** | |
| | D. An líon teaghaisí nach raibh comhlíontach agus a tháinig chun bheith comhlíontach i rith 2016 | 6 | |
| | An líon teaghaisí a iniúchadh agus ar cinneadh ina leith nár chomhlíon siad Rialacháin na dTithe (Caighdeáin do Thithe ar Cíos). | 34 | |
| | | | |
| **Tithíocht: H6**<br>**Ceadaithe** | A. An líon aosach i gcóiríocht éigeandála fadtéarma mar % den líon iomlán aosach gan dídean | **57.50 %** | |
| | An líon aosach a aicmítear mar dhaoine gan dídean, agus iad i gcóiríocht éigeandála ar oíche an 31/12/2016 | 40 | |
| | An líon aosach a bhí tar éis 6 mhí as a chéile, nó tréimhse charnach 6 mhí laistigh de 12 mhí roimhe sin, a chaitheamh i gcóiríocht éigeandála amhail ar an dáta sin | 23 | |
| | | | |
| **Bóithre: R1 & R2**<br>**Ceadaithe** | % de chiliméadair bhóthair réigiúnaigh ag a raibh rátáil PSCI | 98 % | |
| | % de chiliméadair bhóthair phríomha áitiúil ag a raibh rátáil PSCI | 95 % | |
| | % de chiliméadair bhóthair thánaistigh áitiúil ag a raibh rátáil PSCI | 93 % | |
| | % de chiliméadair bhóthair threasaigh áitiúil ag a raibh rátáil PSCI | 83 % | |
| | % de bhóithre réigiúnacha a fuair rátáil PSCI i rith na bliana | 8 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair réigiúnaigh ag a raibh rátáil PSCI 1-4 | 8 % | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair réigiúnaigh ag a raibh rátáil PSCI 5-6 | 22 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair réigiúnaigh ag a raibh rátáil PSCI 7-8 | 40 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair réigiúnaigh ag a raibh rátáil PSCI 9-10 | 28 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair phríomha ag a raibh rátáil PSCI 1-4 | 5 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair phríomha ag a raibh rátáil PSCI 5-6 | 25 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair phríomha ag a raibh rátáil PSCI 7-8 | 46 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair phríomha ag a raibh rátáil PSCI 9-10 | 19 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair thánaistigh ag a raibh rátáil PSCI 1-4 | 12 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair thánaistigh ag a raibh rátáil PSCI 5-6 | 34 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair thánaistigh ag a raibh rátáil PSCI 7-8 | 41 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair thánaistigh ag a raibh rátáil PSCI 9-10 | 7 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair threasaigh ag a raibh rátáil PSCI 1-4 | 25 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair threasaigh ag a raibh rátáil PSCI 5-6 | 30 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair threasaigh ag a raibh rátáil PSCI 7-8 | 25 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair threasaigh ag a raibh rátáil PSCI 9-10 | 4 % | |
| | A1. Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a neartaíodh trí úsáid a bhaint as deontais Feabhsaithe Bóthair | 31.2 km | |
| | A2. Méid an Deontais Feabhsaithe Bóthair a caitheadh ar Bhóithre Réigiúnacha (neartú) | €4100407.00 | |
| | B1. An líon ciliméadar de bhóithre réigiúnacha a athshéalaíodh trí úsáid | 30.2 km | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | a bhaint as deontais Cothabhála Bóthair | | |
| | B2. Méid an Deontais Cothabhála Bóthair a caitheadh ar Bhóithre Réigiúnacha (athshéalú) | €973603.00 | |
| | C1. Ciliméadair de bhóithre áitiúla a neartaíodh trí úsáid a bhaint as deontais Feabhsaithe Bóthair | 80.8 km | |
| | C2. Méid an Deontais Feabhsaithe Bóthair a caitheadh ar Bhóithre Áitiúla (neartú) | €5627120.00 | |
| | D1. An líon ciliméadar de bhóithre áitiúla a athshéalaíodh trí úsáid a bhaint as deontais Cothabhála Bóthair | 86.7 km | |
| | D2. Méid an Deontais Cothabhála Bóthair a caitheadh ar Bhóithre Áitiúla (athshéalú) | €1713544.00 | |
| | | | |
| **Mótarcháin: R3** **Ceadaithe** | % de na hidirbhearta mótarchánach a rinneadh ar líne | 66.27 % | |
| | | | |
| **Uisce: W1** **Ceadaithe** | % de Scéimeanna Príobháideacha Uisce Óil a chomhlíon na ceanglais reachtúla | 1.00 % | Níl tuairisc - Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil- uisce óil do 2016 foilsithe go fóill mar sin figiúr a thabhairt cothrom le dáta |
| | | | |
| **Dramhaíl: E1** **Ceadaithe** | An líon teaghlach i limistéar ina raibh seirbhís 3 araid bhruscair á soláthar ag oibreoir ceadúnaithe ar an 31/12/2015 (daonáireamh 2016) | 8723 | |
| | An líon sin teaghlach in A mar % de na teaghlaigh i limistéar an Údaráis Áitiúil | 13.91 % | |
| | | | |
| **Truailliú Comhshaoil: E2** **Ceadaithe** | An líon iomlán cásanna ina ndearnadh gearáin faoi thruailliú | 1602 | |
| | An líon cásanna truaillithe nár imscrúdaíodh nó nár cuireadh bailchríoch orthu | 1575 | |
| | An líon cásanna truaillithe a tháinig chun cinn sa bhliain 2016 agus nár | 396 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | cuireadh bailchríoch orthu | | |
| | An líon cásanna truaillithe i leith gearán i rith na bliana | **1602** | |
| | An líon cásanna truaillithe a dúnadh i rith na bliana | **1575** | |
| | An líon iomlán cásanna idir lámha ag deireadh na bliana | **396** | |
| | | | |
| **Truailliú ó Bhruscar: E3** **Ceadaithe** | An céatadán den limistéar nach raibh truailliú ó bhruscar ann | 13 % | |
| | An céatadán den limistéar ina raibh méid beag truaillithe ó bhruscar | 47 % | |
| | An céatadán den limistéar ina raibh méid measartha mór truaillithe ó bhruscar | 30 % | |
| | An céatadán den limistéar ina raibh méid suntasach truaillithe ó bhruscar | 8 % | |
| | An céatadán den limistéar ina raibh méid an-mhór truaillithe ó bhruscar | 2 % | |
| | | | |
| **Pleanáil: P1** **Ceadaithe** | Foirgnimh a ndearnadh iniúchadh orthu mar chéatadán d'fhoirgnimh nua ar tugadh fógra don údarás áitiúil fúthu | **11.46 %** | |
| | An líon iomlán foirgneamh nua ar tugadh fógra don údarás áitiúil fúthu | 480 | |
| | An líon foirgneamh nua ar tugadh fógra don údarás áitiúil fúthu agus a bhí ina n-ábhar d'iniúchadh amháin ar a laghad | 55 | |
| | | | |
| **Pleanáil: P2 & P3** **Ceadaithe** | A. An líon cinntí pleanála a ndearnadh achomharc chuig an mBord Pleanála ina leith agus a ndearnadh an Bord cinneadh ina leith sa bhliain 2016 | 32 | |
| | B. % de na breitheanna lenar daingníodh (fara athruithe nó gan athruithe) an cinneadh a bhí déanta ag an Údarás Áitiúil | **75.00 %** | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | An líon breitheanna lenar daingníodh cinneadh an Údaráis Áitiúil, fara athrú nó gan athrú | 24 | |
| | A. An líon cásanna pleanála a tarchuireadh chuig an Údarás Áitiúil, nó a thionscain an tÚdarás Áitiúil, sa bhliain 2016, ar cásanna iad a imscrúdaíodh | 234 | |
| | B. An líon iomlán cásanna a dúnadh i rith na bliana 2016 | 83 | |
| | C. % de chásanna in B a díbheadh de réir Alt 15(2) nó a dúnadh ós rud é go raibh siad faoi urchosc reachta nó gur forbairt dhíolmhaithe a bhí ann | **51.81 %** | |
| | D. % de na cásanna ag B a réitíodh chun sástacht an Údaráis Áitiúil trí chaibidlíochtaí | **3.61 %** | |
| | % de na cásanna ag B a dúnadh de bharr imeachtaí forfheidhmiúcháin | **44.58 %** | |
| | An líon iomlán cásanna pleanála a bhí á n-imscrúdú amhail ar an 31/12/2016 | 1697 | |
| | C. % de na cásanna ag B a díbheadh faoi alt 152(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 | 43 | |
| | An líon cásanna ag B a réitíodh chun sástacht an Údaráis Áitiúil trí chaibidlíochtaí | 3 | |
| | An Líon na cásanna ag B a dúnadh de bharr imeachtaí forfheidhmiúcháin | 37 | |
| | | | |
| **Pleanáil: P4 & P5** **Ceadaithe** | Sonraí Chlár D AFS arna roinnt ar dhaonra limistéar an Údaráis Áitiúil | **€15.28** | |
| | Clár D AFS ina gcuimsítear D01, D02, D03 (agus an muirear bainistíochta lárnaí san áireamh) | €2736716 | |
| | A. An meánlíon seachtainí a thóg sé chun déileáil leis na hiarratais ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas i rith na bliana. | **10 seachtain** | |
| | An líon deimhnithe sábháilteachta dóiteáin a eisíodh i leith na n- | 77 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | iarratas a fuarthas | | |
| | An líon seachtainí ón dáta a bhfuair an t-údarás áitiúil iarratas comhlánaithe bailí go dtí an dáta ar eisíodh deimhniú sábháilteachta dóiteáin chuig an iarratasóir, agus aon seachtain pháirteach á deachúlú go dtí dhá ionad de dheachúlacha, agus figiúr iomlán á thabhairt i leith na ndeimhnithe sábháilteachta dóiteáin go léir a eisíodh i leith na n-iarratas a fuarthas sa bhliain 2016. | 770 seachtain | |
| | | | |
| **An tSeirbhís Dóiteáin: F1** **Ceadaithe** | Caiteachas Chlár E AFS arna roinnt ar dhaonra dhaonáireamh 2016 dá bhfónann an tSeirbhís Dóiteáin | **€44.62** | |
| | Sonraí caiteachais Chlár E AFS ina gcuimsítear E11 – Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin & E12 – Cosc Dóiteáin | €11067225 | as afs gan iniúchadh 2016 |
| | | | |
| **An tSeirbhís Dóiteáin: F2 & F3** **Ceadaithe** | A. Meánfhad ama (nóiméid) a thógann sé chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Lánaimseartha i dtaobh dóiteáin | 2.44 min | |
| | B. Meánfhad ama (nóiméid) a thógann sé chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Pháirtaimseartha i dtaobh dóiteáin | 5.03 min | |
| | C. Meánfhad ama (nóiméid) a thógann sé chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Lánaimseartha i dtaobh timpistí eile | 2.42 min | |
| | C. Meánfhad ama (nóiméid) a thógann sé chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Pháirtaimseartha i dtaobh timpistí eile | 4.7 min | |
| | A. % de na cásanna i leith dóiteáin ar freastalaíodh ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | **43.65 %** | |
| | B. % de na cásanna i leith dóiteáin ar freastalaíodh ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh | **31.27 %** | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | de 20 nóiméad | | |
| | C. % de na cásanna i leith dóiteáin ar freastalaíodh ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad | **25.08 %** | |
| | D. % de na cásanna nár bhain le dóiteán ar freastalaíodh ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | **54.58 %** | |
| | E. % de na cásanna nár bhain le dóiteán ar freastalaíodh ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad & laistigh de 20 nóiméad | **32.78 %** | |
| | F. % de na cásanna nár bhain le dóiteán ar freastalaíodh ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad | **12.65 %** | |
| | An líon iomlán glaonna i leith dóiteán i rith na bliana | 937 | |
| | An líon cásanna dóiteáin inar tháinig an chéad inneall dóiteáin ar an láthair laistigh de 10 nóiméad | 409 | |
| | An líon cásanna dóiteáin inar tháinig an chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 10 nóiméad & laistigh de 20 nóiméad | 293 | |
| | An líon cásanna dóiteáin inar tháinig an chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 20 nóiméad | 235 | |
| | An líon iomlán glaonna maidir le gach cineál eile teagmhais éigeandála i rith na bliana | 601 | |
| | An líon cásanna nár bhain le dóiteán inar tháinig an chéad inneall dóiteáin ar an láthair laistigh de 10 nóiméad | 328 | |
| | An líon cásanna nár bhain le dóiteán inar tháinig an chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 10 nóiméad & laistigh de 20 nóiméad | 197 | |
| | An líon cásanna nár bhain le dóiteán inar tháinig an chéad inneall dóiteáin ar an láthair tar éis 20 nóiméad | 76 | |
| | | | |
| **An tSeirbhís** | An líon cuairteanna ar leabharlann i | 595740 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Leabharlainne: L1** **Ceadaithe** | rith na bliana | | |
| | An líon ítimí a fuarthas ar iasacht i rith na bliana | 744410 | |
| | A. An líon cuairteanna ar leabharlann in aghaidh gach duine den daonra | **2.30** | |
| | B. An líon ítimí a eisíodh chuig iasachtaithe i rith na bliana | **744410** | |
| | | | |
| **An tSeirbhís Leabharlainne: L2** **Ceadaithe** | Sonraí Chlár F an Ráitis Airgeadais Bhliantúil / de réir dhaonra limistéar an Údaráis Áitiúil i ndaonáireamh 2016 | **€17.55** | |
| | Clár F02 AFS Costas na Seirbhíse Leabharlainne | €4536372 | |
| | | | |
| **Óige agus Pobal: Y1 & Y2** **Ceadaithe** | An céatadán de scoileanna áitiúla a bhí páirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg/Youth Council | **77.14 %** | |
| | An líon iomlán meánscoileanna i limistéar an Údaráis Áitiúil ag deireadh na bliana | 35 | |
| | An líon scoileanna dara leibhéal i limistéar an Údaráis Áitiúil a raibh ionadaithe acu ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil Chomhairle na nÓg | 27 | |
| | A. An líon eagraíochtaí i gClár an Chontae agus an cion díobh a roghnaigh páirt a ghlacadh sa Choláiste Uilechuimsitheachta Sóisialta laistigh den Líonra Rannpháirtíochta Poiblí | **15.08** | |
| | An líon iomlán eagraíochtaí a bhí ann i gClár an Chontae do limistéar an údaráis áitiúil | 630 | |
| | An líon iomlán de na heagraíochtaí sin a chláraigh den chéad uair sa bhliain 2916 | 87 | |
| | An líon iomlán eagraíochtaí a roghnaigh páirt a ghlacadh sa Choláiste Toghcháin | 95 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Uilechuimsitheachta Sóisialta nuair a chláraigh siad don Líonra Rannpháirtíochta Poiblí | | |
| | | | |
| **Seirbhísí Corparáideacha: C1 & C2 & C4** **Ceadaithe** | An líon coibhéiseach daoine lánaimseartha foirne ag deireadh na bliana | 751.40 | |
| | An céatadán de laethanta oibre le pá a cailleadh de bharr asláithreachta breoiteachta trí shaoire a bhí deimhnithe ag dochtúir | **4.25 %** | |
| | An céatadán de laethanta oibre le pá a cailleadh de bharr asláithreachta breoiteachta trí shaoire a bhí féin-deimhnithe | **0.28 %** | |
| | An líon laethanta oibre a cailleadh de bharr asláithreachta breoiteachta trí shaoire a bhí deimhnithe ag dochtúir | 7325 lá | |
| | An líon laethanta oibre a cailleadh de bharr asláithreachta breoiteachta trí shaoire a bhí féin-deimhnithe | 486 lá | |
| | An líon laethanta oibre gan phá a cailleadh de bharr asláithreachta breoiteachta trí shaoire a bhí deimhnithe ag dochtúir | 69 lá | |
| | An líon laethanta oibre gan phá a cailleadh de bharr asláithreachta breoiteachta trí shaoire a bhí féin-deimhnithe | 2 lá | |
| | An Caiteachas ICT go léir sa tréimhse ó 01/01/2016 go 31/12/2016 arna roinnt ar WTE | **€2174.07** | |
| | Caiteachas iomlán ioncaim ar Ghnéithe Cuntais | €1633593 | |
| | | | |
| **Seirbhísí Corparáideacha: C3** **Ceadaithe** | An líon iomlán leathanach ar féachadh orthu ar láithreán gréasáin an Údaráis Áitiúil sa bhliain 2016 | **1245291** | |
| | An líon iomlán úsáideoirí meán sóisialta, amhail ar an 31/12/2016, a lean an tÚdarás Áitiúil ar láithreáin | **13226** | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | mheán sóisialta | | |
| | An líon carnach leathanach ar féachadh orthu i gcás na láithreán gréasáin go léir a d'oibrigh an tÚdarás Áitiúil i rith na bliana 2016 | 1245291 | |
| | An líon iomlán úsáideoirí meán sóisialta, amhail ar an 31/12/2016, a lean an tÚdarás Áitiúil ar aon láithreáin mheán sóisialta | 13226 | |
| | | | |
| **Airgeadas: M1 & M2**<br>**Ceadaithe** | A. Iarmhéid carnach amhail ar an 31/12/2012 sa Chuntas Ioncaim as Ioncam & Caiteachas an AFS | €-1884518 | |
| | B. Iarmhéid carnach amhail ar an 31/12/2013 sa Chuntas Ioncaim as Ioncam & Caiteachas an AFS | €-1898994 | |
| | C. Iarmhéid carnach amhail ar an 31/12/2014 sa Chuntas Ioncaim as Ioncam & Caiteachas an AFS | €-1891838 | |
| | D. Iarmhéid carnach amhail ar an 31/12/2015 sa Chuntas Ioncaim as Ioncam & Caiteachas an AFS | €-1886030 | |
| | E. Iarmhéid carnach amhail ar an 31/12/2016 sa Chuntas Ioncaim as Ioncam & Caiteachas an AFS | €-1959192 | Easnamh ioncaim €1,959,192. Méid as an AFS gan iniúchadh. |
| | F. Barrachas nó easnamh carnach amhail ar an 31/12/2016 mar chéatadán den Ioncam Iomlán as an ráiteas AFS | **-1.67 %** | |
| | G. Caiteachas Ioncaim per capita sa bhliain 2016 | **€649.34** | |
| | An figiúr d'Ioncam Iomlán 2016 as Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais san AFS | €118570150 | Méid as an AFS gan iniúchadh. |
| | An figiúr do Chaiteachas Iomlán 2016 as Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais san AFS | €116263298 | Méid as an AFS gan iniúchadh. |
| | An leibhéal bailithe Rátaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2012 | 69.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Rátaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don | 65.0 % | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | bhliain 2013 | | |
| | An leibhéal bailithe Rátaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2014 | 67.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Rátaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2015 | 81.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Rátaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2016 | 82.8 % | |
| | An leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2012 | 90.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2013 | 88.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2014 | 88.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2015 | 90.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2016 | 91 % | |
| | An leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2012 | 78.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2013 | 76.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2014 | 75.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2015 | 76.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2016 | 76 % | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Forbairt Eacnamaíochta: J1 go J3**<br>**Ceadaithe** | A. An líon post a cruthaíodh le cúnamh ón Oifig Fiontar Áitiúil i rith na bliana | 79.0 | |
| | A. An líon iarratas ar dhearbháin trádála ar líne a cheadaigh an Oifig Fiontar Áitiúil i rith na bliana | 54 | |
| | A. An líon rannpháirtithe a fuair meantóireacht i rith na bliana | 69 | |
| | B. An líon  dearbhán trádála ar líne a tarraingíodh anuas i rith na bliana | 35 | |
| | | | |
| | | | |

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# PLEAN BLIANTÚIL SOLÁTHAIR SEIRBHÍSÍ - FAISNÉIS UASDÁTAITHE

# PLEAN BLIANTÚIL SOLÁTHAIR SEIRBHÍSÍ CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

# FAISNÉIS UASDÁTAITHE 2016

| SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimse seirbhíse** | Tacaíocht éifeachtúil, ghairmiúil, inniúil a sholáthar do na Comhaltaí Tofa agus don Fhoireann Feidhmiúcháin chun seirbhísí poiblí a chur ar fáil trí bhíthin Ceannaireacht Chathartha agus Ionadaíocht Dhaonlathach éifeachtach | | |
| **Cuspóir 1** | Tacú le hionadaíocht dhaonlathach agus cinnteoireacht éifeachtach, oscailte agus trédhearcach: | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2016** | **Toradh** |
| Clár na dToghthóirí | Clár na dToghthóirí 2016/2017 a fhoilsiú<br><br>Clár na dToghthóirí a ullmhú chun léiriú a dhéanamh na Dáilcheantair nua d'Olltoghchán 2016<br><br>Clár Forlíontach Toghthóirí a ullmhú agus a fhoilsiú le haghaidh Olltoghchán 2016 | Faoin 15 Feabhra 2016<br><br>Sprioc-amanna Reachtúla a chomhlíonadh<br><br>Sprioc-amanna Reachtúla a chomhlíonadh | Sprioc-am bainte amach<br><br>Sprioc-am bainte amach<br><br>Sprioc-am bainte amach |
| Iarrataí Saorála Faisnéise | An céatadán d'iarrataí Saorála Faisnéise chuig Seirbhísí Corparáideacha a próiseáladh de réir na gceanglas reachtúil.<br><br>Scéim Foilsitheoireachta Saorála Faisnéise do Sheirbhísí Corparáideacha a fhoilsiú | 100%<br><br>Foilsíodh i R2 de 2016 | 100%<br><br>60% |
| Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol | An céatadán d'iarrataí a fuair an tAonad Seirbhísí Corparáideacha maidir le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol agus a próiseáladh de réir na gceanglas reachtúil. | 100% | 100% |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ionadaíocht Dhaonlathach | Tacú le húsáid na saoráide eislín chun doiciméid a bhainistiú agus chun laghdú a dhéanamh ar an méid páipéir a bhaineann le cruinnithe den Chomhairle Iomlánach. | Úsáid ag 90% de na Comhaltaí a chothú i rith na bliana 2016. | Sprioc bainte amach |
| An Comhchoiste Póilíneachta | An líon gníomhartha a chuirtear i gcrích ar bhonn bliantúil a bheith de réir mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach CCP | 5 | 3 |
| Clár Chothrom Céad Bliain 1916 i gContae na Gaillimhe | Clár Cuimhneacháin uilechuimsitheach cothromaithe a sholáthar ina léirítear tábhacht imeachtaí 1916 do mhuintir Chontae na Gaillimhe. | 150 Imeacht Cuimhneacháin a éascú | Sáraíodh an sprioc |
| **Cuspóir 2** | **Taitneamhachtaí sorochtana a sholáthar, agus tacaíocht a thabhairt dóibh, chun áineas, fóillíocht agus súgradh a chur chun cinn.** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2016** | **Toradh** |
| Áiteanna Súgartha | An líon a chuir an tÚdarás Áitiúil ar fáil go díreach, in aghaidh gach 1,000 duine sa daonra<br>An líon áiteanna súgartha a éascaíodh, in aghaidh gach 1,000 duine sa daonra (*baineann 'éascaíodh' le saoráidí atá á mbainistiú ag pobail agus á n-árachú ag an Údarás Áitiúil*) | 0.05<br>0.20 | 0.05<br>0.20 |
| Ionaid Fóillíochta Bhéal Átha na Sluaighe & Thuama | An líon cuairteoirí ar shaoráidí fóillíochta arna n-éascú ag an údarás áitiúil, in aghaidh gach 1,000 duine i ndaonra an Chontae. | 920 | 1376 |
| Fhaichí Imeartha Uile-Aimsire Thuama | An líon uaire an chloig atá ar fáil saor in aisce in aghaidh na seachtaine. | 40 uair an chloig | 40 |
| Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma | An líon daoine a thug cuairt ar Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma. | 2,400 | >1,000 |
| **Cuspóir 3** | **Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2016** | **Toradh** |
| Seirbhísí do Chustaiméirí | Admháil a thabhairt ar gach comhfhreagras (litreacha, facsanna, teachtaireachtaí ríomhphoist)<br>Féachaint le freagra a thabhairt ar gach comhfhreagras (litreacha, facsanna, teachtaireachtaí ríomhphoist)<br>An líon gearán a dtacaíonn Oifig an Ombudsman leo | Laistigh de 5 lá oibre<br>Laistigh de 15 lá oibre nó níos lú<br>Níos lú ná 5 lá oibre<br>8000 | 93%<br>90%<br>3<br>9437 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | An líon leantóirí ar Twitter@GalwayCoCo<br><br>An líon 'Is Maith Liom' ar Facebook (Contae na Gaillimhe)<br><br>Ráta comhsheasmhach freagartha glaonna ar 091-509000 (an phríomhuimhir) a choimeád ar bun ar fud an lae oibre. | 3500<br><br>Cloí le ráta 90% de ghlaonna a fhreagairt laistigh de thréimhse is lú ná 25 shoicind | 3789<br><br>As measc >26,000 glao a fuarthas, freagraíodh os cionn 95% díobh laistigh de thréimhse is lú ná 25 shoicind |
| Sábháilteacht Uisce - an tSeirbhís Gardaí Tarrthála ar Thránna | An líon áiteanna snámha inar soláthraíodh Seirbhís Gardaí Tarrthála ar Thránna le linn Shéasúr an tSamhraidh<br><br>An líon iomlán uaire an chloig a chaith Gardaí Tarrthála ar Shuímh Chontae le linn Shéasúr 2016.<br><br>Tuairisciú Ar Líne faoi Iniúchtaí ag suímh ainmnithe Baoithe Fáinne an Údaráis Áitiúil | 10<br><br>5,500 uair an chloig<br><br>85% a úsáideann iniúchadh ar líne faoi dheireadh R3 | 10<br><br>6,409 uair an chloig<br><br>Iniúchtaí láimhe a dhéanamh ar gach trá a mbíonn garda tarrthála ar dualgas ann |
| Ceadúnais Chorrthrádála | An céatadán de na hiarratais ar Cheadúnas Corrthrádála agus de na Ceadúnais Scannánaíochta a phróiseáiltear laistigh de 15 lá oibre | 100% | 100% |
| **Cuspóir 4** | **Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn, agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin, agus aitheantas a thabhairt dá ról uathúil i dtaca le héagsúlacht chultúir ár gContae.** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2016** | **Toradh** |
| An Ghaeilge & an Cultúr a ghabhann léi a chur chun cinn. | An líon gearán ar thacaigh an Coimisinéir Teanga leo<br><br>An líon Scoláireachtaí a dámhadh do Choláistí Samhraidh Gaeltachta | Níos lú ná 3 cinn<br><br>15 | Níos lú ná 3 cinn<br><br>15 |

| **Cuspóir 5** | **Rochtain uilechoiteann ar spásanna agus ar thaitneamhachtaí poiblí a chur chun cinn agus a fheabhsú agus rochtain chomhionann ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí a chothú** | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2016** | **Toradh** |
| Rochtain | An líon gearán ar tacaíodh leo faoin Acht um Míchumas 2005 | 0 | 0 |

| SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimse seirbhíse** | **Soláthar seirbhíse éifeachtaí leabharlainne poiblí a chinntiú i gContae na Gaillimhe agus an leabharlann a neartú agus a leathnú sa phobal áitiúil** | | |
| **Cuspóirí** | • **Leabharlann a bheith inrochtana agus fáilteach agus croíúlacht a bheith ag baint leo** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2016** | **Toradh** |
| Feasacht ar an tSeirbhís Leabharlainne | A chinntiú go bhfuil gach pobal áitiúil ar an eolas faoina seirbhís leabharlainne áitiúil agus ar cad atá á thairiscint ag gach leabharlann ar leith. | 6 imeacht phoiblí i ngach leabharlann ar leith | Seoladh 6 Imeacht Phoiblí + i 10 mbrainse lánaimseartha agus i 7 mbrainse páirtaimseartha (20 uair an chloig+ sa tseachtain)<br><br>595,740 cuairt ar leabharlanna sa bhliain 2016. |
